www.gaelsceal.ie

Michael D. Higgins ar Jean-Claude Trichet

L. 12

An bhfuil tú ag dul go hOireachtas na Samhna?

L. 16



ISSN 2009-3055

€1.65 (£1.50)
Uimh. 31

Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

22.10.2010

5,000 gan dídean agus 33,000 teach úr folamh

Meadhbh Ní Eadhra agus Róisín Ní Éalaí

TÁ *Focus Ireland*, eagraíocht náisiúnta a oibríonn go crua ar son daoine gan dídean, ag fáiltiú roimh an tuairisc ar scáil-eastáit (*ghost estates*) a foilsíodh inné agus tá siad ag iarraidh go n-úsáidfear é chun déileáil le soláthar tithíochta poiblí.

Tá siad ag iarraidh freisin go n-aithneoidh an rialtas gur féidir na tithe folmha a úsáid le cuidiú leis an ngéarchéim thithíochta sa tír agus chun cabhair a thabhairt do na daoine ar fad gan dídean.

"Tá suas le 5,000 duine gan dídean in Éirinn agus tá 100,000 teaghlach ar liostaí agus iad ag fanacht ar thithíocht shóisialta," a deir urlabhraí ón eagraíocht. "Tá sé riachtanach go ngníomhóidh an rialtas go tapa ar an gceist seo mar nach bhfuil a ndóthain tithíocht á chur ar fáil chun deireadh a chur le heaspa dídine agus an gá a bheith ag codladh ar na sráideanna, rud a gheall an rialtas go bhfeabhsódh siad faoi dheireadh 2010."

De réir an tSuirbhé Náisiúnta ar Fhorbairt Tithíochta a foilsíodh inné, agus a réitigh an Roinn Comhsaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, tá os cionn 2,800 forbairt tithíochta ann ar tosaíodh tógáil iontu ach nach bhfuil an tógáil curtha i gcrích go fóill. Tá cead pleanála faighte ag 180,000 aonad tithíochta ach tá líon suntasach díobh atá folamh nó nach bhfuil críochnaithe go fóill. Ní hamháin sin ach tá 33,000 teach atá críochnaithe ach folamh, agus 10,000 teach atá nach mór críochnaithe, ach nach bhfuil éinne ina gcónaí iontu mar gheall ar mhionrudaí. Tá 10,000 teach eile ann atá ag céimeanna éagsúla den tógáil. Tá an tuairisc bunaithe ar an tréimhse idir mí Bealtaine agus mí Mheán Fómhair 2010.

Tá Focus Ireland anois ag iarraidh ar an rialtas saineolaí ar pholasaí tithíochta sóisialta a cheapadh ar an nGrúpa Ardleibhéil Saineolaithe Tithíochta atá á bhunú chun athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí na tuairisce. Chuir an eagraíocht béim ar an easpa pleanála a bhí i gceist agus na heastáit tithíochta á dtógáil, agus deir siad go bhfuil sé riachtanach nach ndéanfar na botúin chéanna arís sa todhchaí.

Ag seasamh leis féin

(PIC. MARK STEDMAN/PHOTOCALL IRELAND)

Brian Cowen ag labhairt leis na meáin faoi fhaisnéis Airgeadais a roinnt le páirtí polaitíochta eile, taobh amuigh de Thithe an Rialtais i rith na seachtaine. Tá sé dearbhaithe anois ag Eamon Gilmore agus ag Enda Kenny go bhfuil na hiarrachtaí chun chomhthuiscint a fháil leis an chomhrialtas maidir le cúrsaí eacamaíochta sna blianta amach anseo thart. Tá sé ar intinn ag Fine Gael plean ceithre bliana dá gcuid féin a chur chun cinn anois.

IDIRNÁISIÚNTA

Aghaidh Cheilte na Sile

Tomás Mac Síomóin

CEILEANN an ceiliúradh domhanda ar éalú drámatúil na mianadóirí a bhí adhlactha faoi thalamh dráma marfach eile atá ar siúl faoi láthair i bpríosúin i ndeisceart na tíre úd.

Baineann an dráma seo leis an leatrom atá á imirt ag Rialtas na Sile ar bhundúchasaigh na tíre. Tá grúpa acu seo, na *Mapuche*, ar stailc ocrais le 82 lá anuas, tréimhse a sháraíonn an fhaid ama a chaith na mianadóirí ina gcró faoi thalamh.

Tá cónaí ar na *Mapuche*, timpeall is 700,000 acu, i gceantar fíorbhocht i ndeisceart na Sile. Tá a gcultúr is a dteanga féin, *Mapudungun*, acu a dhealaíonn iad amach ó phobail eile na tíre. Is beag aird atá ag údaráis na Sile ar a gcearta pobail.

Ar lean ar leathanach 5

DUP ag beartú deireadh a chur le maoiniú Gaelscoileanna

Anton Mac Cába

DÚIRT urlabhraí de chuid an DUP go mbeadh "cead" ag tuismitheoirí a bpáistí a chur chuig scoileanna Gaeilge faoi mholtaí úra Peter Robinson - ach ní bhfaigheadh na scoileanna maoiniú ón stát.

"Bheadh córas stáit amháin ann, a bheadh maoinithe," arsa an t-urlabhraí. "Bheadh sin ar fáil ag an uile dhuine. Nó bheadh cead acu dul a mbealach féin."

Glacann an DUP leis an reachtaíocht Eorpach, a thugann an cead sin do thuismitheoirí. Cheana, tá scoileanna ag an Eaglais Shaor-Phreispitéireach. Diúltaíonn siad airgeadh ar bith a ghlacadh ón rialtas, ar bhonn prionsabail.

Dar leis an DUP gurb é an cheist ná: an bhfuil na hacmhainní ann? "An dtig linn ceithre nó cúig earnáil dhifriúla a mhaoiniú," arsa an t-urlabhraí. "Bíodh is go bhfuil critéir dhifriúla ag cuid acu, ná mar atá ag cuid eile, le go mbunófaí scoileanna. An fiú billiún punt sa bhliain a dhíol as seo?"

Glacann an DUP leis go bhfuil cead ag eaglaisí scoileanna bheith acu: "Ach an gcaithfidh an stát díol astu?"

Tá ceithre earnáil anois sa scolaíocht ó thuaidh. "Go teoiriciúil, is féidir níos mó bheith ann," arsa an t-urlabhraí.

"Má shocraíonn grúpa ar scoileanna Albainise Uladh a chur ar bun - cad chuige nach mbunófaí earnáil dóibhsean?"

Ar ndóigh, ní féidir moltaí an DUP a chur i bhfeidhm muna nglacann an Feidhmeannas leo.

Tá an scéal iomlán faoi ráiteas Peter Robinson i leith scoileanna an Tuaiscirt le léamh ar l. 4

RÉIGIÚNACH 8
TUAIRIMÍ 12
CÚRSAI SAOIL 16
GNÓ 18
COMHSHAOL 20
BEATHA 22
OIDEACHAS 26
I measc an phobail 28
SPÓRT 29

1 NUACHT NÁISIÚNTA

"Maorlathas na Bruiséile á bhrú ar ghnólachtaí beaga" - Jim Curran, ISME

Moltaí maidir le saoire mháithreachais san AE á bplé sa Bhruiséil

Meadhbh Ní Eadhra

TÁ Jim Curran ó Chomhlachas Ghnóthas Beag agus Meánmhéide na hÉireann (ISME) ag maíomh go bhfuil na moltaí úra atá á gcur chun tosaigh ag Parlaimint na hEorpa maidir le saoire mháithreachais, chun "tionchar diúltach" a bheith acu ar ghnólachtaí.

"Níl iontas orm faoin na moltaí seo atá á dhéanamh ag an gCoimisiún Eorpach agus ag an bParlaimint," ar sé. "Tagann na moltaí ón mBruiséil agus níl ann ach maorlathas na Bruiséile ag imirt tionchar orainn agus ag cur brú orainn gan chúis."

Vótáil Parlaimint na hEorpa De Céadaoin ar mholtaí chun Treoir Shaoire Mháithreachais 1992 a leasú. Ag an tús, bhí Coimisiún na hEorpa ag moladh an tréimhse shaoire mháithreachais a mhéadú ó 14 seachtain go 18 seachtain. Bhí siad ag moladh freisin go n-íocfar an tuarastal iomlán leis na mná le linn na tréimhse sin. Anois tá Parlaimint na hEorpa ag iarraidh láníocaíocht a thabhairt do na mná le haghaidh 20 seachtain den tsaoire mháithreachais, agus dhá sheachtain de shaoire athartha (paternal leave) láníoctha a thabhairt isteach freisin.

Tá an tAire Comhionannais Mary White i ndiaidh a rá go ndéanfaidh an rialtas a dhícheall chun saoire mháithreachais do mhná na hÉireann a fheabhsú. D'fhéadfadh na moltaí nua costas breise de €300 milliún a chur ar an Státchiste, ach tá Jim Curran den tuairim nach iad an rialtas a bheadh ag íoc, ach gnólachtaí agus comhlachtaí beaga ar fud na hÉireann, rud nach féidir leo a dhéanamh.

"Sílim gurb í seo an chéad chéim i bpróiseas fada," ar sé. "Má thagann na moltaí seo i bhfeidhm, níl sé luaite ná sonraithe cé a bheidh ag íoc an t-airgead breise. Mo bharúil ar an scéal ná gur gnólachtaí agus comhlachtaí beaga a bheidh thíos leis an ualach mar is cinnte nach mbeidh sé de chumas ag an rialtas an t-airgead breise a íoc. Faoi láthair, tá saoire mháithreachais mhaith de 26 seachtain againn in Éirinn, ach ní gá d'fhostóirí an tuarastal iomlán a íoc leis na mná. Bheadh sin dodhéanta."

Deir an tUasal Curran go bhfuil na téarmaí a bhaineann le saoire mháithreachais in Éirinn níos fearr ná mar atá ina lán tíortha eile, agus nach bhfuil éinne ag brú chun iad a athrú, seachas lucht an Aontais Eorpaigh sa Bhruiséil.

An chéad chéim eile sa phróiseas seo ná do Chomhairle na nAirí (a dhéanann ionadaíocht ar 27 ballstát) cinneadh a dhéanamh maidir le tairiscint an Choimisiúin.

"Is tosaíocht iad cearta máithreacha do Choimisiún na hEorpa," a deir Viviane Reading, Leas-Uachtarán ar an gCoimisiún agus Coimisinéir na hEorpa um Chearta Bunúsacha agus Saoránachta. "Má táimid le dul i dtreo cothromaíocht inscne san ionad oibre, caithfimid an chothromaíocht cheart a aimsiú idir cearta bunúsacha do mháithreacha agus na fadhbanna eacnamaíochta atá os comhair go leor gnónna san AE."

Maidir le vóta na Parlaiminte, deir sé gur vóta "uaillmhianach" a bhí ann.

"Ní bheidh sé éasca teacht ar réiteach leis an gComhairle sa todhchaí mar gheall air seo," ar sé. "Tá Coimisiún na hEorpa réidh le cuidiú leis an gComhairle agus leis an bParlaimint aontú ar an dTreoir seo."

Dar leis, ba cheart don Treoir seo córas nua-aimseartha maidir le saoire thuismitheoirí a leagan amach, ionas go mbeidh freagrachtaí ar aithreacha chomh maith le máithreacha.

Is i mí Dheireadh Fómhair 2008 a mhol an Coimisiún an reachtaíocht reatha (Treoir 92) a leasú, mar chuid den phacáiste "cothromaíocht oibre-saoil", atá bunaithe ar an gCoinbhinsiún Cosanta Máithreachais a reáchtáil an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (ILO) in 2000.

Má théann an dréachtreachtaíocht seo ar aghaidh agus má ghlactar leis, beidh bunrialacha i bhfeidhm trasna an AE ar fad. Ar ndóigh bheadh sé de cheart ag ballstáit rialacha nó reachtaíocht atá níos fabhraí d'oibrithe ná an reachtaíocht nua, a choinneáil.

Ní hé Jim Curran agus ISME an t-aon dream atá míshásta leis na moltaí nua. Bhí 50 ceannaire gnó i láthair ag Parlaimint na hEorpa inné agus iad i mbun agóide. Tá Comhlachas Tráchtála na Breataine ag maíomh go gcosnóidh na tairiscintí seo £2.5 billiún breise in aghaidh na bliana orthu. Faoi láthair ní gá d'fhostóirí sa Bhreatain ach sé seachtaine de shaoire mháithreachais a íoc, ag ráta 90% de ghnáth-thuarastal iomlán na mban. Ansin faigheann na mná 33 seachtain bhreise ar phá reachtúil a bhfuil na cáiníocóirí ag íoc as, de £124.88 sa tseachtain.

Siar ag deireadh mhí na Samhna 2006, d'fhógair an tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ag an am, an tAire Seamus Brennan TD, go mbeadh rialtas na hÉireann ag caitheamh €27 milliún chun síneadh breise a thabhairt do theidlíochtaí saoire mháithreachais (íoctha agus gan a bheith íoctha), ó 22 seachtain go 26 seachtain, ó 1 Márta 2007. Ag an am, dúradar go mbeadh 43,000 bean i dteideal an síneadh breise seo a fháil. Roimh 2007, bhí 22 seachtain de shaoire mháithreachais íoctha ann, leis an rogha 12 seachtain bhreise de shaoire neamhíoctha a fháil.

Ó 2007 ar aghaidh, 26 seachtain de shaoire íoctha a bhí ann agus an rogha 16 seachtain bhreise a fháil gan íocaíocht faoin Straitéis Náisiúnta um Chúram Leanaí 2006-2010. Ó 2000 go 2006, tháinig méadú ar an maoiniú iomlán do shaoire mháithreachais íoctha ó €58 go €175. Ní raibh ach saoire mháithreachais de 14 seachtain ann deich mbliana ó shin in Éirinn, rud a léiríonn an dul chun cinn ollmhór atá déanta ó shin.

Droch-nuacht don earnáil poiblí ó thuaidh

Anton Mac Cába

D'FHÓGAIR Státchisteoir na Breataine, George Osborne, droch-nuacht amach is amach don Tuaisceart san Athbhreithniú ar an Chaiteachas Poiblí

Dar le PricewaterhouseCooper, tá 20,000 post san earnáil phoiblí ó thuaidh faoi bhagairt. Tá sin ina bhuille, nó is san earnáil sin atá 30.5% d'iomlán na bpostanna (de réir an Státchiste). De bharr na bpostanna a chaillfear san earnáil phoiblí, caillfear 16,000 post eile san earnáil phríobháideach. Tá an baol ann go bhfágfaidh sin an dífhostaíocht ar ais ar an leibhéal mar a bhí sna 80í. Tá £7 mbilliún (€7.96 billiún) le ciorrú ón mbuiséad leasa shóisialaigh. Cuirfear teorainneacha ama ar an teideal atá ag daoine atá ar liúntaisí neamhábaltachta. Tá 97,000 i muinín na liúntaisí sin sa Tuaisceart. Is ionann sin agus 8.8% díobh siúd atá in aois fostaíochta.

Níor fhógair Osborne ach scéal maith amháin don Tuaisceart. Cuideofar le daoine a chuir airgead i dtaisce leis an *Presbyterian Mutual Society*. Theip air sin dhá bhliain ó shin. Tá £25 milliún (€28,456,271.81) le tabhairt don chumann, chomh maith le hiasacht £175 milliún (€199,200,057.92). Tá súil go socróidh sin cás na gcliant.

Is léir go bhfuil impleachtaí breise ann don Tuaisceart. Inniu (Dé hAoine) tá an Feidhmeannas ag teacht le chéile chun iad a phlé.

Díoma in Oileán Thoraí

Róisín Ní Éalaí

TÁ muintir Oileán Thoraí, amuigh ó chósta Thuaisceart na hÉireann, ar buile an tseachtain seo. Dúradh leo ar an Déardaoin an 14 Deireadh Fómhair, nach mbeidh an t-aerstráice a raibh siad ag súil leis agus a thug siad go cruinniú poiblí in 1974 ag teacht ar an bhfód tar éis an tsaoil.

Níl ach bóthar amháin ag muintir an oileáin amuigh ar an Mhuir Atlantach, bóthar atá go dona dar le Rí Oileán Thoraí, Patsy Dan Mac Ruaidhrí.

"Tháinig scéala go dtí an tOileán ó Dinny McGinley nach bhfuil Pat Carey chun an t-aerstráice a thabhairt dúinn i ndiaidh 35 bliain d'obair", a dúirt sé.

Chuir an Teachta Dála Denis McGinley an cheist trí Dháil Éireann agus d'inis an tAire Pat Carey dó tráthnóna Déardaoin seo caite nach raibh siad chun an t-aerstráice a fháil ar an oileán agus is léir ón méid a bhí le rá ag an Uasal Mac Ruaidhrí gur buille trom é seo do mhuintir Oileán Thoraí agus tá sé ag cur an mhilleáin ar an Aire Éamon Ó Cuív.

"Táimid iontach brónach ar fad faoi, is buille millteanach é do Thoraí i ndiaidh 35 bliain d'obair. Níl muid ag fáil an aerstráice agus is nuacht an-olc ar fad ó Phat Carey é agus tá muid ag fágáil an lucht ar fad ar Éamon Ó Cuív mar gheall gur gheall seisean go mbeadh an t-aerstráice againn."

"Bhí gach rud socraithe, bhí sé réidh le theacht agus leis an obair a thoiseacht, tá daoine i bpostanna san Údarás, sa Ghaeltacht agus sa Chomhairle Chontae agus níl siad in ann dada a dhéanamh dúinn!

Níl an tÚdarás in ann dada a dhéanamh d'oileán Gaeltachta, níl an tAire Gaeltachta in ann dada a dhéanamh d'oileán Gaeltachta agus níl an Chomhairle Chontae in ann dada a dhéanamh d'oileán Gaeltachta. Níl fhios againn cén fáth a bhfuil siad i bpostanna", a deir sé.

Gaelscéal

Ciarán Dunbar
Eagarthóir
ciaran.dunbar@gaelsceal.ie

Trevor Ó Clochartaigh
Bainisteoir Tionscadail
trevor.oclochartaigh@gaelsceal.ie

Treasa Bhreathnach
Soláthróir Ábhair
treasa.bhreathnach@gaelsceal.ie

Meadhbh Ní Eadhra
Soláthróir Ábhair
meadhbh.nieadhra@gaelsceal.ie

Gráinne McElwain
Soláthróir Ábhair Spóirt
grainne.mcelwain@gaelsceal.ie

Patricia Ní Chonghaile
Comhordaitheoir Táirgíochta
patricia.nichonghaile@gaelsceal.ie

Uimhir Oifige :
00353-91-897766
00353-91-536201
nuacht@gaelsceal.ie

Le cabhair ó:
Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

Tionscal tógála an Tuaiscirt i mbaol

Meadhbh Ní Eadhra

TÁTHAR ag maíomh go mbeidh tionscadail chaipitil i dTuaisceart na hÉireann buailte go dona ag ciorruithe sa bhuiséad. Tá an tionscal tógála sa Tuaisceart thíos leis cheana féin mar gheall ar an gcúlú eacnamaíochta ach tá imní ann anois go bhféadfadh an earnáil dul i léig níos mó fós mar thoradh ar na ciorruithe a fógraíodh san Athbhreithniú Caiteachais. Nochtadh an tseachtain seo go dtitfidh buiséad caiteachais chaipitil an fheidhmeannais le 40%.Tá níos mó ciorruithe ar thograí móra tógála ná mar a bhíodar ag súil.

Deir Príomh-Eacnamaí Bhanc Uladh, Richard Ramsay, go bhfuil rudaí ag breathnú go dona do thógáil maoinithe ag an rialtas.

Thug sé rabhadh go mbeadh tionchar ag na ciorruithe seo ar an eacnamaíocht ina hiomláine.

"Baineann an infheistíocht chaipitil leis an tionscal tógála ach go háirithe," ar sé. "Sin an infheistíocht san infreastruchtúr, áit a mbeidh ciorruithe de 40% thar na chéad cheithre bliana eile. Cúiseoidh sé sin damáiste mhór don eacnamaíocht agus caillteanas post san earnáil tógála amach anseo."

Deir Príomhfheidhmeannach Chónaidhm na bhFostóirí Tógála (*Construction Employers' Federation*), John Armstrong, gur cheart don fheidhmeannas gníomhú go soiléir agus go cinntitheach maidir leis seo, mar gheall ar an nasc idir an tionscal tógála agus an eacnamaíocht níos leithne i dTuaisceart na hÉireann. Deir sé freisin gur cheart a bheith ag díriú ar an earnáil phríobháideach a fhás agus a fhorbairt mar gur ansin a chothófar maoin.

Seansailéir an Státchiste, George Osborne

"Ar cheann de na bealaí gur féidir é sin a dhéanamh ná infheistiú san infreastruchtúr: sna scoileanna, sna hospidéil, sa chóras iompair, sa chóras uisce agus i dtithíocht shóisialta," ar sé.

Dar leis gur chuir gach £1 a caitheadh ar chúrsaí tógála £2.84 ar fáil don eacnamaíocht.

"Is gá don fheidhmeannas cinntí a ghlacadh nach dtaitneoidh leis an bpobal, b'fhéidir, cosúil le táillí uisce agus sócmhainní a dhíol, chun an t-ioncam a ardú," ar sé.

Leanann na ciorruithe seo i gclár tógála an fheidhmeannais maolú suntasach a bhí ann cheana féin san earnáil tógála mar gheall ar na drochchúinsí eacnamaíochta. Deir an Chónaidhm go bhfuil 21,000 duine i ndiaidh a bpost a chailleadh i rith an chúlú eacnamaíochta. Maíonn siad go bhfuil 13,000 acu seo ag fáil sochair go fóill.

In ainneoin na drochnuachta, creideann an tUasal Armstrong go bhfuil an ghloine "leathiomlán".

"Má dhéanann an feidhmeannas an beart soiléir agus cinntitheach seo agus má tharraingíonn siad le chéile, seans go mbeidh rudaí níos dearfaí ná mar a cheapann muid," ar sé.

Tá an Roinn Airgeadais ag tuar go mbeidh £4 bhilliún gearrtha as an mbuiséad thar thréimhse cheithre bliana. D'fhéadfaí 20,000 post a chailleadh san earnáil phoiblí dá thoradh sin agus freisin bheadh airgead agus poist á dtógáil ón earnáil phríobháideach.

Léirsiú beartaithe

Beidh ceardchumannaigh as achan chearn den Tuaisceart ag léirsiú i mBéal Feirste Dé Sathairn. Beidh siad ag siúl ón gColáiste Ealaíon go dtí Halla na Cathrach, ag toiseacht ag 12.30. Dúirt Peter Bunting, LeasArd-Rúnaí Chomhdháil na gCeardchumann, go raibh seo ag cur teachtaireachta chuig an bhFeidhmeannas, agus chuig rialtas na Breataine: "Tig linn stop a chur leis na ciorruithe má stadaimid de bheith ag creidiúint finnscéalta. Tig linn stop a chur leis na ciorruithe má seasaimid le chéile thar gach earnáil den saol, ní amháin anseo ach sa Bhreatain Bheag, in Albain agus i Sasana."

Cé chomh hÉireannach is atá tú?

www.howirishareyou.com

Treasa Bhreathnach

TÁ feachtas tosaithe ag Cónaidhm na gCumann Éireannach (Federation of Irish Societies) lena chinntiú go bhfuil léiriú cruinn á thabhairt ar líon na nÉireannach agus ar líon na ndaoine de bhunadh na hÉireann atá ina gcónaí sa Bhreatain inniu.

Beidh daonáireamh i Sasana ar an 27 Márta 2011 agus is céim é seo chun dul i ngleic le heaspa ionadaíochta na nÉireannach sna figiúirí oifigiúla. Meastar go bhfuil timpeall sé mhilliún Éireannach nó duine de bhunadh na hÉireann ina gcónaí i Sasana inniu ach níl figiúr cruinn ar fáil den phobal seo. Is i ndaonáireamh 2001 a tugadh an rogha do dhaoine a mbunús Éireannach a léiriú den chéad uair, roimhe seo ní raibh an rogha ag daoine ach a n-áit bhreithe a thabhairt. Sa daonáireamh seo mhaígh 1.2% de Shasanaigh agus Breatnaigh go raibh sinsearacht Éireannach acu agus 0.98% de mhuintir na hAlban.

Is é Learpholl an chathair Shasanach leis an nasc is láidre le hÉirinn agus deirtear go bhfuil bunús na hÉireann ag an chuid is mó den phobal ansin. In Birmingham reáchtálann siad an pharáid Fhéile Pádraig is mó sa Ríocht Aontaithe agus meastar go bhfuil bunús na hÉireann ag timpeall 35% de phobal Mhanchain.

Tá tábhacht na nÉireannach i Sasana soiléir, agus a rian le feiceáil ar shráideanna, droichid agus bóithre na tíre, ach níl an tábhacht chéanna tugtha dóibh ag an rialtas. Is é seo an príomhfháth a bhfuil an feachtas seo seolta ag Cónaidhm na gCumann Éireannach .

Má rugadh duine sa Bhreatain agus má tá pas Sasanach acu is féidir leo tic a chur sa bhosca do náisiúnachas na Breataine, ach ní hé sin le rá nach féidir leo tic a chur sa bhosca d'eitneachas Éireannach chomh maith.

Tá roinnt fadbhanna comónta ag an bpobal Éireannach i Sasana, arbh fhéidir dul i ngleic leo i bhfad níos fearr le léiriú cruinn ar an méid daoine sa ngrúpa seo. Mar shampla, tá leibhéal níos airde ailse ag Éireannaigh sa Bhreatain ná mar atá ag aon ghrúpa eitneach eile i Sasana.

Tá géin ag duine as gach cúigear Éireannach i Sasana atá mar thoradh ar an ngalar ae (liver) haemochromatosis, agus faigheann Éireannaigh bás níos óige ná grúpaí eile eitneacha agus tá sé seo fíor sa tríú glúin fiú d'Éireannaigh ina gcónaí i Sasana. Is de bharr gá a dháileann rialtais buiséid agus dá bharr síleann Cónaidhm na gCumann Éireannach go bhfuil tábhacht thar cuimse leis go gcuireann gach duine ar de bhunadh na hÉireann é nó í tic sa bhosca.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 22 Deireadh Fómhair, 2010

"Benign apartheid" sna scoileanna: Robinson

Anton Mac Cába

IN óráid a thug sé an tseachtain seo caite, thug Céad-Aire an Tuaiscirt, Peter Robinson, "*benign apartheid*" ar an chóras scolaíochta sa Tuaisceart.

Cé nach raibh sé in éadan scoileanna bheith ag eaglaisí, bhí sé in éadan maoiniú ón stát don chineál sin scoile.

Bhí sé ag labhairt le Comhairle an Chaisleáin Riabhaigh nuair a dúirt. Bhí sé ag labhairt le lucht éisteachta a bhain lena pháirtí féin, Páirtí Daonlathach Uladh (DUP). Is leis an DUP 13 den 23 suíochán ar an Chomhairle.

Bhí, ar ndóigh, conspóid ann. Chuir idir an Eaglais Chaitliceach agus pholaiteoirí náisiúnacha ina éadan. Go fiú Páirtí Aontachtach Uladh (UUP), ní raibh siad ar aon intinn leis. Dúirt Basil McCrea, urlabhraí oideachais an UUP, go raibh sé in amhras faoin rud a spreag Robinson: "Roimh an athbhreithniú cuimsitheach ar an chaiteachas, agus roimh thoghchán, tá ceannlínte úsáideach ag páirtí ar bith, ach ní thig leo difear a dhéanamh iad féin," arsa McCrea.

Tá cúlra polaitiúil leis seo. Tá Robinson ina Chéad-Aire ar an Fheidhmeannas in am ag a bhfuil ciorruithe dá ndéanamh. Ní ar a aimhleas atá conspóid faoi cheisteanna eile.

Léirigh suirbhéanna tuairimí thar na blianta go dtugann an pobal ó thuaidh tacaíocht do phrionsabal an oideachais chomhtháite.

Níl sé chomh simplí sin é a chur i bhfeidhm áfach.

Ó thuaidh, tá scoileanna rialaithe ann, gur leis an stát iad mar gur Protastúnaigh tromlach na ndaltaí; agus scoileanna faoi chothabháil, mar gur Caitlicigh iad mór-thromlach na ndaltaí.

Níl muinín ag pobal Caitliceach an Tuaiscirt as an Stát. Léirigh suirbhé a rinneadh le déanaí nár chaomhnú creidimh an ghné ba thábhachtaí a cheangail scoláirí leis na scoileanna. Dar leo gur cur chun cinn spóirt Ghaelaigh, cultúir agus teangan ba thábhachtaí. Fuair an dearcadh seo tacaíocht ó fhoinse nach mbeifeá ag dúil leis: an tAire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, Nelson McCausland ón DUP. Dúirt McCausland: "Páistí a thagann as an earnáil Chaitliceach Rómhánach nó Ghaeilge, tagann siad as le braistint láidir féiniúlachta..."

Tá Peter Robinson anois ag léiriú tacaíochta do chóras scolaíochta amháin ó thuaidh, tá naimhdeas léirithe ag a bhean chéile don oideachas chomhtháite áfach.

Bíonn siombailí Briotanacha in go leor de na scoileanna: an bhratach, pictiúir den Bhanríon agus mar sin de.

Bhí an Gaeilgeoir Gordon McCoy ar Down High, scoil gramadaí rialaithe i nDún Pádraig. Dar leis nach raibh meon Protastúnach ar an scoil, nó tá oiread sin saghsanna Protastúnach ann: "Bhí meon Briotanach ann.

Rinneamar rud beag de stair na hÉireann sa chéad trí bliana, ansin rinneamar stair na Breataine agus na cruinne. Bhí an litríocht iontach Briotanach. Chothaigh sé meon ionam go raibh mé '*offshore*'."

Níl taithí Gordon iomlán fíor faoi gach scoil rialaithe. Tá cuid acu a chuireann béim láidir ar stair agus litríocht Bhéarla na hÉireann; mar shampla, *Omagh Academy*.

Caithfear a rá fosta go bhfuil fadhbanna le stádas na Gaeilge in go leor scoileanna faoi chothabháil, mar a thugtar ar na scoileanna Caitliceacha. Tá roinnt acu nach ndéanann í a theagasc.

Níl Gaeilge ach i dtrí scoil rialaithe. Is iad sin *Belfast Royal Academy*, *Friends* i Lios na gCearrbhach, agus an *Royal School* in Ard Mhacha. Tá sin ann ar bhonn deonach, taobh amuigh d'uaireanta scoile. Tá mana Gaeilge 'Lámh foisdineach an uachtar' ag Scoil Ghramadaí *Sullivan Upper* in Ard Mhic Nasca.

Tá na cluichí Gaelacha, go háirithe an pheil, mar chuid dá bhféiniúlacht ag tromlach aos óg Caitliceach an Tuaiscirt. Sin de bharr éachtaí fhoirne an Tuaiscirt le scór bliain anuas: an Dún, Doire, Ard Mhacha agus Tír Eoghain.

Níl spórt Gaelach ach i scoil rialaithe amháin, *Ashfield Boys* in oirthear Bhéal Feirste. Tá foireann iomána ansin, i gcomhpháirt le scoil Chaitliceach. Chothaigh cluichí Gaelacha conspóid i scoil eile. Tá Scoil Ghramadaí Léim a' Mhadaidh rialaithe, ach neart Caitliceach ann. Socraíodh go mbeadh traenáil don pheil Ghaelach ann i ndiaidh am scoile. Bhí ionadaithe ó Chumann Lúthchleas Gael le teacht isteach chun é a dhéanamh. Chuir údaráis na scoile ar ceal é. Dúirt siad go raibh gearáin ó mhúinteoirí agus tuismitheoirí.

Tá scór meánscoil chomhtháite ann. Imríonn thart ar leath-dhosaen acu peil Ghaelach sna comórtais do scoileanna. Tá ceisteanna faoi cé chomh comhtháite atá cuid de na scoileanna comhtháite, idir mheánscoileanna agus bhunscoileanna. Ba scoileanna rialaithe iad a bhí faoi bhagairt druidte.

Bhí roinnt daltaí Caitliceacha iontu. Mar sin, d'imir siad cleas. D'fhostaigh siad múinteoir Caitliceach don teagasc Críostaí, agus thug scoileanna comhtháite orthu féin.

Borradh faoi ionsaithe pionóis i nDoire

Danny Brown

TÁ borradh mór faoin mhéid ionsaithe pionóis i nDoire le tamall anuas agus glactar leis gur easaontóirí poblachtacha atá taobh thiar den bhorradh sin.

Scaoileadh fear óg sa dá chois oíche Mháirt na seachtaine seo i gceantar Ard an Chairn sa chathair agus fágadh Gary McGuinness go dona tinn san otharlann i ndiaidh don ghrúpa *Republican Action Against Drugs* (RAAD) é a scaoileadh i ngairdín a thí ag Slievemore Park i gceantar Seantalaimh sa chathair oíche Dhomhnaigh seo a chuaigh thart.

Tá eagla ar chlann McGuinness nach siúlfaidh sé arís, nó nach mbeidh sé ábalta an chos dheis a úsáid níos mó.

Dúirt deartháir leis nach dtuigeann siad cad chuige ar ionsaíodh Gary mar nach raibh baint ar bith aige le drugaí.

Cáineadh na hionsaithe go forleathan ag ionadaithe na bpáirtithe polaitíochta sa chathair ach deir an PSNI i nDoire nach féidir leo mórán a dhéanamh fúthu muna bhfuil daoine sa phobal sásta an t-eolas a thabhairt dóibh ar cé atá freagrach astu.

Cé nach bhfuil fianaise ar bith ann go díreach gurb ionann RAAD agus an fíor-IRA, tá sé soiléir go bhfuil an grúpa easaontach sin iontach gníomhach le tamall anuas agus bheadh sé le céill dá mbeadh baint acu leis na hionsaithe pionóis seo.

Nuair a bhí an IRA Sealadach i mbun oibre sna ceantair chéanna, bhíodh go leor ionsaithe den chineál seo ann go minic agus, cé gur cháin na páirtithe polaitíochta iad, bhí méid áirithe tacaíochta dóibh sna pobail náisiúnacha.

Chonaic daoine pobail eile sa tír seo agus thar lear a bhí cosúil lena bpobal féin agus iad scriosta ag drugaí ar nós hearóine agus cócaoin. Chreid siad nach raibh na fadhbanna sin ina bpobal féin cionn is go raibh na fórsaí paraimíleatacha ag déileáil leo.

Sin an lucht tacaíochta atá á lorg ag RIRA agus na grúpaí eile atá sásta coinneáil leis an fhoréigean.

Agus sin an fáth go gcreideann daoine nach bhfuil an t-ionsaí deireanach den chineál seo feicthe againn.

Protastúnaigh ag freastal ar scoileanna Caitliceacha

Anton Mac Cába

GNÉ de thaithí an tuaiscirt nach dtugtar aird air ná na Protastúnaigh a théann chuig scoileanna Caitliceacha.

B'é an duine ba chlúití orthu ná James Molyneaux, iar-cheannaire Pháirtí Aontachtaigh Ulaidh. Fuair seisean a chuid oideachais ar bhunscoil Caitliceach lámh leis an Gharrán Fearnóige i ndeisceart Aontroma.

Is Protastúnaigh iad tromlach na ndaltaí ar mheánscoil Caitliceach amháin, Coláiste Naomh Cholumban i mBeannchar i gCo, an Dúin. Tá 299 Protastúnach agus 244 Caitliceach ann. Leis, is Protastúnaigh iad tromlach na ndaltaí ar cheann den dá bhunscoil Chaitliceach ar an bhaile. I measc na dtuismitheoirí a chuireann a gcuid páistí chuig na scoileanna seo, tá paramílítigh sinsearacha dílseacha. "Is scoileanna maithe iad, tá siad níos fearr ná na scoileanna eile ar an bhaile," a mhínigh fear ar an bhaile. Tá An Coláiste Doiminiceach i bPort Stíobhaird, Co Doire, measctha chomh maith. Tá 235 dalta Protastúnach agus 249 dalta Caitliceach ann.

Tá Scoil Gramadaí Naoimh Lughaidh ar an Chill Caol, baile go bhfuil cáil an Phrotastúnachais air. Bhí mná rialta ina bhun go dtí na 90idí. Bíonn i gcónaí triúr nó ceathrar Protastúnach i ngach bliain.

Bhain iar-scoláire amháin cáil amach dí féin sna 80í. B'shin Ethel Smith, comhairleoir de chuid an DUP. Bhí sí gnóthach ag éirí mórshiúlta dílseacha a chur trí ceantair Caitliceacha. Nuair a cuireadh ceist orthu, dúirt na mná rialta gur cailín deas, múinte a bhí inti.

Buaiteoir an Chomortáis

Comórtas an Oireachtas
Chéad Duais
Gearóid Ó Dubhghaill,
Indreabhan
Co na Gaillimhe.

Dara Duais
Sarah Beth Moylan,
Aird Mhóir
Co na Gaillimhe.

Tríú Duais
Bernadette Uí Mhurchú,
Cill Da Lua
Co an Chláir.

Comórtais an Gum
Brian Thornton, Co na Mí
agus
Seán Micheál
O'Donnchadha, Co Chiarraí

Gaelscéal

Aghaidh Cheilte na Sile

Ar lean ó leathanach a haon

Is beag aird atá tugtha go dtí seo ag an rialtas céanna ná ag meáin chumarsáide na Sile ar scéal léanmhar na stailce ocrais seo.

Is toradh é agóid seo na *Mapuche* ar an gcaoi ar baineadh a dtailte uathu le neart arm sa 19ú céad nuair a bhí an stát Sileach á chruthú. De thoradh na gabhála seo, níl fágtha ag na Mapuche ach 5% dá dtailte dúchasacha. Ach tá an stát Sileach beag beann ar úinéireacht na *Mapuche* ar an 5% féin. Mar sin tá scéimeanna foraoiseachta agus hidrileictreacha á dtionscnamh ag rialtas na Sile ar na tailte seo maille le dúshaothrú ar na hacmhainní nádúrtha atá ar fáil iontu. Agus nuair a chuireann na *Mapuche* in aghaidh robáil seo a dtailte is a n-acmhainní féin, maille leis an dochar atá á dhéanamh dá bpobail is dá gcultúr, cuirtear gníomhartha coiriúla ina leith. Le blianta beaga anuas, cuireadh buíon nach beag de na "sceimhlitheoirí" *Mapuche* seo i bpríosún. Tá tagairt déanta ag na Náisiúin Aontaithe féin ar an sárú soiléir seo ar chearta daonna.

Le haird a tharraingt ar an éagóir atá á déanamh ar a muintir, chuir 34 cime *Mapuche* atá i bpríosúin i ndeisceart na Sile tús le stailc ocrais 82 lá ó shin. Chomh maith le bheith ina gníomh in aghaidh pholasaí an stáit i leith a dtailte, is agóid í an stailc ocrais seo in aghaidh úsáid an fhoréigin ag gníomhairí an stáit. Fágann an foréigean céanna baill den phobal *Mapuche* - seandaoine, mná agus páistí san áireamh - sínte marbh nó gortaithe go dona.

Ach, ar dtús, in áit cainteanna leis na stailceoirí a thionscnamh, d'ordaigh an rialtas Sileach go mbeathófaí go foréigneach iad. An freasúra parlamainte féin, tá sé leagtha síos mar réamhchoinníoll aige go n-éireodh na cimí as an stailc ocrais sula gcuirfí tús le cainteanna. Ní thagraíonn na nuachtáin is mó díol sa tSile don stailc, a bheag ná a mhór. Le le go gcuirfeadh an easpa poiblíochta lagmheanmna ar na stailceoirí, meastar.

Tar éis 50 lá den stailc ocrais seo, agus bás na stailceoirí á thuar, ghníomhaigh an rialtas. Rinne sé leasú ar an dlí frithsceimhlitheoireachta agus ar an dlí míleata. Shásaigh na leasuithe seo 23 stailceoir agus d'éiríodar as an agóid. Ach leanann an 11 eile leo ar chonair an ocrais. Dar leo siúd, áiríonn na leasuithe seo mar ghníomhartha sceimhlíteoireachta gníomhartha nach sceimhlitheoireacht iad. Anuas air sin, níl siad sásta leis an gcaoi gur cúirteanna míleata amháin atá cumasaithe le déileáil le líomhaintí an ghnáthphobail in aghaidh saighdiúirí. Fós féin, d'oscail na leasuithe dlíthiúla seo díospóireachtaí parlaiminte atá ag tarraingt airde ar deireadh thiar ar chás na *Mapuche* is bundúchasaigh eile a bhfuil satailt á déanamh ar a gcearta ag an stát Sileach.

Agus an bás á thuar, dúirt an rialtas go mbeadh sé páirteach sna cainteanna a theastaíonn ó na stailceoirí. Mhaígh an Eaglais Chaitliceach go mbeadh sí sásta idirghabháil a dhéanamh idir iad agus an rialtas. Ach cuireadh dóchas na stailceoirí ar ceal le cúpla lá anuas nuair a d'fhógair an Taoiseach, an t-ilmhilliúnaí Sebastian Piñera, go gcaithfeadh cibé dialóg a thionscnófaí a bheith teoranta ag an bPlean *Araucanía*. Tá an tosaíocht seo mar chuid de chlár oibre an rialtais, a bhuíochas le brú a tháinig ó lucht gnó agus gaimbíneachais.

Féachfaidh an Plean *Araucanía* le bochtanas an cheantair *Mapuche* a shárú trí infheistiú poiblí agus príobháideach a dhéanamh ann. Spreagfadh sé seo tionsclaíocht a thiocfaidh i dtír ar acmhainní nádúrtha an réigiúin seo a shuífí feasta sna margaí náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ach, a deir na *Mapuche*, ní hé an bochtanas an t-aon chnámh spairne atá idir iad agus an stát Sileach. Ní bheidh siad sásta le rud ar bith níos lú ná na tailte dúchasacha a goideadh uathu, maille leis na hacmhainní luachmhara atá iontu, a fháil ar ais faoina smacht arís. Agus gur fúthu féin amháin a bheas sé feasta cinní polaitiúla, eacnamaíocha agus cultúrtha a bhaineann leo féin a dhéanamh.

Anuas air sin, laghdaíodh dóchas na stailceoirí nuair a dhiúltaigh an rialtas glacadh le moltaí a rinneadh sa bparlaimint, agus plé á dhéanamh ar an dlí frithsceimhlitheireachta, a láidreodh cearta sibhialta a muintire. Feictear dóibh go ndúnann sé sin an doras ar aon phlé réadúil ar éilithe an phobail *Mapuche*.

I leaba é a chneasú, doimhníonn seasamh seo rialtas Piñera i leith na *Mapuche* an chréacht chiníoch seo in anam na Sile. Labhair José Saramago, an duaisbhuaiteoir Nobel a fuair bás le deireanas, ar an gcréacht chéanna cúpla bliain ó shin. "Fad is a aithíonn an tSile í féin mar náisiún-stát" a dúirt sé "agus gan aitheantas a thabhairt don éagsúlacht eitneach agus chultúrtha atá sa tír, ná do na cearta is cóir a bheith ag gabháil leo, coinneofar an chréacht seo oscailte."

Cibé poiblíocht dhearfach a d'éirigh le Sebastian Piñera a tharraingt as tarrtháil na mianadóirí, scaipfear é mar cheo na maidne má bhásaíonn oiread is duine amháin de na stailceoirí ocrais, den bhunadh *Mapuche*, i bpríosún Sileach.

Deireadh le Stailc Ocrais Náisiúnaí Chornaigh

Anton Mac Cába

CHUIR an náisiúnaí Cornach, Mike Chappell, deireadh le stailc ocrais 12 lá Dé Máirt, nuair a thnáith sé. Bhí Chappell ar an stailc ocrais i Resrudh. Tá sé in éadan pleananna le ceantar sa Chorn a chur isteach le toghcheantar Sasanach. Tá seo mar chuid den laghdú atá rialtas na Breataine a dhéanamh ar na toghcheantair sa Chorn.

Dúirt Chappell go bhfuair seasamh s'aige an-tacaíocht. "Bhí léirsiú an-mhór in éadan na moltaí, polaiteoirí d'achan saghas ann," ar seisean. "Bhí beagnach céad fán gcéad den phobal ina éadan."

Beart a chuireann fearg air ná go bhfuil an mean-tuarastal sa Chorn £100 (€113.57) níos lú ná meán na Ríochta Aontaithe. Dar leis go bhfuil sé riachtanach Tionól Cornach bheith ann, mar a gheall na Liobrálaigh Dhaonlathacha sula ndeachaigh siad isteach sa rialtas.

"Níos mó agus níos mó, mothaíonn daoine sa Chorn go bhfuil féiniúlacht Chornach acu," ar seisean. "Ní amháin daoine gur Cornaigh ó dhúchas iad, ach daoine a roghnaigh teacht anseo. Tá comharthaí dátheangacha bóthair againn. Tá níos mó daoine ag foghlaim Coirnise."

Le linn stailce ocrais s'aige, bhunaigh daoine sa Bhreatain Bheag leathanach Facebook chun tacú leis. Thug 700 tacaíocht dó ar an leathanach.

Post ar fáil i nGaelchultúr

Tá post ar fáil i nGaelchultúr do dhuine a bhfuil ardchaighdeán Gaeilge aige, idir labhartha agus scríofa, agus taithí ar an Ghaeilge a mhúineadh.

Na dualgais
- Cúrsaí teanga a phleanáil
- Pleananna ceachta agus acmhainní teagaisc a dhearadh do chineálacha éagsúla ranganna
- Gníomhaíochtaí a dhearadh don seomra ranga, do théacsleabhair agus do chúrsaí ar líne
- Cúrsaí ginearálta agus sainchúrsaí teanga a mhúineadh

Cáilíochtaí agus tréithe riachtanacha
- Bunchéim sa Ghaeilge nó a comhionann
- Taithí ar an Ghaeilge a mhúineadh
- Gaeilge den scoth, idir labhartha agus scríofa
- Scileanna maithe ríomhaireachta
- Scileanna maithe cumarsáide, idir labhartha agus scríofa
- Pearsantacht thaitneamhach, dhearfach
- Uaillmhian agus tiomantas

Cáilíocht inmhianaithe
Iarchéim sa Ghaeilge

Tuarastal
Ag brath ar cháilíochtaí agus ar thaithí

Iarratais
Ba cheart CV reatha agus litir iarratais a sheoladh chuig darren@gaelchultur.com.

Spriocdháta d'iarratais
5.00 p.m., Dé hAoine, 5 Samhain 2010

Gaelchultúr
www.gaelchultur.com
01 - 484 5220
Urraithe ag Foras na Gaeilge

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 22 Deireadh Fómhair, 2010

"Cosaint Nua ar Chearta an Duine"

Dearbhaile Flynn

AR an bhfichiú lá de Dheireadh Fómhair thug an Coinbhinsiún Eorpach straitéis nua isteach chun a chinntiú go gcloífear ar fud an Aontais Eorpaigh le Cairt na mBuncheart .

Tionscnaíodh an Chairt sa bhliain 2000, ach ní raibh ceangal dlí lena bhfuil ann go mí na Nollag 2009 nuair a tháinig Conradh Liospóin i bhfeidhm, agus creidtear nach raibh sí curtha i bhfeidhm go hiomlán go dtí seo. Is é cuspóir foriomlán na straitéise nua seo ná a chinntiú go gcothaíonn an tAontas Eorpach cultúr buncheart a nglacfar leis ar fud an Aontais.

As seo amach, faoi straitéis nua an Choimisiúin, ní mór do na Ballstáit cloí leis an gCairt agus dlí an Aontais Eorpaigh á chur chun feidhme acu. Mura gcloífeadh tír léi, bheadh an Coimisiún in ann caingean dlí a thógáil.

Beidh seicliosta caighdeánach ag lucht déanta beartais an Aontais Eorpaigh chun a chinntiú nach mbeidh píosa reachtaíochta ar bith ag cur as do chearta an duine.

Déanfar measúnú ar dhul chun cinn na straitéise agus an meas a bhíonn ag na tíortha ar an gCairt i dtuarascálacha bliantúla. Bunófar na tuarascálacha ar eolas ó na ENRanna, gníomhaireachtaí ceart, institiúidí AE, cúirteanna agus údaráis náisiúnta. Beidh an chéad tuarascáil ag teacht amach san earrach 2011.

Cuid eile den straitéis ná cabhair a thabhairt do ghnáthdhaoine a gcuid cearta a thuiscint níos fearr agus feasacht phoiblí a fheabhsú maidir leis na foinsí cabhrach atá ar fáil dóibh.

Mar chuid den tionscnamh sin beidh an suíomh idirlín nua - tairseach an 'r-Cheartais'- ag freastal ar dhaoine a mbeidh gearáin acu maidir lena gcearta faoi dhlí an Aontais Eorpaigh.

Feicfear amach anseo an tionchar a bheidh ag an straitéis nua ar dhlí na tíre seo, go háirithe ó thaobh cearta leanaí i gcomhthéacs an reifrinn bhunreachta a bhfuil súil leis.

€1.2 Billiún le Díscríobh ar Mhorgáistí san Íoslainn

Scott De Buitléir

MÁ éiríonn le plean atá á phlé faoi láthair idir rialtas na hÍoslainne agus *Hagsmunasamtök Heimilanna* (Cumann Cánachais na dTithe) beidh ISK 220 billiún (€1.4 billiún) de mhorgáistí díscríofa mar iarracht chun eacnamaíocht na hÍoslainne a shábháil.

Ag deireadh an tsamhraidh, ba é iomlán na morgáistí san Íoslainn ná ISK 1,230 billiún (€8 billiún) agus ba leis an HH thart ar leath (€4.7 bhilliún) den iomlán sin. Is leis na bainc ISK 320 billiún de mhorgáistí agus íoctar timpeall ISK184 billiún de sin as ciste pinsin an stáit. De réir nuachtán náisiúnta na hÍoslainne *Morgunblaðið*, má éiríonn le plean an HH, beidh 18% d'fhiachas na hÍoslainne díscríofa. Ar leibhéal pearsanta, mar shampla, chiallódh an plean go mbeadh laghdú ar mhorgáiste tipiciúil ó €614,000 go €504,000.

Cé go bhfuil an plean deartha ar mhaithe leis an ngnáthshaoránach, níl gach duine sásta leis an smaoineamh. Tá feisirí parlaiminte ar cheachtar taobh i gcoinne an phlean, maraon le heacnamaithe agus baincéirí. Is é freagra an HH ná go rachaidh an plean chun sochar na mbanc freisin go fadtéarmach, go háirithe nuair nach bhfuil ach 37% de mhorgáistí á n-aisíoc faoi láthair.

Agóid san Íoslainn

Bunaíodh *Hagsmunasamtök Heimilanna* in Eanáir 1999 agus cumhacht aige bannaí a bhronnadh ar dhaoine aonair, ar údaráis áitiúla, ar chomhlachtaí agus ar agus eagraíochtaí neamhrialtasacha ar son réadmhaoine príobháidí. Tá an plean fós á phlé faoi láthair ag an rialtas, i ndiaidh agóidí le 8,000 duine a tharla le déanaí i Réicivíc.

Blúiríní Idirnáisiúnta

Muintir na Fraince fós i mbun agóide
Bhí muintir na Fraince amuigh ar stailc agus i mbun agóide arís an tseachtain seo agus iad ag léiriú a mhíshástachta leis na leasuithe pinsin atá beartaithe ag an rialtas. Tá na leasuithe le bheith curtha os comhair an tSeanaid go luath agus beidh an vóta deiridh á chaitheamh maidir leis. Táthar ag iarraidh an aois ag a n-éiríonn daoine as a bpoist a ardú ó 60 go 62. Bhí ar a laghad milliún duine amuigh ar shráideanna na Fraince Dé Máirt i mbun agóide, agus iad ag glacadh páirte sna sé lá de stailceanna náisiúnta ó mhí an Mheithimh 2010.

Bainis do chúigear de mMhianadóirí na Sile
Tá cúigear den 33 mianadóir a bhí sáinithe faoin talamh sa tSile ar feadh beagnach 70 lá, le bainis eaglaise a bheith acu. I gcás cuid acu, tá sé fiche bliain ó phósadar ar dtús. Deir siad gur theastaigh uathu bainis a bheith acu san eaglais chun ceiliúradh a dhéanamh ar theacht slán ón tréimhse uafásach a chaith siad sna miana. Tháinig na mianadóirí le chéile go poiblí Dé Máirt. B'shin an chéad uair dóibh sin a dhéanamh ó sábháladh iad an tseachtain seo caite. Tá Claudio Yanez, duine de na mianadóirí, ag iarraidh a chailín, Cristina Nunez, a phósadh anois i ndiaidh dóibh deich mbliana a chaitheamh le chéile. Maidir le mianadóir eile, Esteban Rojas, gheall sé go bpósfadh sé a bhean chéile san eaglais, 25 bliain i ndiaidh dóibh dul tríd an searmanas oifigiúil. Sheol sé an ceiliúr pósta (wedding proposal) chuici i litir a bhí curtha aige i bhfeadán plaisteach a úsáideadh chun bia agus mar sin de a chur chuig na fir agus iad faoin talamh.

Deireadh le cur le '*Ark Royal*'
Déanfar long cheannais chabhlach na Breataine a dhíchoimisiúnú go luath mar thoradh ar chiorruithe.
Tá an long seo 25 bliain d'aois, aois bheag do long den chineál seo.

Ciallaíonn sé seo go gcuirfear deireadh leis an aerárthach trodaíochta, an 'Harrier', agus nach mbeidh sé ar chumas na Breataine aerárthaí a lainseáil ar an fharraige go dtí 2019 ar a laghad.
Caillfidh Cabhlach na Breataine 4,000 mairnéalach agus gearrfar líon a gcuid long ó 24 go 10.

An Ghearmáin agus an tIlchultúrachas
"Ba cheart do gach inimirceach imeascadh go gníomhach sa tsochaí," a dúirt Uachtarán na Gearmáine Christian Wulff an tseachtain seo agus é ag labhairt le Parlaimint na Tuirce, tír as a ndeachaigh an-chuid imirceach go dtí an Ghearmáin. Tá beagnach 3.5 milliún Moslamach sa Ghearmáin agus is de bhunadh na Tuirce an chuid is mó acu sin. Dúirt Seansailéir na Gearmáine, Angela Merkel, le linn na seachtaine seo caite gur theip glan ar an ilchultúrachas.

An Ciníochas á Phlé sa Danmhairg

Scott De Buitléir

DAR le formhór de mhuintir na Danmhairge, níor cheart go mbeadh ráitis chiníocha ceadaithe i bplé poiblí.

De réir suirbhé de chuid *Rambøll/Analyse Danmark*, tá 69% den tuairim gur ceart Alt 266b den Chód Coiriúil - alt ar a dtugtar an t-alt frithchiníochais - a choimeád mar chuid den dlí. Tá 21% den tuairim gur ceart é a scriosadh, agus deich faoin gcéad idir dhá chomhairle.

Toisc an t-alt, is féidir pionós nó tréimhse príosúin a ghearradh ar dhuine a thugann íde do dhuine eile mar gheall ar chine, inscne, dhath craicinn, eitníocht nó chlaonadh gnéis.

Bhí *Dansk Folkeparti* (Páirtí Phobal na Danmhairge) ag iarraidh an t-alt a scriosadh, go háirithe nuair a ciontaíodh ceann dá gcuid feisirí, Jesper Langballe, as ráitis chiníocha a dhéanamh. "Ceapamid gur chóir go mbeadh saoirse ag daoine a gcuid tuairimí féin a nochtadh," a dúirt Peter Skaarup, urlabhraí dlí ar son *Dansk Folkeparti*.

Níorbh thuairim é an méid a dúirt Langballe, áfach. I mí Eanáir na bliana seo, dúirt Langballe go mbíonn aithreacha agus uncailí cailíní Moslamacha ag déanamh ionsaithe gnéis orthu. Chomh maith leis sin, dúirt sé go raibh *Dansk Folkeparti* "ar son Ioslaim, ach nach bhfuil sé ar son Moslamach". Cé go bhfuil tuairimí frith-Mhoslamacha ar eolas ag an ghnáthdhuine sa Danmhairg, ba scannal náisiúnta an méid a dúirt an feisire parlaiminte.

"Is cinnte gur ceart cead cainte a bheith ag gach saoránach," a dúirt Karen Hækkerup ar son *Socialdemokratiet* (Daonlathaigh Shóisialacha) "ach tá teorainn ann. Ní féidir ráitis fuatha a chraoladh in aghaidh daoine eile."

Teaghlaigh Ghaeilge Uíbh Ráthaigh ag fás

Róisín Ní Ealaí

BHÍ sraith oícheanta eolais phoiblí ar siúl ag Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh le mí anuas chun an pobal áitiúil a chur ar an eolas i dtaobh thorthaí Scéim Labhairt na Gaeilge sa cheantar a foilsíodh le déanaí agus faoi na ciorruithe a bheidh á ndéanamh ar bhuiséad caipitil na Roinne Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta go luath.

Dar le Caitlín Bhreathnach, comhchoiste Uíbh Ráthaigh, bhí tinreamh an-mhaith ag freastal orthu go dtí seo, agus muintir an cheantair corraithe go maith faoi na ciorruithe molta. Tá feabhas ag teacht ar thorthaí Scéim Labhairt na Gaeilge sa cheantar le 21 teaghlach ag gnóthú an deontais iomláin anuraidh - ardú ó 2007-08 nuair a fuair sé theaghlach an deontas.

"Is dócha go bhfuil cúpla cúis leis an bhfeabhas atá tagtha ar na torthaí," a deir sí, "Le roinnt blianta anuas tá feachtas leanúnach ar siúl sa cheantar ag iarraidh muintir an cheantair a chur ag smaoineamh ar ár stádas Gaeltachta - tá iarracht bhreise á dhéanamh air sin i láthair na huaire leis na cruinnithe poiblí seo mar shampla. Tá tacaíochtaí comhordaithe curtha ar fáil dos na teaghlaigh gur mhian leo breis cabhrach a fháil chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa bhaile - cuairteanna baile mar shampla; i gcomhar le hOidhreacht Chorca Dhuibhne, cúntóireacht teangan sna bunscoileanna, ranganna do thuismitheoirí , campaí samhraidh, naíonraí a thagann faoi choimirce Chomhar Naíonraí na Gaeltachta Teo ag feidhmiú sna ceantair éagsúla le ceann úrnua bunaithe i mBaile 'n Sceilg i mbliana."

Tá tacaíochtaí comhordaithe curtha ar fáil dos na teaghlaigh gur mhian leo breis cabhrach a fháil chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa bhaile – cuairteanna baile mar shampla; i gcomhar le hOidhreacht Chorca Dhuibhne, cúntóireacht teangan sna bunscoileanna, ranganna do thuismitheoirí , campaí samhraidh, naíonraí a thagann faoi choimirce Chomhar Naíonraí na Gaeltachta Teo ag feidhmiú sna ceantair éagsúla le ceann úrnua bunaithe i mBaile 'n Sceilg i mbliana

Luaigh sí freisin go raibh tinreamh an-mhaith ag na cruinnithe eolais a chríochnaigh inné, Déardaoin 21 Deireadh Fómhair agus go bhfuil pobal Uíbh Ráthaigh ar an eolas faoi na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag na ciorruithe ar an gceantar.

"Tá muintir an cheantair buartha go maith faoi na ciorruithe agus tuigeann siad cad iad na torthaí a bheadh le feiscint dá mbeadh ciorruithe ag an ráta céanna á chur i bhfeidhm ar an mbuiséad reatha is atá á mholadh do bhuiséad caipitil na Roinne Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta."

Beidh ollchruinniú poiblí ar siúl Dé Céadaoin an 27 Deireadh Fómhair in Óstán an Bay View sa Choireán, Contae Chiarraí ag 8.30in chun brú ar chur ar theachtaí dála, comhairleoirí agus seanadóirí i leith na gciorruithe atá molta ag an Roinn Airgeadais agus táthar ag tabhairt cuiridh do na hionadaithe poiblí sin teacht chuig an gcruinniú.

THE HONORABLE SOCIETY OF KING'S INNS
NOLU MUS MUT ARI
1541

Ard-Dioplóma sa Dlítheangeolaíocht agus san Aistriúchán Dlíthiúil

Ard-Dioplóma san Aistriúchán Dlíthiúil

Earcaíonn an tAontas Eorpach aistritheoirí dlíthiúla agus dlítheangeolaithe go tráth rialta. Tá ganntanas ar an AE faoi láthair maidir le haistritheoirí dlíthiúla agus dlítheangeolaithe le Gaeilge.

Eanáir-Iúil 2011 tairgfidh Óstaí an Rí cúrsaí páirtaimseartha ardleibhéil chun rannpháirtithe a chumasú le cur isteach ar fholúntais mar aistritheoirí dlíthiúla le Gaeilge agus dlítheangeolaithe le Gaeilge le hInstitiúidí an AE.

Seasfaidh na cáilíochtaí seo freisin d'iarrthóirí ar mian leo fostaíocht a lorg mar aistritheoirí taobh amuigh de Institiúidí an Aontais Eorpaigh.

Ní foláir do iarrthóirí ar mian leo dul ar na cúrsaí ardleibhéil seo a gcumas sa Ghaeilge a léiriú go sásúil i scrúdú iontrála a reachtálfar in Óstaí an Rí, Sráid Henrietta, Baile Átha Cliath 1 **an 15 Nollaig 2010 ag 6pm.**

Mar áis do iarrthóirí, reáchtálfaidh Óstaí an Rí réamhchúrsa chun iad a ullmhú don scrúdú iontrála seo **Dé Luain agus Dé Céadaoin 6pm - 9pm idir an 1 Samhain agus an 8 Nollaig 2010.**

Tuilleadh eolais: dmaccarthaigh@kingsinns.ie **www.kingsinns.ie**

Oireachtas na Samhna 2010
Cill Airne, Co. Chiarraí
28 - 31 Deireadh Fómhair

OIREACHTAS
TÍR AGUS TEANGA

Comórtas

AN CHÉAD DUAIS

2 Thicéad Deireadh Seachtaine d'Oireachtas na Samhna

AN DARA DUAIS

Ruball Trioball le Esther Gobl Uí Nualláin
(Buaiteoir Réics Carló 2010)
Ó Chósta go Cósta le Frank Reidy
(Buaiteoir Gradam Uí Shuilleabháin 2010)

AN TRÍÚ DUAIS

Máirtín Ó Direáin Na Dánta
eag. Eoghan Ó hAnluain
Seanfhocla Chonnacht
Tomás Ó Máille & Donla uí Bhraonáin

Gaelscéal atá ag déanamh urraíochta ar Chorn Uí Riada i mbliana.

Cé hí an bhean dheireanach a bhuaigh Corn Uí Riada?

Má tá freagra na ceiste agat líon isteach an fhoirm thíos agus seol ar aghaidh í roimh dé Céadaoin (27/10/2010) chuig:
Gaelscéal, Baile Ard, An Spidéal, Co. na Gaillimhe

Freagra _____

Ainm _____

Seoladh _____

_____

Ríomhphost _____

Fón _____

2 NUACHT RÉIGIÚNACH

"Aunt Sponge" ón leabhar "James and the Giant Peach" ag lorg cabhrach ó theaghlaigh ar shráideanna chathair na Gaillimhe chun filleadh ar a leabhair i rith an "Macnas Moment" ag Féile Ealaíon Idirnáisiúnta Baboró le déanaí. (PIC. MARINA LEVITINA)

"A Band Called Wanda" in Kelly's i nGaillimh sula ndeachaigh siad ar an aer i rith "An Caifé Ceoil" ar Raidió na Gaeltachta mar pháirt den tSeachtain Mhór Ceoil 2010 le déanaí. (PIC. EIBHLÍN HEARD)

Údarás na Gaeltachta

NDP
Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013

Ceardlann an Spidéil

Aonad Ceardaíochta le fáil ar cíos

Tá aonad ceardaíochta 50 méadar cearnach le ligean ar léas i gCeardlann an Spidéil, An Spidéal, Co. na Gaillimhe. Iarrtar tairiscintí ó dhaoine a bhfuil taithí acu i reáchtáil gnó ceardaíochta. Tabharfar tús áite do thograí a bhfuil taithí ábhartha, d'ardchaighdeán acu san earnáil seo agus a dhéanfadh comhlánú ar dhea-íomhá Cheardlann an Spidéil.

Seoltar iarratais roimh 19 Samhain 2010 chuig an seoladh thíos:

Aonad Ceardaíochta
Oifig Réigiúnach
Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe
Teil: 091 503100

CONNACHTA NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Sócmhainní feirme gaoithe ar díol

Meadhbh Ní Eadhra

TÁ Comharchumann Shailearna Teoranta ag iarraidh a gcuid sócmhainní feirme gaoithe a dhíol, trí thairiscint phoiblí. Tairiscint ar cheangal greille GATE3 - 24 MW an phríomhshócmhainn atá ar díol.

Tá an próiseas tairisceana á láimhseáil ag Deloitte thar ceann Chomharchumann Shailearna Teoranta.

Deir urlabhraí ó Chomharchumann Shailearna nach féidir leo labhairt faoin gcinneadh seo atá déanta acu na sócmhainní a dhíol, go dtí go bhfuil an próiseas tairisceana thart.

Liatroim

"Salómé" - An Chéad Léiriú Domhanda

Dearbhaile Flynn

BEIDH léiriúcháin nua ón gcompántas drámaíochta "Splódar" á reáchtáil ón 26ú-30ú Deireadh Fómhair 2010 in Ionad na nGleannta, Baile Hamaltúin, Contae Liatroma.

Is dráma ilmheán as Gaeilge é seo, atá curtha in oiriúint don stáitse ag Prionnsíos Ó Duigneáin ó dhá phíosa a chum Cathal Ó Searcaigh - "Oíche Ghealaí i nGaililí" agus "Oíche Dhroch-Ghealaí".

Bunaítear plota an dráma ar an scéal cáiliúil ón mBíobla nuair a dhéanann Salómé damhsa mealltach don Rí Heróid agus geallann sé go dtabharfaidh sé rud ar bith a bheadh ag teastáil uaithi. Céard a éilíonn Salómé? Cloigeann Eoin Baiste - agus cuireann sé sin tús leis an trioblóid . . .

Beidh cuid de na radhairc i bhfoirm scannáin atá léirithe ag Colm Farrell, agus canfaidh Cór Choláiste na Tríonóide le Róisín Blunnie ceol cumtha ag Ailie Blunnie. Agus beidh páirt ag réimse iontach d'aisteoirí sa dráma - Miriam Ní Niadh, Seán T Ó Meallaigh agus Aodh Mac Gairbheith san áireamh.

Is é Splódar an compántas drámaíochta atá lonnaithe in Ionad na nGleannta agus cuireadh ar bun é nuair a osclaíodh an t-ionad in 1995. Is é phríomhchuspóir an ghrúpa ná drámaí Gaeilge agus Béarla d'ardchaighdeán a léiriú.

Le haghaidh tuilleadh eolais nó chun ticéid a fháil déan teagmháil ar 071-9855833.

Cathair na Gaillimhe

Róisín Elsafty in Árus na nGael

TÁ Airneán sa Chathair ar ais arís i gClub Árus na nGael. Beidh an chéad seisiún ar siúl ar 2 Samhain. Is í an t-amhránaí sean- nóis Róisín Elsafty a bheidh ann mar aoi speisialta. Tá go leor taistil déanta ag Róisín ag canadh agus ag múineadh an tsean-nóis. Chuir sí amach an chéad albam aonréadach ag tús na bliana seo dar teideal '*Má bhíonn tú liom bí liom*'. Tosóidh an oíche ag 8.30 i.n. Táille €5.00 Lascaine €3.00.

Scéalta Mhaigh Eo

Le Piaras Ó Raghallaigh

Ranganna Gaeilge i Maigh Eo

Tá Togra Mhaigh Eo de Chonradh na Gaeilge, Caisleán an Bharraigh ag reáchtáil ranganna Gaeilge do dhaoine fásta, scoláirí bunscoile agus scoláirí meánscoile ar fud Mhaigh Eo faoi láthair. Tá Conradh na Gaeilge ag eagrú grúpa comhrá Gaeilge freisin do mhic léinn mheánscoile fud fad an Chontae. Má tá suim agat ann, nó má tá aithne agat ar éinne eile a mbeadh suim acu sna ranganna nó sa ghrúpa comhrá is féidir dul i dteagmháil le Brídín ó Chonradh na Gaeilge le haghaidh tuilleadh eolais. (094) 9022 444 nó (087) 978 1166 nó eolas@conradhmhaigheo.ie.

Teastas Eorpach na Gaeilge

TÁ an cúrsa Teastas Eorpach na Gaeilge faoi lánseol in Ionad Seirbhísí Teanga na Seanscoile i gCeathrú Thaidhg faoi láthair. Tá cúrsa B1 ar bun faoi láthair chuile oíche Dé Máirt óna 7.00 go 8.30 i.n. Tá sé beartaithe cúrsa a eagrú le haghaidh tosaitheoirí (A1) chomh maith ag brath ar éileamh. Déan teagmháil le Vincent ag (087) 7557244 nó le Comhar Dún Chaocháin Teo ag (097) 88082 le haghaidh tuilleadh eolais.

Siansa Gael Linn 2011 - ag ceiliúradh 10 mbliana!

Meadhbh Ní Eadhra

BEIDH Siansa Gael Linn deich mbliana ar an bhfód go luath. Tá an comórtas tar éis fás agus forbairt ó cuireadh tús leis in 2001, agus é anois ar cheann de phríomhchomórtais cheoil/amhránaíochta na tíre.

"Is í an aidhm a bhí againn agus muid ag tosú amach deich mbliana ó shin ná dlúthcheangal a chothú idir an Ghaeilge, an ceol agus an óige," a deir Niamh de Búrca, riarthóir Siansa Gael Linn. "Sílim go bhfuil seo á bhaint amach againn. Tá ardú tagtha ar líon na ngrúpaí a bhíonn rannpháirteach bliain i ndiaidh bliana. Tá an-mholadh ag dul do na ceoltóirí óga ar fad a ghlac páirt in Siansa Gael Linn ó 2011 i leith."

Bhí an chéad Chraobh ar siúl in Amharclann na Cathrach, Gaillimh sa bhliain 2002. Tá trí chéim i gceist leis an gcomórtas seo a eagraítear go hiomlán trí mheán na Gaeilge. I dtosach, iarrtar ar ghrúpaí teaglaim leanúnach cheoil agus amhránaíochta traidisiúnta (10 - 12 nóiméad ar fhad) a chur ar diosca. I mbliana, éistfidh Dónal O'Connor, sárfhidléir/pianódóir leis an ngrúpa 'At First Light', le gach iarratas agus fógrófar go luath i mí Eanáir cé hiad na grúpaí atá roghnaithe (de réir a gcaighdeáin) chun dul ar aghaidh go dtí an dara céim - na ceardlanna.

Reáchtálfar na ceardlanna seo 10 - 15 Feabhra 2011 in ionaid éagsúla ar fud na tíre ag brath ar cad as do na grúpaí a roghnófar. Beidh Dónal i mbun na gceardlann seo chomh maith, le cabhair ó Shíle Denvir, amhránaí agus cruitire leis an ngrúpa clúiteach 'Liadán'.

Cuirfidh na ceoltóirí aitheanta seo comhairle ar na hiomaitheoirí faoi ghnéithe éagsúla dá léiriú (m.sh. cóiriú ceoil/amhrán/tionlacan) agus roghnóidh siad 8 ngrúpa chun páirt a ghlacadh sa Chraobh. "Táimid fíorbhuíoch as an tacaíocht a fuaireamar don chomórtas ó cheoltóirí iomráiteacha thar na blianta," a deir Niamh. "Thug leithéidí Mary Bergin, Máire Breatnach, Mairéad Ní Mhaonaigh, Cormac de Barra, Muireann Nic Amhlaoibh agus Oisín Mac Diarmada go fial dá gcuid ama chun comhairle a chur ar na grúpaí ag na ceardlanna."

Beidh Craobh Siansa Gael Linn ag filleadh ar an gCeoláras Náisiúnta ar an Domhnach, 10 Aibreán 2011 - agus táthar ag súil go mbeidh anchoimhlint arís eile ar an oíche don phríomhdhuais, €2,500 agus Trófaí Gael Linn. Bronnfar duaiseanna flaithiúla chomh maith orthu siúd a thiocfaidh sa dara háit

(€1,250) agus €750 orthu siúd a thagann sa tríú háit. Bronnfar cuimneacháin den ócáid ar bhaill uile na ngrúpaí a bheidh sa Chraobh. Eiseofar dlúthdhiosca leis na duaiseoirí a scaipfear ar na meáin. Craolfar an clár beo ar RTÉ Raidió na Gaeltachta.

Daoine gur spéis leo a bheith páirteach in Siansa Gael Linn 2011, tá sé in am a bheith ag smaoineamh ar ghrúpa a chur le chéile.

Ní gá go mbeadh baill an ghrúpa in aon eagras nó scoil ar leith le chéile; is féidir le grúpa cairde teacht le chéile. Idir cúigear agus ochtar ceoltóir atá ceadaithe i ngach grúpa, agus caithfidh gach ball a bheith idir dhá bhliain déag agus naoi mbliana déag d'aois. Toisc an Cháisc a bheith an-déanach in 2011, beidh Siansa Gael Linn á reáchtáil níos luaithe chun freastal ar lucht scrúduithe. An dáta deiridh iontrála ná 5 Samhain. Tá gach eolas faoi SIANSA GAEL LINN ar fáil ag www.gael-linn.ie, áit gur féidir féachaint ar dhuaiseoirí 2010 chomh maith.

Ros Comáin

Gaelscoil de hÍde deich mbliana d'aois

Meadhbh Ní Eadhra

BHÍ Gaelscoil de hÍde i gContae Ros Comáin ag ceiliúradh deich mbliana ar an bhfód Dé hAoine seo caite. D'eagraigh siad Aifreann thús na bliana an lá sin, chomh maith le ceiliúradh speisialta sa scoil chun a ceart a thabhairt don ócáid. Bhí Urlabhraí Gaeltachta Fhine Gael, Frank Feighan, i láthair ag an gceiliúradh.

Tá an scoil ag fás agus ag forbairt i gcónaí agus i láthair na huaire, tá 176 páiste sa scoil le deichniúr múinteoir buan, beirt chúntóir riachtanas speisialta agus rúnaí páirtaimsire.

Bunaíodh an scoil lán-Ghaeilge seo siar sa bhliain 2000, i ndiaidh do ghrúpa tuismitheoirí teacht le chéile ag deireadh na bliana 1999 agus é mar aidhm acu Gaelscoil a bhunú sa chontae. Bhí siad muinníneach agus dóchasach go raibh suim sa cheantar i nGaelscoil a bhunú, agus mar sin, bhunaigh siad Coiste Bunaithe agus bhí Caoilfhionn Ní Chuinn Uí Chumhaill mar chathaoirleach ar an gcoiste seo. D'oibrigh siad go dian dícheallach agus d'éirigh leo suíomh sealadach a fháil i bPáirc an Mhóta, Ros Comáin.

D'éirigh leo freisin an méid ceart páistí a fháil agus fuair an scoil aitheantas sealadach ón Roinn. D'oscail Gaelscoil de hÍde, Ros Comáin ar an 1/9/'00 le príomhoide, Orla Ní Chuinneagáin, agus 17 páiste. Bhí an scoil faoi phátrúnacht Fhoras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge agus éiteas Caitliceach aici. Bhí páistí sa scoil sna naíonáin bheaga, sna naíonáin mhóra agus i rang a haon ag an am sin. D'oscail Micheál Ó Muircheartaigh an scoil go hoifigiúil i mí Feabhra 2001. I mí Iúil 2004 thug an Roinn Oideachais agus Eolaíochta aitheantas buan don scoil.

Ar an 13ú lá de mhí Bealtaine 2005 bhog lucht na scoile go foirgneamh nua i gCnoc na Crúibe, Bóthar na Gaillimhe, Ros Comáin. Osclaíodh an foirgneamh seo go hoifigiúil i mí na Samhna 2005 le Marion Harkin, T.D., M.E.P., ina bhun seo.

Tá an foirgneamh sin ar cíos acu anois agus tá suíomh á lorg le haghaidh scoil nua a thógáil do Ghaelscoil de hÍde i láthair na huaire.

An bhfuil scéilín agat? Ba mhaith linn freastal ar gach Gaeltacht is Gaelphobal sa tír. Má tá scéilíní nó nótaí áitiúla agaibh, cuirigí iad chuig an seoladh rphoist seo le bhur dtoil, **nuacht@gaelsceal.ie**, agus déanfaidh muid ár ndícheall iad a chur i gcló.

LAIGHIN NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Scéalta Bhaile Átha Cliath

Cailín Álainn: Dráma nua dátheangach

Meadhbh Ní Eadhra

LÉIREOFAR dráma nua dátheangach le Joanne McNulty, Cailín Álainn, san Amharclann Nua (The New Theatre) i mBaile Átha Cliath ón 1 go 5 Samhain 2010. Beidh sé ar siúl ag a 8in. Saol agus saothar an amhránaí Tomás Mac Eoin atá á léiriú sa dráma dátheangach Cailín Álainn, mar aon le taifeadadh fírinneach ar an tráthnóna a chaith sé ag caint le beirt strainséir a bhí ar thóir scéalta grá. Insíonn an dráma seo scéal Sarah, cailín álainn nach bhfuil cúrsaí grá ag oibriú amach i gceart di. Is géar a theastaíonn uaithi dea-scéal grá a chloisteáil a ardóidh a croí. Le misneach a thabhairt di féin, téann sí ó dhoras go doras ag iarraidh ar strainséirí a gcuid dea-chuimhní a roinnt léi.

Dhá mhí agus na céadta scéal níos deireanaí buaileann sí ar dhoras an amhránaí Tomás Mac Eoin. Cuireann a léargas siúd an lasair ar ais ina croí. Tá scéal Sarah bunaithe ar fhíorthaithí Joanne (Mitchell) McNulty. Sa bhliain 2008 bhog sí go Conamara le Comhlacht Madcap Theatre. Thosaigh siad ag bailiú scéalta grá ó sheandaoine ag baile agus i dtithe banaltrais. Rinne siad taifeadadh ar na céadta scéal grá, ón gcéad lá meala go dtí mí na meala, ó na cleamhnais faoi rún go dtí na leannáin a d'éalaigh le chéile. Ach ba í an chuairt ar Thomás Mac Eoin a chuir barr slachta ar an turas.

Chan sé Cailín Álainn, d'aithris sé a chuid filíochta agus labhair go spraíúil, umhal, ionraic ionas go mba léir dóibh gurb ann don ghrá. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ach scairt a chur ar 016703361 nó dul ar www.thenewtheatre.com. Is féidir ticéid a chur in áirithe leis an amharclann roimh ré.

Comhrá agus craic i lár na cathrach

Róisín Ní Éalaí

BEIDH Ciorcal Comhrá ar siúl sa Bhutrach, bialann coláiste na Tríonóide ar maidin Dé Céadaoin go seachtainiúil. Beidh lucht labhartha Gaeilge ag teacht le chéile ag 10.00-10.10 ar maidin agus tá fáilte roimh mhic léinn, foireann agus daoine ón saol mór a mbíonn fonn orthu Gaeilge a labhairt.

Is togra é seo a bhaineann leis an scéim cónaithe do chainteoirí Gaeilge a mbíonn ag freastal ar an gcoláiste. Mar sin beidh na mic léinn atá bainteach leis an scéim cónaithe ar fáil sa Bhutrach don mhaidin uile chun fáilte a chur roimh mhuintir an choláiste agus an pobal.

Tá an Bhutrach suite i lár an choláiste, i lár na cathrach agus tá áit curtha ar leataobh ann le haghaidh daoine a bhfuil sásta teacht agus Gaeilge a labhairt agus páirt a ghlacadh sa Chiorcal Comhrá.

Tá an t-Oifigeach Gaeilge, Aonghus Dwane an-sásta go deo go mbeidh sé seo ar siúl agus luaigh sé go raibh grúpa maith thart ar dhá dhuine dhéag ann cheana agus tá sé ag siúl le tuilleadh arís.

Sa phictiúr tá Gerry Geheran agus Treasa Ní Mhurchú ó Bhord Soláthar Leictreachais a d'fhreastal ar an deireadh seachtaine Gaeilge agus Cultúir a d'eagraigh Gael Linn i nGaeltacht Ráth Chairn ar na mallaibh.

Ceatharlach

Spraoicheist Fhéile an Fhómhair

Meadhbh Ní Eadhra

B'IONTACH an ócáid Ghaelach a reáchtáladh i gCeatharlach mar chuid d'imeachtaí Fhéile an Fhómhair do dhaltaí sna hardranganna i mbunscoileanna an cheantair. Spraoicheist na Féile a bhí i gceist, eagraithe ag Glór Cheatharlach, agus bhí trí fhoireann is fiche i láthair i halla Éire Óg chun páirt a ghlacadh sa chomórtas. Thángadar ó bhunscoileanna an cheantair, ina measc, Scoil Mhuire gan Smál, Gaelscoil Cheatharlach, Gaelscoil Átha Í, Scoil an Easboig Uí Fhoghlú, Baile Nua Dún Leicne, Díseart Diarmada agus Scoil Cailíní an Teaghlaigh Naofa. Bhí éagsúlacht an-mhaith de cheisteanna le freagairt bunaithe ar cheol, spórt, scannáin, cláracha teilifíse, leabhair agus eolas ginearálta. Bhí idir mhúinteoirí, dhaltaí agus thuismitheoirí thar a bheith tógtha le caighdeán na gceisteanna. Ag deireadh sé bhabhta de cheisteanna bhí Scoil an Easboig Uí Fhoghlú chun tosaigh le trí mharc is caoga as iomlán de seasca. Bhí Gaelscoil Cheatharlach agus Díseart Diarmada ar comhscór sa dara háit le caoga marc. Bronnadh duaiseanna deasa atá oiriúnach d'Oíche Shamhna ar na buaiteoirí.

An Mhí

Deireadh Seachtaine iontach i Ráth Chairn ghlas na Mí!

Meadhbh Ní Eadhra

D'ÉIRIGH go hiontach leis an deireadh seachtaine Gaeilge agus cultúir do dhaoine fásta i nGaeltacht Ráth Chairn, Co. na Mí, le déanaí (15 - 17 Deireadh Fómhair). Is é seo an tríú bliain do Ghael Linn a leithéid seo a reáchtáil, i bpáirt leis an gcomharchumann áitiúil. Dúirt Seán Ó Ceallaigh, Gael Linn: "Is í an aidhm a bhí leis an ócáid ná deis a thabhairt do fhoghlaimeoirí Gaeilge feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge labhartha agus ag an am céanna, blaiseadh a fháil de chultúr na Gaeltachta. Fiche cuairteoir ó cheann ceann na tíre a bhí rannpháirteach sa deireadh seachtaine, cuid acu a tháinig den tríú huair as a chéile ! D'fhanadar i dtithe lóistín sa cheantar agus cuireadh an-fháilte rompu, mar is iondúil i Ráth Chairn!" I measc na n-imeachtaí a reáchtáladh le linn an deireadh seachtaine bhí ranganna comhrá Gaeilge, ceardlann amhránaíochta, caint ar stair Ráth Chairn, tráth na gceist boird agus seisiúin cheoil thraidisiúnta. Bhain gach éinne a bhí i láthair sult, taitneamh agus tairbhe as an ócáid. Tá an lucht eagraithe ag smaoineamh ar dheireadh seachtaine eile a eagrú níos moille sa mbliain, chun freastal ar an éileamh!

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 22 Deireadh Fómhair, 2010

MUMHAIN NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Scéalta Chorca Dhuibhne

Breandán Mac Gearailt

Amhráin

TÁ seomra ar chúl thábhairne Uí Chatháin ar an mBuailtín i gCorca Dhuibhne ar a mbaisteadh 'Siar Ó Thuaidh' ní ró-fhada ar fad ó shin.

Is imeachtaí mar sheisiúin filíochta, amhráin, léitheoireacht nó a leithéid a bhíonn ann de ghnáth. Anois go bhfuil an fómhar ag sceint uainn agus an geimhreadh ag bagairt tá dream amhránaithe áitiúla ann a bheidh ag teacht le chéile gach mí le hoícheanta amhránaíochta a bheith acu. Ní hé go mbíonn aon duine ag múineadh ach go bhfuil cead ag cách amhrán a chasadh. Is gnáthaí gur go hiomlán i nGaolainn a bhíonn an amhránaíocht ach bíonn stróinséiri a bhuaileann isteach a chasann amhrán Béarla nó amhrán nó duan ó thír Eorpach agus bheadh duine nó beirt ón réigiún a chleachtann amhrán Béarla ann as.

Tugtar 'Club an Mháistir' ar an teacht le chéile, mar ba é coincheap Mhichíl Uí Dhubhshláine (nach maireann) ón nGráig agus Nás na Rí Chill Dara é. Bhí Micheál a bhí ina Phríomhoide ar Scoil Náisiúnta Dhún Chaoin ó athosclaíodh í sa bhliain 1972 ar ordú an Aire Oideachais, Risteárd de Búrca TD, san am.

Ar an gCéadaoin seo caite ba léir go raibh an aimsir bhreá ag sleamhnú uainn mar bhí suas le daichead duine buailte fúthu in 'Siar Ó Thuaidh' agus oíche amhrán, a lean beagnach trí huaire a chloig, ar bun ann. An nós is gnáthaí ná go n-iarrtar, nó níos cirte, go dtugtar cuireadh do dhuine éigin aitheanta a bheith ina aoi don oíche agus cuireann sé, nó sí, bonn fén oíche.

Is í Nuala Ní hAiniféin Uí Ghearailt ó Chathair Scoilbín a bhí ar a triall an oíche dheireanach agus chas sí amhráin idir mhall is thapa, mar 'Bruach na Carraige Báine' agus 'Bheadh buachaillín deas 'ge Síle'. Chas cailín ón bPortaingéil amhráin dhúchasacha óna tír féin.

"Bainim an-sásamh as," a dúirt an t-amhránaí sean-nóis aitheanta Seán 'Ben' Ó Loinsigh ón Riasc, "mar baineann sé cuid den nimh as an ngeimhreadh. Is deas leis, ar sé, "daoine óga mar Nuala, Simon Ó Faoláin agus Iarla Ó Murchú a bheith ag casadh amhrán, agus tá siad acu."

Chas breis agus deichniúr a rogha amhrán féin an oíche dheireanach, ina measc Eibhlín Uí Chíobháin ón nGráig, Páidí 'Mhárthain' Mac Gearailt, Máire Áine Ní Chinnéide ó Bhaile Dháith, Riobárd Ó hArtáin, Shelley Uí Fhaoláin agus eile.

"Nuair a bheidh fothragadh agus 'cleachtadh' an Oireachtais gaibhte tharainn beimid ar ais inár bpóirse féin arís an mhí seo chugainn," arsa an Loingseach.



Stiúrthóir an Chomhlachais Náisiúnta Drámaíochta, an t-údar Seán Ó Morónaigh, agus Rúnaí an Chomhlachais, an t-aisteoir Áine Uí Chuill, ag Éigse an Fhómhair i gCúil Aodha. PIC: SEÁN Ó LOINGSIGH

DVD seolta le hAgallaimh na hÉigse i gCúil Aodha

Seán Ó Loingsigh

SEOID LITRÍOCHTA a tugadh ar an leabhar *Agallaimh na hÉigse* agus an dara heagrán de á sheoladh ag Éigse an Fhómhair i gCúil Aodha an deireadh seachtaine seo caite.

Tá ábhar breise curtha leis an leabhar ó seoladh an chéad eagrán i mBaile Bhúirne in 2002, agus tá scannán faisnéise ar DVD ina theannta a léiríonn ealaín na n-agallamh beirte, na lúibíní, na gceapóga agus na n-amhrán saothair.

B'oiriúnach gur seoladh an dara heagrán i gCúil Aodha, mar ar tugadh ómós i rith na hÉigse don bhfile áitiúil Dónal Ó Liatháin a d'imigh ar shlí na fírinne dhá bhliain ó shin. Is dán de chuid Dhónail a d'aithris sé ag seoladh an chéad eagráin sa Mhuileann ocht mbliana ó shin, a osclaíonn an dara cuid den leabhar ina bhfuil breis is 800 leathanach anois.

Agus é ag seoladh an dara heagrán in Áras Éamonn Mac Suibhne, thug an staraí agus an scríbhneoir ó Chúil Aodha, Dónal Ó hÉalaithe, ardmholadh d'údar an leabhair - stiúrthóir an Chomhlachais Náisiúnta Drámaíochta, Seán Ó Morónaigh.

"Bímís buíoch go bhfuil seoid litríochta den ardchaighdeán seo curtha ar fáil dúinn ag Seán," a dúirt Dónal Ó hÉalaithe. Ba é Dónal a sheol an chéad eagrán ag an ócáid úd sa Mhuileann in 2002 - "deir an seanfhocal go mbíonn eireaball ar gach seoid," a d'aithris sé oíche Dé Sathairn seo caite.

Tá 20 bliain caite ag Seán Ó Morónaigh ag obair ar shaothar an leabhair ina bhfuil ábhar fileata a théann siar go dtí an 18ú haois; ceapóga agus lúibíní a bhuaigh duaiseanna ag an Oireachtas le linn na haoise seo caite; chomh maith le hagallaimh bheirte agus amhráin saothair a cuireadh i láthair ag Éigse na Féile den Fhéile Náisiúnta Drámaíochta le tamall de bhlianta anuas go dtí an lá atá inniu ann.

"Léiríonn sé go bhfuil na véarsaí beaga fileata ceolmhara seo á gcumadh agus á léiriú sa lá atá inniu ann fé mar a bhíodh, agus ní hamháin san ach go bhfuil pobal éisteachta acu a thuigeann iad agus a bhaineann taitneamh agus sult astu," a dúirt Ó hÉalaithe.

Tá ceithre agallamh cheolmhara ó bhailiúchán ceoil an Chanónaigh James Goodman sa dara heagrán - ba in áiléar theach a mhuintire i Sasana a thángthas ar an ábhar seo in 2006. Rugadh an píobaire Goodman i gCorca Dhuibhne in 1828 agus bhí sé ina mhinistéir Protastúnach i bparóistí in iarthar Chorcaí ó 1853 go bliain a bháis in 1896.

Chuir baill de chompántais aisteoirí ó Mhúscraí, ó Chorca Dhuibhne agus ó Chorr na Móna míreanna ón leabhar i láthair in Áras Éamonn Mac Suibhne, agus bhain an slua ana-thaitneamh as an scéal '*Fionn agus an Fathach*' a d'inis Naoise Mac Gearailt (8) ó Chathair Scoilbín.

D'aithris Proinsias Ó Cuilinn as na Dúnaibh, Dún na nGall, agus Micheál Ó Tuairisg ó Chorr na Móna dánta nuachumtha leo in ómós dá seanchara Dónal Ó Liatháin, laoch Dhámhscoil Mhúscraí Uí Fhloinn go bhfuil ábhar leis sa leabhar agus atá le feiscint i mbun lúibín le hEoiní Maidhcí Ó Súilleabháin sa scannán faisnéise Agallaimh na hÉigse atá léirithe agus stiúrtha ag Seán Ó Morónaigh chomh maith.

Tá Máirtín Mac Donnchadha, Raidió na Gaeltachta, mar chomhláithreoir i dteannta Uí Mhoróinaigh sa scannán, agus ar na hainmneacha aitheanta eile atá i mbun rannaíochta ar an DVD tá Seán Ó Liatháin, Danny Maidhcí Ó Súilleabháin, Áine Uí Chuill, Eibhlín Ní Lionáird, Ann Marie Uí Dhubhda, Áine Mhic Gearailt, Josie Seán Jack Mac Donnchadha, Eddie Bheairtle Ó Conghaile, Máirtín Tom Sheáinín Mac Donncha, Seán Ó Muimhneacháin, agus Seán Ó Duinnín - laoch Oireachtais ó Chúil Aodha a d'imigh ar shlí na fírinne anuraidh, agus a bhí mar dhuine díobh siúd ó Mhúscraí a thug "anspeagadh ar fad" do Sheán Ó Morónaigh agus é i mbun a shaothair.

"Tá stair níos faide siar i Múscraí den ealaín sin (na héigse) ná in aon áit eile sa tír," a dúirt Seán Ó Morónaigh.

Is é €35 an praghas atá ar an leabhar agus an DVD *Agallaimh na hÉigse* - tá sé ar fáil ón Siopa Leabhar de chuid Chonradh na Gaeilge, agus sa Chaifé Liteartha sa Daingean, chomh maith leis an siopa idirlín Litríocht.com.

Sadhlas

IS deacair a thuiscint go raibh sadhlas á bhaint in áiteanna i gCorca Dhuibhne an tseachtain seo caite. Is mó duine nach gcreidfeadh go mbeadh sadhlas á ghearradh agus á shábháil i lár mhí Dheireadh Fómhair, ach ní hamháin gur sábháladh é ach fágadh beagnach dhá lá ar an tsraith é, fén ngréin, le go mbeadh sé tirim agus ar ardchaighdeán. Bhí an obair san ar bun in dhá bhaile ar a laghad, Márthain agus Baile Uí Bhaoithín.

"Dá ndéarfá le duine níos luaithe i mbliana, nó aon bhliain, go sábhálfaí sadhlas maith i lár Dheireadh Fómhair," arsa Mícheál Mac Gearailt, feirmeoir ó Leataoibh Mór, "mheasfadh sé go raibh do mheabhair ag scaipeadh, nó go mba scaothaire cruthanta tú."

Bronnadh

BEIDH ócáid fíorshuimiúil in Ionad an Bhlascaoid Mhóir i nDún Chaoin inniu, 22 Deireadh Fómhair, ar a trí a chlog nuair a bhronnfaidh teaghlach an Iar-Thaoisigh Cathal Ó hEochaidh páipéir Chathail Uí Eochaidh Inis Mhic Aoibhleáin, ar Oifig na nOibreacha Poiblí.

Tá seacht mbosca d'ábhar i gceist agus iad innéacsaithe ag Dáithí de Mórdha. "Tá flora agus fauna, seandálaíocht, comhfhreagras agus mórán eile ann," arsa Dáithí atá ag obair in ionad an Bhlascaoid. Dar leis gur ábhar an-suimiúil é do scoláirí.

Bhí bainisteoir an ionaid, Mícheál de Mórdha an-sásta go raibh an bailiúchán á chur ar fáil dóibh. Tá bailiúchán breá Mháirín Uí Dhálaigh (céile an iar-uachtaráin) a bhronn an Moinsíneoir Ó Fiannachta ar an ionad, agus cóip de chartlann Raidió na Gaeltachta i mBaile na nGall sa leabharlann, "agus is ábhar áthais dúinn go mbeidh sé seo ar fáil le cur leis an leabharlann," arsa Mícheál.

Ó thaobh an dúlra de tá na fianna a thug Ó hEochaidh go dtí an Inis ag bláthú go buacach, ach chuaigh an beartas fiolar a póradh ann ar fán mar go ndeachaigh fiolar an eireabaill bháin, an coileach, ar boiléagar. Nimh is dócha a thóg sé.

Tá litir Ó Éamon de Buitléir a dúirt Dáithí a ainmníonn leamhain, (moths) neamhghnácha nach bhfuil aon fháil in aon áit timpeall ar a macasamhail.

Thuairt eitleán cogaidh Gearmánach nó 'árthach spéireach', mar a deirtear go háitiúil, ar an Inis sa bhliain 1940 agus cuireadh cóir ar an gcaptaen agus a fhoireann ar an mBlascaod Mór sarar cuireadh fé ghlas iad ar feadh tamaill i gCampa an Churraigh.

Blianta ina dhiaidh sin tar éis do Chathal Ó hEochaidh an Inis a cheannach sa bhliain 1984, dhein sé teangbháil leis an gCaptaen a bhí ar an eitleán. D'aimsigh sé é agus an fhoireann ar ball. Tá pictiúir den

Chaptaen agus de Chathal Ó hEochaidh sa bhailiúchán. Tá pictiúir eile ann den Eochach agus foireann an eitleáin.

Tá comhfhreagras a bhí ag Ó hEochaidh le daoine aitiúla ar fáil chomh maith, mar aon le tagairt do 'Port na bPúcaí' atá luaite leis an Inis.

"Cinnte," arsa Mícheál, "beidh breis scoláirí fós ag tarrac ar an leabharlann anseo agus gan amhras tá Oifig na nOibreacha Poiblí anbhuíoch de theaghlach Uí Eochaidh as an mbronnadh taibhseach seo."

MFG

BHÍ agallaimh do phost príomhfheidhmeannaigh ar Mheitheal Forbartha na Gaeltachta (MFG) ar bun an tseachtain seo caite agus tá cinneadh déanta an post a tharrac do dhuine de na hiarrthóirí. Cuirfear rogha an bhord agallaimh in iúl ag cruinniú de bhord náisiúnta MFG ar an Máirt 2 Samhain in Óstán Bhaile Chláir na Gaillimhe, cruinniú a thosóidh ag meán lae, arsa Brian Ó Riordáin, Cathaoirleach Bhord MFG le Gaelscéal.

Tharla an folúntas nuair a scoir Antóin Ó Sé mar phríomhfheidhmeannach níos luaithe i mbliana. Máire Uí Léime ó Bhéal Átha an Ghaorthaidh, Corcaigh, atá ag feidhmiú mar phríomhfheidhmeannach sealadach ó shin.

Is ag an mBord Náisiúnta a bheidh an focal deireanach in aon cheapachán mar seo, cé gur gnách glacadh le rogha an bhord agallaimh.

Dragan Gaelach ar Shráideanna Chorcaí

Róisín Ní Éalaí

BEIDH mórshiúl an dragan gaelach ar siúl ar shráideanna Corcaí chun an tSamhain a cheiliúradh. Fágfaidh an pharáid an tIonad Ceardaíochta Seandúna ag a 7:00i.n, Oíche Shamhna 31 Deireadh Fómhair agus fillfidh sí ar an Ionad arís díreach ina dhiaidh. Is é seo an cúigiú pharáid sa tsraith agus i mbliana beidh suas le 300 duine páirteach san ócáid, *Cathedral Cairde Youth Group*, *Blarney Street Youth Project*, daltaí *North Presentation*, *Cope Foundation*, *The Traveller Visibility Group*, *C.I.T. Carnival Samba* agus go leor eile ina measc.

Is é buaicphointe na hócáide ná an Dragan é féin, atá dhá mhéadar dhéag ar fhad, deich dtroigh ar airde, go hiomlán déanta as seilitéip agus gluaisfidh sé thart le cabhair ó dháréag puipéadóir. Chomh maith le sin beidh scata ceoltóirí, aisteoirí, puipéadóirí agus drumadóirí ag glacadh páirt. Cloisfear fuaimrian nuachumtha agus beidh seó solais le feiceáil chun cur leis na himeachtaí eile.

ULAIDH NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Tír Chonaill

Brú Óige an Earagail ag súil le hainmníocht an AE

Judy Ní Ógáin

D'FHÉADFADH brú óige i nDún Lúiche i dTír Chonaill a bheith ar an chéad bhrú óige sa tír go mbronnfaí duais Aontais Eorpaigh orthu de bharr a gcuid oibre inbhuanaithe agus a gcuid cleachtaí neamhdhíobhálach don timpeallacht.

Tá Brú Óige an Earagail, suite ag bun Chnoc Earagail, ag obair le bliain anuas ag cur cleachtais faoi leith i bhfeidhm chun na dian-chritéir, atá leagtha síos ag an Aontas Eorpach don duais - ainmníocht an '*EU Flower*', a bhaint amach.

Bhí ionadaithe ó Chumann Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann ag an mbrú le gairid chun iniúchóireacht a dhéanamh ar an obair. Dúirt Karl Harold, Bainisteoir an Bhrú Óige, go mba chóir go mbeadh fhios ag an mBrú i gceann ceithre nó sé seachtainí má cháiligh siad le haghaidh ainmníocht an '*EU Flower*'.

Tá 50 critéir éagsúil leagtha síos chun cáiliú don ainmníocht, leath acu éigeantach agus an leath eile roghnach. Faigheann an fiontar pointí ar ghach critéir a bhaintear amach.

Bunaíodh an Scéim '*European Ecolabel*' sa mbliain 1992 chun gnónna a spreagadh chun táirgí agus seirbhísí neamhdhíobhálach don timpeallach a mhargú.

Ar cheann de na háiseanna sa mbrú óige, tá téitheoir millíní adhmaid, a fhágann nach bhfuil mórán gá le breoslaí iontaise. Ní bhaintear úsáid ach as roinnt bheag gáis san mbrú. Scaoileann na fuinneoga móra atá ar an mbrú, neart gréine agus solais lae isteach. Déanann siad gloine, páipéar, plaisteach agus alúmanam a athchúrsáil agus déanann siad múiríní de dhramhaíl orgánach. Is bolgáin solais ag ráta A atá in úsáid ar fud an bhrú, don úsáid cumhachta is lú agus tugadh pluiméara isteach chun an córas uisce a athrú chun gearradh síos a dhéanamh ar an sruth uisce iomarcach a bhí sna sconnaí, sna ceathanna agus sna leithris.

Cúigear cúisithe in eachtra a tharla i nGaoth Dobhair dhá bhliain ó shin

Judy Ní Ógáin

TÁ cúigear fear as Gaeltacht Thír Chonaill curtha ar aghaidh chun trialach ag an gcéad suí eile de Chúirt Chuarda Leitir Ceanainn ag deireadh na míosa seo.

Bhí an cúigear páirteach in eachtra a tharla taobh amuigh do chlub oíche i nGaoth Dobhair i mí Lúnasa 2008, áit ar baineadh greim as cluais duine de na fir.

Rinneadh leabhair fianaise a sheirbheáil ar na deartháireacha Stephen agus Kevin Cassidy agus ar na deartháireacha Michael agus Shaun Maguire, ag suí Chúirt an Chlocháin Léith an tseachtain seo caite.

Chlis ar dhearthár eile, Niall Maguire freastail ar an chúirt.

Cúisíodh Kevin Cassidy, ó Choitín i nDoirí Beaga, agus a dhearthár Stephen Cassidy ó Bhun na Leaca in ionsaí díobhálach a dhéanamh, ar 24 Lúnasa 2008 ag Ard na gCeapraí i nGaoth Dobhair.

Cúisíodh iad chomh maith faoi bheith ar meisce in áit phoiblí agus gan treoir bhaill den Gharda Síochána a chomhlíonadh. Cúisíodh Kevin Cassidy freisin in ionsaí a dhéanamh ar Michael Maguire.

Cúisíodh Niall Maguire agus Shaun Maguire ó Ardaí Bheag, Gort a' Choirce mar gheall ar a bheith ar meisce in áit phoiblí agus ar iompraíocht bhagrach, dhíbhlithe agus mhaslach. Tá siad cúisithe chomh maith faoi ionsaí a dhéanamh ar Kevin agus ar Stephen Cassidy. Tá Michael Maguire cúisithe i ngráscar ar an dáta céanna.

Dúirt an Cigire Sylvie Henry i leith na gcosantóirí éagsúla, gur thug an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí toiliú iad a chur ar aghaidh chun trialach ar na cúiseanna liostaithe sa leabhar fianaise.

Rinne sé iarratas ar an Bhreitheamh Hughes go gcuirfí na cosantóirí ar aghaidh ag an gcéad suí eile de Chúirt Chuarda Leitir Ceanainn ar an 26 Deireadh Fómhair.

Doire

Ceiliúradh ar fhilíocht Uladh ár linne

TÁ ceiliúradh á dhéanamh ag An tUltach, iris Chomhaltas Uladh, ar fhilíocht Uladh ár linne le heagrán speisialta filíochta agus ceithre ócáid i mbailte éagsúla ar fud an chúige.

Beidh filí seanbhunaithe agus filí nua ina measc siúd a bheidh ar an ardán i Machaire Rátha, an Srath Bán, Béal Feirste agus an tIúr.

Dúirt Gráinne Ní Ghilín, eagarthóir An tUltach go bhfuil feidhm i gcónaí le bunspriocanna na hirise, a bunaíodh sa bhliain 1924, mar atá, ardán a chur ar fáil do scríbhneoirí a saothar a chur os comhair an phobail agus deis a thabhairt do Ghaeil Uladh dul i mbun caibidle lena chéile ina gcanúint féin. "Tá borradh faoi chúrsaí filíochta in Ultaibh i láthair na huaire," dar le Ní Ghilín. "Tá cnuasaigh nua foilsithe ag roinnt Ultach le gairid nó is gearr go mbeidh siad i gcló. Mhothaigh muid go mbeadh sé tráthúil, ní hamháin eagrán speisialta filíochta a dhéanamh, ach ócáidí a reáchtáil agus ceiliúradh a dhéanamh i measc an phobail mhóir ar obair na scríbhneoirí seo." Aithníodh an fiúntas a bhaineann le saothar na bhfilí Ultacha i gcomórtais litríochta an Oireachtais i mbliana. Bronnadh anaphríomhdhuais filíochta ar Ghréagóir Ó Dúill as 'Dán Nollaig faoin Samhradh' agus thug Caitríona Ní Chléirchín léi duais an scríbhneora úir is fearr as 'Crithloinnir'. Beirt eile ar bronnadh duaiseanna orthu ná na Conallaigh, Proinsias Mac an Bhaird agus Seán Ó Dubhchoin.

"Bíonn cuid mhór daoine scanraithe roimh an fhilíocht agus seachnaíonn siad í," a deir Gráinne Ní Ghilín, "ach is mian linn ócáidí sultmhara a eagrú agus deis a thabhairt do dhaoine éisteacht lena bhfuil le rá ag na filí féin faoina gcuid dánta agus tuiscint níos fearr a fháil orthu.

"Tá tacaíocht mhór faighte againn ó na heagrais Ghaeilge sna bailte éagsúla agus tá maoiniú breise curtha ar fáil ag Comhaltas Uladh dúinn. Chomh maith leis sin, táimid ag comhoibriú le heagrais eile a chuireann litríocht na Gaeilge chun cinn, IMRAM agus Comhairle Ceantair Mhachaire Fíolta ina measc."

Le níos mó sonraí nó le síntiús de An tUltach a fháil, cuir nóta chuig: antultach@ymail.com

Ard Mhacha

Seimineár ar Bhailte Fearainn

BEIDH seimineár ar bhailte fearainn ar siúl i Leabharlann an Chairdinéil Tomás Ó Fiaich i gCathair Ard Mhacha amárach, 23 Deireadh Fómhair, ag toiseacht ar 10.00 rn.

Tá an ócáid seo á heagrú ag an Federation for Ulster Local Studies.

Beidh an seimineár ag díriú ar an tábhacht a bhaineann le bailte fearainn agus le caomhnú agus le cothú úsáide ár mbailte fearainn chomh maith le dea-chleachtas ó thaobh taighde de.

Is iad an Dr Brian Turner, Aoghán Ó Fearghaill (Uachtarán Chomhairle Uladh de CLG), an Dr Kay Muhr (Tionscadal Logainmneacha Thuaisceart Éireann), an Dr Bob Foy, an tUasal Roddy Hegarty agus an tUasal Jack Johnston a bheidh ina bhun.

Bhí Daniel O'Donnell ag canadh dá mháthair, Julia (91) chun tástáil a dhéanamh ar a háis éisteachta ó "Hidden Hearing" i Loch Chionn Caslach, Dún na nGall. Cheap sí go raibh a héisteacht imithe go deo, ach anois is féidir léi "gach rud a chloisteáil, in iomarca a deir mo mhac" (PIC. EOIN MC GARVEY)

3 TUAIRIMÍ

Ardán: "Nár cheart dúshlán a thabhairt do thuairimí Jean-Claude Trichet?"

Michael D. Higgins

Ní fhéadfadh bearna ní ba mhó a bheith ann idir an tuairisciú suntasach a rinneadh ar pháipéar a thug Uachtarán an Bhainc Cheannais Eorpaigh Jean Claude Trichet ag Siompóisiam bliantúil Airgeadaíochta Bhanc Cúlchiste Feidearálach Chathair Kansas in Jackson Hole Wyoming, (*The Irish Times*, Dé Sathairn 28 Lúnasa 2010), agus an tuairisciú a rinneadh ar chomhlitir scríofa ag fiche cinn d'eacnamaithe, socheolaithe agus anailísithe beartais, litir a d'áitigh rogha eile ar bheartais dhíbhoilscitheacha an rialtais.

Ní hé in *The Irish Times* amháin, ach is sna meáin chumarsáide go ginearálta go nglactar leis nach féidir aon chonspóid a cheangal le ráiteas an Uasail Trichet. Luíonn a rabhadh is deireanaí - go bhfuil "deich mbliana in aisce" romhainn san Eoraip mura ngearrtar caiteachas poiblí agus mura ndéantar díothú fiachais a bhrostú, is cuma cé na hiarmhairtí fostaíochta - luíonn an rabhadh seo go deas leis an bhfoshuíomh intleachtúil leisciúil gurb iad na beartais lárnacha deasacha reatha an t-aon fhreagra amháin ar an suíomh eacnamaíochta ina bhfuil an tAontas Eorpach.

Tá an glacadh tostach seo le suímh dhosheachanta Jean Claude Trichet ina léiriú ar an neamhábaltacht ag leibhéal intleachtúil dul i ngleic leis an tasc práinneach chun na beartais eacnamaíochta, an leas poiblí agus an eitic atá i réim a cheangal le chéile arís. Is mór an chlú do scoláirí Tasc a shínigh an litir chuig an Irish Times gur theastaigh uathu dioschúrsa a thosú ar ábhar atá tábhachtach, ní hamháin don ghlúin reatha, ach do na glúine atá le teacht.

Is é a dhéanann tuairimí ar nós thuairimí Uachtarán an Bhainc Cheannais Eorpaigh ná go spreagann siad an scoitheadh atá ann idir beartas eacnamaíochta agus an tsochaí a bhfuil sé beartaithe di, agus go spreagann sé chomh mór sin é is go ndíchobhsaíonn sé go domhain institiúidí daonlathacha ar fud na hEorpa. Is é a bhraitheann an pobal san Eoraip, i ngach tír, ná gurb é ár bhfadhb chomónta is mó ná an dífhostaíocht maille leis an aimléis, maille leis an teorannú ar an tsaoránacht, agus maille leis an dian-laghdú ar chaiteachas in ár ngeilleagar áitiúil agus náisiúnta, ceisteanna atá ina n-iarmhairtí ar an dífhostaíocht.

Tá sé d'fhiúntas ag suíomh Jean-Claude Trichet gur ráiteas ionnraic de chuid straitéis eacnamaíochta lárnach deasach é. Áfach, is ráiteas tacaíochta é do shamhail a bhfuil teipthe uirthi agus, má choinnítear é, cruthóidh sé iarmhairtí tromchúiseacha sóisialta.

Féachann pobal na hEorpa ar a n-institiúidí ionadaíocha agus lorgaíonn freagraí ar na coinníollacha atá ag bagairt ar a mbeatha agus ar a dteaghlach. Más é an freagra air seo nach bhfuil aon rogha ar an mbochtanas i ndán don tromlach agus nach bhfuil baol pionóis ann do na hamhantraithe atá ina mionlach, is é is dóichí go mbraifear nach iad na tuairimí ar nós thuairimí an Uasail Trichet atá ina léiriú ar an bhfadhb, ach gurb iad a bhfuil teipthe orthu ná na hinstitiúidí polaitiúla ionadaíocha, an pobal intleachtúil, agus na meáin chumarsáide. Is minic a tharraing Paul Gillespie - colúnaí an *Irish Times* ar smaointeoireacht chomhaimseartha Eorpach i measc rudaí eile - ár n-aird ar obair Jürgen Habermas agus a thacaíocht dá leithéid de dhioschúrsa poiblí a chuirfeadh ar chumas an daonlathais chomhaimseartha é féin a choinneáil beo agus é a fhréamhú sa réimse poiblí.

Tá sé d'fhiúntas ag suíomh Jean-Claude Trichet gur ráiteas ionnraic de chuid straitéis eacnamaíochta lárnach deasach é. Áfach, is ráiteas tacaíochta é do shamhail a bhfuil teipthe uirthi agus, má choinnítear é, cruthóidh sé iarmhairtí tromchúiseacha sóisialta.

Is ábhar buartha go smior é go bhfuil teipthe ar phlé a dhéanamh ar an bpráinn a bhaineann le beartas eacnamaíochta agus na leaganacha de theoiric na heacnamaíochta atá i réim i láthair na huaire a athchruthú. D'fhéadfaí go bhfuil na fréamhacha as ar fhás an drogall a bhaineann le heacnamaíocht pholaitiúil a athbhunú mar réimse oscailte smaointeachais, go bhfuil siad le sonrú sa húbras a lean thitim Bhalla Bheirlín in 1989. Cé gurbh fhéadfaí gurbh fhiú taifeadadh a dhéanamh ar mhí-úsáid an státachais agus an tsóisialachais stáit, tá drochthorthaí ar an margadh a cheangal le saol nach mbaineann cuntasacht dhaonlathach leis.

San achar inar chuir institiúidí amú an éirim a bhí de dhíth chun an conradh sóisialta a chothú, caitheadh amach na huirlisí atá de dhíth chun ár ndaonnacht chomónta a léiriú agus a chothú. Tá beag is fiú déanta de luach na teanga féin trí chnuasainmneacha a úsáid a thabharfadh le tuiscint go bhfuil na daoine go ginearálta freagrach as na cinntí agus gnímh a dhéanann an mionlach, mionlach nár lorg údarás ó aon rud ach amháin ón margadh agus a shaint.

Tá sé suimiúil a thabhairt faoi deara ag barr an chrainn sa tráchtaireacht eacnamúil - bíodh Amartya Sen nó Joseph Stiglitz i gceist - go n-aithnítear go bhfuil an t-ábhar féin i gcruachás. Is mian le Sen comhthéacs eiticiúil Adam Smith mar a fheictear é sa réamhrá nua ar *The Theory of Moral Sentiments* a athchruthú; tá rabhadh tugtha ag Stiglitz ar na hiarmhairtí le glacadh le beartas díbhoilscitheach geilleagrach mar an t-aon réiteach amháin ar ár riocht geilleagrach. Is é an daonlathas féin a dtugann an teipeadh seo dúshlán dó.

Tá oscailteacht do roghanna eile ar ár saol de dhíth ar an dlisteanacht a thugtar don daonlathas, toilteanas dul i ngleic lena mbagraíonn ár saoránaigh, agus feasacht chriticiúil ar na hiarmhairtí a bhaineann le rogha amháin thar rogha eile. I láthair na huaire, táimid faoi scáth miotas dainséarach. Nár cheart dúshlán a thabhairt do thuairimí Jean-Claude Trichet? Is tuairimí iad a dtacaíonn agus ngabhann le smaointeachas polaitiúil ar an eite dheis, mar atá i ngeilleagair láidre ar nós na Gearmáine. Tá sé ar chumas ag an aimléis, an bhochtaineacht agus an t-eisiamh a eascróidh as an smaointeachas seo go dtabharfaí dúshlán d'institiúidí daonlathacha, ní hamháin san Aontas Eorpach, ach go hidirnáisiúnta. Go dearfa, d'fhéadfaí go bhfuil a leithéid de dhúshlán de dhíth go morálta.

Is uachtarán ar Pháirtí an Lucht Oibre é Michael D. Higgins agus is Teachta Dála é do Ghaillimh Thiar. Tá sé ag súil go mbeidh sé ina iarrthóir ag Páirtí an Lucht Oibre sa chéad toghchán uachtaránachta eile.

Ag íoc as cuairt an Phápa

Bernie Ní Fhlatharta

An tseachtain seo caite bhí mé ag aifreann i Londain agus bhí an-ionadh orm nuair a d'fhógair an sagart go mbeadh bailiúchán airgid ann i ndiaidh an aifrinn le híoc as cuairt an Phápa le gairid.

Thug mé faoi deara gur beagán duine a chuir airgead isteach sa mbailiúchán sin ach ní raibh ansin ach paróiste amháin in aice le Kings Cross, áit nach bhfuil ró-rachmasach.

An Domhnach sin a raibh mise i Londain, bhí bailiúcháin den saghas seo ag tarlú ar fud na tíre.

Cheap mé go raibh sé tuatach agus níl aon chuimhne agamsa gur íoc muidne as cuairt Phápa Seán Pól ll in 1979 cé go raibh mé i mo dhéagóir agus nach bhfuil aon chuimhne agam air. Rinne mé beagáinín taighde ach ní fhaca mé aon tagairt do bhailiúchán i measc an phobail. Ach chosain sé airgead ar an Stát agus, mar sin, d'íoc muid as ar bhealach.

Is cosúil gur chosain cuairt an Phápa ar Shasana le gairid suas le €12m mar gheall ar chúrsaí slándála agus eile ach bhí sé aisteach ina dhiaidh sin go mbeadh an Vatacáin ag súil go gcuirfeadh daoine a lámha síos ina bpócaí féin agus tuilleadh airgid a chur ina dtreo. Bhí mé sa Vatacáin cúpla bliain ó shin agus chonaic mé an saibhreas atá acu agus a bhí acu leis na céadta bliain. Tá sé scanrúil agus an méid bochtanais atá ar fud an domhain. Ach is cosúil go bhfuil na cásanna cúirte atá tógtha ag daoine in aghaidh na heaglaise mar gheall ar dhrochíde ar leanaí ag cur as don saibhreas sin. Tá na milliúin íoctha amach ag an eaglais i Meiriceá agus an méid sin ag méadú sa tír seo agus i Sasana freisin, gan trácht ar na cásanna nua atá tagtha chun cinn sa mBeilg.

Bhí ionadh orm nuair a d'iarr an eaglais orainne anseo cabhair airgid a thabhairt dóibh mar gheall ar na suimeanna móra a bhí íoctha amach acu i gcúiteamh sa tír seo.

Chuir sé sin fearg ar go leor daoine agus ní haon iontas é ach fos féin bhí sé de mhuineál acu bheith ag súil le cabhair arís ón bpobal, an uair seo i Sasana. Muna raibh an Vatacáin in ann íoc as cuairt an Phápa, ba cheart dó fanacht sa mbaile.

Ag an aifreann céanna bhí bailiúchán seachtainiúil an pharóiste agus is cosúil, dar leis an nuachtlitir, go mbíonn an t-ádh leo má bhailíonn siad idir €400 agus €600 ar aon Domhnach. Feictear dom nach mbíonn mórán ag an aifreann sin go rialta. Níl a fhios agam cén sórt airgid a bhailíonn paróistí anseo ach is dóigh liom go bhfuil sé i bhfad níos mó ná sin. Fós féin, ní bheadh muidne anseo ag súil go mbeadh orainn íoc as cuairt an Phápa.

"A mhúinteoir, an bhfuil cead agam dul amach go dtí an leithreas?"

Conall Ó Móráin

Cosnaíonn sé airgead gach uair a théann muid ar an leithreas agus beidh muid ar fad ag díol as, fiú sa bhaile, go luath. Tá fhios againn cheana féin go mbeidh muid ag díol as beagnach gach seirbhís atá 'saor' faoi láthair nuair a bheidh Brian Lenihan críochnaithe linne agus le buiséad an rialtais i gcionn sé seachtainí.

Roinnt míonna ó shin rinne mise na suimeanna sa cholún seo a thaispeáin go raibh an-seans ann, i measc roinnt mhaith nithe eile, go mbeadh muid ag díol thart ar €400 mar cháin tithíochta.

Ón uair a scríobh mé an méid sin tá cúrsaí airgeadais na tíre tar éis dul in olcas go mór, rud a bhí le feiceáil nuair a chonaic muid an lucht freasúra agus iad ag teacht amach ó chruinnithe le hoifigí na Roinne Airgeadais an tseachtain seo. D'fhéadfadh duine dall d'fheiceáil go raibh na hurlabhraithe airgeadais bán san aghaidh.

Mar atá ráite ag cara liom go minic le deireanas, aon uair a chloiseann sé agallamh ar an raidió agus dream amháin nó dream eile ag lorg faoiseamh speisialta dá ngrúpaí leasmhara, is cuma cé chomh dáiríre agus tuillte atá a gcuid acmhainní, go mba chóir go mbeadh duine cois micreafóin, beagán ar chúl orthu agus iad ag labhairt go bog, agus gan ach rud amháin dá rá acu, arís agus arís eile, "Tá muid bancbhriste, tá muid bancbhriste..."

Is oth liom a rá go bhfuil an scéal chomh lom leis sin. Níl aon airgead sa tír, níl aon airgead ag an rialtas agus mura nglacann muid le pé rud a chuireann Brian Lenihan os ár gcomhair amach ag tús mhí na Nollag is féidir linn glacadh leis go mbeadh aon leigheas a bheadh dá mholadh ag an IMF i bhfad níos seirbhe fós.

Is fiú ag an bpointe seo breathnú síos an leithreas mar sin an áit ina bhfuil eacnamaíocht na tíre. Tá liosta na ndaoine gur féidir linn an milleán a chur orthu fada agus níl sé cuimsitheach fós: Bertie Ahern, Brian Cowen, Fianna Fáil, na Glasaigh, forbóirí, rialtóirí, rialtóirí nárbh iad, Seán FitzPatrick, Michael Fingelton, David Drumm, Seán Dunne, Derek Quinlan, na bainc ar fad, HSE, FÁS, Siptu (cur ainm do dhiabhail isteach anseo) ... tá an liosta fada agus ag éirí níos faide. Is trua nach féidir a bhformhór a bhrú síos na leithris chéanna.

Ní maith liom Ryanair. Tá an tseirbhís gránna agus garbh. Ach soicind amháin - tá sé saor agus oibríonn sé. Má tá ort dul go Londain nó Páras níl an costas thar fóir. Ní dhéanann Ryanair mórán eile laistigh dá ngnó seachas ciorruithe a lorg an t-am ar fad. Más féidir leo cent a shábháil anseo nó Euro ansiúd tá siad sásta.

Agus mé ag leanúint le téama an leithris is cuimhin le roinnt agaibh go raibh Ryanair ag moladh go ngearrfaidís Euro orainn chun an leithreas d'úsáid ar bord eitleáin, cé nach féidir bheith cinnte riamh cé chomh dáiríre agus a bhíonn Michael O'Leary faoi roinnt de na seifteanna seo. Ach pé bealach é leanann seirbhís Ryanair ar aghaidh, ag fás an t-am ar fad, agus ainm in airde acu maidir le sábháilteacht in ainneoin gach iarrachta a dhéanann siad chun caiteachas a ghearradh siar. Is léir nach ionann ciorruithe agus sinn a chur i mbaol.

Fiú má deir Ryanair go bhfuil aerfort Charleroi in aice le Páras (níl - chosain an tacsaí €120 orm, níos mó ná mar a chosain an ticéad ó Bhaile Átha Cliath go Páras, nuair a bhí mé deireanach i gcomhair an bhus ón gcathair go Charleroi) ach tá tú fós sa bhFrainc ar chaoga Euro. Is mar a chéile leis na seirbhísí sóisialta atá dá rith ag an rialtas ar ár son. Is féidir ciorruithe a dhéanamh ach beidh athrú meoin ag teastáil. Dúinne atá san earnáil phríobháideach maireann muid le hathruithe inár modhanna oibre chomh minic agus go bhfuil gá leo. Sin mar atá an saol.

Deirtear go minic má ghearrann muid airgead ar dhaoine chun dul go dtí dochtúirí nach n-imeoidh siad agus go bhfulaingeoidh siad dá bharr. Tá mé cinnte go bhfuil roinnt fírinne sa mhéid sin ach n'fheadar cé mhéad? An iad na dochtúirí agus an buíon mhór comhairleoirí cumarsáide poiblí atá acu atá chomh cinnte faoi seo agus atá ag scaipeadh na scéalta seo sna meáin chumarsáide?

Tá cuma na fírinne air ach ní fhaca mise staidéar riamh fúthu siúd a théann ar an dochtúir agus gan fáth leis. Tá deighilt ghnéis ag baint leis seo freisin - ní théann fir ar an dochtúir más féidir é a sheachaint, ach ní mar a chéile le mná - ach ní fios go bhfuil mórán de dhifear le feiceáil idir sláinte na bhfear agus sláinte na mban dá bharr. Bím i gcónaí amhrasach an é go bhfuil imní ar dhochtúirí faoina gcuid othar nó a gcuid sparán nó an bhfuil mé ró-chiniciúil ar fad agus mé ag léamh níos luaithe sa tseachtain go bhfuair gnáthdhochtúir, ní speisialtóir é nó í, €140,000 sa bhreis ar bhuntuarastal de bharr ragoibre. B'fhéidir nach ar an dochtúir an locht gur tharla seo, b'fhéidir go raibh sé tábhachtach go ndearnadh an obair, ach n'fheadar cén saghas córais a ligeann don sórt seo ruda tarlú.

Thosaigh mé ag scríobh faoi leithris agus críochnóidh mé ar an téama céanna mar taispeánann mo scéal conas go bhfuil muid ábalta airgead, na mílte milliún Euro, a chur amú gach bliain. Gach uair a dhéanann muid sruthlú ar an leithreas cuireann muid uisce glan, uisce atá maith go leor len é a ól, anuas ar shéarachas. I bhformhór na gcásanna tagann an t-uisce sa leithreas ó oibreacha uisce ar a gcaitheann muid na milliúin chun an t-uisce a ghlanadh. Cé chomh díchéillí atá muid go nglanann muid uisce chun é a shalú arís ionas go mbíonn orainn é a ghlanadh arís chun é a shalú arís. Sin a dhéanann muid gach aon lá den bhliain. Agus gan uisce ní féidir linn maireachtáil. Tá uisce níos tábhachtaí, d'fhéadfá a argóint, ná an saol féin. Caithfear cur amú uisce (agus acmhainní eile an Stáit) a stopadh. Tá sé taispeáinte i nGaillimh má ghearrtar airgead orainn ar ár gcuid uisce go ngearrtar an cur amú os cionn 80% - figiúr millteanach mór ar chostas bídeach.

Má tá muid sásta beagáinín a dhíol ar sheirbhísí is féidir le maitheas teacht as.

Peter Robinson agus *Apartheid*

Eoghan Ó Néill

Dé hAoine seo caite d'fhógair Peter Robinson go bhfuil scoileanna eaglasta sa tuaisceart (is é sin scoileanna Caitliceacha) freagrach as "*apartheid* oideachais."

Focal ar bith faoin apartheid a chleachtaigh aontachtaithe sa 60 bliain is go raibh siadsan ag rialú na Sé Chontae! Bhí réiteach simplí ag an Chéad Aire ar apartheid na gCaitliceach.

Go mbeadh aon earnáil oideachais amháin ann feasta, earnáil an stáit.

Agus go séanfaí maoiniú stáit ar scoil ar bith nach raibh san earnáil sin.

"Séanaimis airgead stáit ar scoileanna Caitliceacha agus ar Ghaelscoileanna" an ceannteideal a ba cheart a bheith ag na nuachtáin Dé Luain.

Ach seachas sin bhí "*I won't be cowed by Catholic Church*" ina ceannteideal ar an *Belfast Telegraph*. B'shin díreach a bhí á lorg ag Peter Robinson ar ndóigh.

Ba chuspóir dá chaint olc a chur ar an eaglais Caitliceach agus ar Chaitlicigh. Iad a mhaslú.

Seicteachas a spreag a chaint.

An tseicteachas sin a thug an DUP chun beatha agus a choinníonn beo é. Seicteachas atá ag treisiú seachas ag maolú.

Ba ghnách leis an DUP na luascáin i bpáirceanna phoiblí an tuaiscirt a ghlasáil Dé Domhnaigh ar eagla páistí a bheith ag spraoi Lá na Sabóide. Bheadh siad ag déanamh a macasamhail go fóill ach amháin gur tugadh cásanna cúirte ina gcoinne.

Dia a mhol do Peter Robinson is dá pháirtí na luascáin a ghlasáil ar ndóigh. Dia atá ag stiúir Nelson Mc Causland agus é ag iarraidh tabhairt ar Iarsmalann Uladh a dtaispeántais a athrú cionn is nach bhfuil aird go leor acu ar "*creationism*" ná ar an Ultais.

Agus tá Dia, ar bhonn laethúil, ag comhairliú don DUP a bheith ag troid i gcoinne an "*Whore of Babylon*," agus lucht a leanúna.

Páirtí é an DUP a d'eascair as eaglais bheag antoisceach Phrotastúnach agus atá, go dtí inniu féin, faoi smacht na heaglaise sin.

Mar sin nuair a chluinim Peter Robinson ag spalpadh leis faoin dóigh a bhfuil scoileanna Caitliceacha freagrach as "*apartheid* oideachasúil," déanaim osna.

Nó uaireanta caithim slipéar ar an teilifíseán. Is minice a chaitear an slipéar na saolta seo. An bhfuil mise i bhfách le oideachas iomlánaithe? I bprionsabal, tá. Is é an cur chuige an áit a bhfuil an fhadhb.

Níl muinín agam as an ghluaiseacht do scoileanna iomlánaithe sa tuaisceart atá in amanna sotalach, mí-réadúil agus tiomanta ag fealsúnacht pholaitiúil.

Agus tá sé as teagmháil ar fad leis an ísealaicme Protastúnach is Caitliceach.

Tiocfaidh laghdú ar an seicteachas de réir mar a théann an tsíocháin i bhfeidhm, de réir mar a bhriseann an ghlúin óg ar nósanna a dtuismitheoirí, de réir mar a chuirtear le failleanna imeasctha do dhaoine sa scoil agus taobh amuigh de.

Ach thar rud ar bith eile rachaidh an seicteachas i léig nuair a thagann ceannairí aontachtacha chun tosaigh atá sásta "*No No No*" a rá don seicteachas.

Taobh amuigh de David Ervine, Trevor Ringland agus dornán beag eile ní raibh a leithéid acu le mo chuimhne. Le 20 bliain agus níos mó tá Poblachtaigh is náisiúnaigh ag rá is ag athrá lena lucht tacaíochta go gcaithfidh siad athrú.

Go gcaithfidh siad cuid dá mbun teagasc a athchruthú nó fiú a thréigean. Ó ghlacadh le Stormont nua go dul isteach sa PSNI bhí Sinn Fein agus an SDLP i dtús cadhnaíochta ar phróiseas na hathruithe.

D'inis siad an fhírinne lena lucht tacaíochta agus thug ceannasaíocht dóibh. Agus lean bunús a bpobail iad. A mhalairt a tharla leis na haontachtaithe.

Tá ceannairí acu a deir leo i rith an ama go dtig leo leanúint ag séanadh airgead ar an CLG, ag séanadh a gcearta ar lucht na Gaeilge, ag cur i gcoinne earcú Caitliceach sa PSNI, ag diúltú do shiombalacha na hÉireann sa tuaisceart agus dá réir.

Go dtí go mbeidh ceannairí maithe ag an phobal aontachtach is dual dóibh éisteacht le Peter Robinson ag caint faoi "*apartheid* oideachasúil" na gCaitliceach seachas caint faoin apartheid oideachasúil atá á cleachtadh ag a pháirtí féin.

Ar an tábla den 15 ceantar is laige oideachais sa tuaisceart tá 13 ceantar dílseach ann. Cuir i gcás an tSeanchill. In 2009 ní dheacaigh ach 10 bpáiste as an 104 páiste bunscoile i gceantar na Seanchille go scoil ghramadaí.

Sandy Row?

11 páiste as 79 páiste bunscoile a bhain amach scoil ghramadaí.

A mhalairt scéala a bhí ann in Ard Mhic Neasca. Chuaigh 77 dalta bunscoile as 135 dalta bunscoile a fhad le scoil ghramadaí. Agus ar Bhóthar Mhaigh Luain chuaigh 214 dalta as 235 dalta go scoil ghramadaí.

Seachas tabhairt faoin apartheid sin tá Peter is a bpáirtí ar a seacht ndícheall ag cur i gcoinne iarrachtaí Caitríona Ruane chun fáil réidh leis an 11+.

Is iomaí locht ar eaglais na Róimhe ach nach iontach go bhfuil sé fúthu sin agus faoi Shinn Féin a bheith ag cosaint cearta pháistí Sandy Row.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 22 Deireadh Fómhair, 2010

Eagarfhocal

Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

Ná géillimis do na ciorruithe chomh héasca sin

NÁ bíodh aon amhras faoi, beidh na ciorruithe sa chéad bhuiséad eile millteanach mór agus dochrach tromchúiseach. Beidh siad chomh mór sin go n-athróidh siad saol na ndaoine in Éirinn.

Tá muid á ullmhú ag an rialtas agus ag na meáin do na ciorruithe sin, ach ar cheart dúinn géilleadh chomh furasta sin?

Mar atá ráite an tseachtain seo ag an *Economic and Social Research Institute*, tá contúirt ann go rachaidh an rialtas thar fóir leis na ciorruithe seo - chun an Coimisiún Eorpach agus leasanna dílsithe eile a shásamh - agus go ndéanfar an-dochar don gheilleagar mar gheall air sin.

Níl sé ar dhóigh ar bith cothrom ná réalaíoch go gcaithfidh Éire cloí le 2014 mar spriocdháta chun caiteachas poiblí a chur faoi smacht - ba cheart sin a dhéanamh soiléir leis an Choimisiún - dream nach bhfuil aon údarás daonlathach acu.

Caithfidh an rialtas seo, agus an chéad rialtas eile, tús áite a thabhairt d'Éirinn, ní don Choimisiún Eorpach.

Beidh na billiúin á mbaint amach as an gheilleagar - níl sé sin ag dul cuidiú le fás sa gheilleagar, rud atá de dhíth má tá muid chun ioncam cánach a ardú, an t-aon rud ar féidir leis dul i ngleic leis an easnamh sa bhuiséad mar is ceart sa tréimhse fhada.

Má bhíonn dí-fhostaíocht ann ar scála ollmhór, níl sé sin ag dul cuidiú le hathfhás an gheilleagair ach an oiread, leis na billiúin á gcaitheamh ar shochar dífhostaíochta agus gan mórán airgid á chaitheamh sna siopaí.

Tá baol nach beag ann go sleamhnóidh Éire isteach i mbís dhíbhoilscitheach a mbeadh sé thar a bheith deacair éalú as.

Ba cheart go mbeadh an rialtas agus an freasúra ag smaoineamh ar bhealaí chun airgead a chur isteach sa gheilleagar chomh maith le ciorruithe.

Mar sin de, ná géillimis do na ciorruithe chomh héasca sin.

Leagan Peter Robinson den chomhtháthú

IS rud dearfach an t-oideachas comhtháite, is rud ceart dearfach é go mbeadh páistí á dteagasc le chéile seachas a bheith scartha.

Is léir nach raibh sé sin i gceist ag Peter Robinson ina ráiteas an tseachtain seo ar thodhchaí an chórais oideachais, nó le bheith níos cruinne faoi, na gcóras oideachas ó thuaidh, áfach. Bhí sé i gceist aige go ndruidfeadh na scoileanna Caitliceacha agus na Gaelscoileanna agus go rachadh na páistí iontu go scoileanna stáit.

Mar atá sa Bhreatain agus i bPoblacht na hÉireann ba cheart go mbeadh an ceart ag tuismitheoirí oideachas reiligiúnach a fháil dá gcuid páistí. Tá sé sin aitheanta ag an DUP, ach gan maoiniú an stáit, níl aon chiall leis an cheart sin.

Tá orainn ár mbuaireamh a léiriú maidir le todhchaí na nGaelscoileanna ó thuaidh, atá cosanta, go teoiriciúil ar a laghad, faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta, ach ná déanaimis dearmad nach dtacaíonn an DUP leis an chomhaontú sin.

Is beag nach bhfuil an Ghaeilge faoi chosc i scoileanna stáit an Tuaiscirt. Is beag nach bhfuil cluichí Gaelacha faoi chosc ann mar an gcéanna.

Tá an ceart ag páistí foghlaim trí mheán na Gaeilge, Gaeilge a fhoghlaim, stair na hÉireann a fhoghlaim, peil Ghaelach a imirt, an iomáint a imirt. Ba chóir faoin am seo go ngéillfeadh an DUP don phointe bunúsach sin agus go gcuirfeadh siad deireadh lena gcogadh cultúrtha.

Tá sé cruthaithe ag aontachtóirí polaitiúla, agus an DUP go háirithe, nach bhfuil meas madaidh acu ar chultúr Éireannach agus Gaelach ná ar an chreideamh Caitliceach ach an oiread.

Má tá Peter Robinson ag iarraidh rud éigin a dhéanamh faoin seicteachas, ba cheart dó plé leis an éadulaingt ina pháirtí féin.

Tá dul amú air má shíleann sé go ndéanfaidh siad dearmad ar chultúr s'acu chomh héasca sin. Má tá 'todhchaí roinnte' ann, caithfidh spás a bheith ann don dá chultúr ó thuaidh. Caithfidh daoine a bheith sásta cultúr 's'acu' a roinnt agus meas a bheith acu ar an chultúr eile.

Caithfear glacadh go bhfuil éagsúlacht chultúrtha ann agus foghlaim cén dóigh plé leis an éagsúlacht, ní réiteach ar bith é iarrachtaí a dhéanamh leis an éagsúlacht sin a chur faoi chois.

Dá dtiocfadh le Peter Robinson ráiteas a dhéanamh ag dearbhú go mbeadh áit do chultúir eile nach n-aithnítear mar chuid de chultúr na Breataine iad sna scoileanna úra seo atá beartaithe aige, seans gurbh fhéidir linn an dara héisteacht a thabhairt dó.

Faraor, mar a sheasann rudaí anois, rinne an Piarsach cur síos beacht ar an chineál scoile atá beartaithe ag Peter Robinsion céad bliain ó shin in '*The Murder Machine*'.

CLG Gaelach Bhaile Átha Cliath

CAITHFIMID ard-mholadh a thabhairt do na daoine atá ag obair chun Cumann Luthchleas Gael lán-Ghaelach a bhunú san Ardchathair.

Beag beann ar dheontais, ar chúrsaí geilleagair nó straitéis ar bith, shocraigh siad chun treabhadh ar aghaidh leis an togra seo.

De réir a chéile a thógtar na caisleáin agus tá tús maith curtha leis an obair seo.

Is é CLG ceann de na heagraíochtaí is tábhachtaí i saol na hÉireann agus cibé saghas club a bheas i gceist amach anseo, tá sochar déanta aige don Ghaeilge cheana. Má bhíonn an-rath air agus má bhíonn club iomlán ag oibriú ag gach leibhéal trí mheán na Gaeilge le páirc agus le clubtheach, rud réabhlóideach amach is amach a bheidh ann. Maith sibh.

CEIST na Seachtaine

Ní ceart cosaint dlí níos fearr a thabhairt do na lipéid cheoil agus do cheoltóirí ó thaobh íoslódáil mhídhleathach ar líne: Léitheoirí Gaelscéal

Róisín Ní Ealaí

BHÍ iomaíocht ghéar an tseachtain seo maidir le seasamh léitheoirí Gaelscéal ar íoslódáil mhídhleathach ar líne.

Is é an cheist a chuir Gaelscéal ar na léitheoirí ar www.gaelsceal.ie ná: Ar cheart cosaint dlí níos fearr a thabhairt do na lipéid cheoil agus do cheoltóirí ó thaobh íoslódáil mhídhleathach ar líne?

Ní fhéadfá a rá gur tromlach suntasach iad na daoine a cheap nár cheart cosaint na lipéad ceoil agus na gceoltóirí a fheabhsú, mar gheall gur beag a bhí idir an dá thaobh sna torthaí.

Cheap 56% de dhaoine a chaith vóta nár cheart cosaint dlí níos fearr a thabhairt do na lipéid cheoil agus do cheoltóirí ó thaobh íoslódáil mhídhleathach ar líne agus shíl 44% díobh gur cheart.

Ceist na Seachtaine : Beag beann ar chúinsí eacnamaíochta, ar cheart dúinn cloí le "comhaontú Pháirc an Chrócaigh" maidir le híocaíocht san earnáil phoiblí i gcónaí?



Comhairle mo Mháthar

Páidí Ó Lionáird

Chaitheas an deireadh seachtaine sa bhaile – ní i gConamara, mo bhaile altramais agus áit a mbraithim i measc comharsan, cairde agus comhluadar fiala agus flaithiúla – ní hea ach sa bhaile i mBaile Bhúirne Chorcaí a bhíos.

Bíonn meas ag formhór mór na ndaoine ar an áit as ar fáisceadh iad ar iliomad cúiseanna. Caithfidh mé a rá gurb amhlaidh an cás é óm' thaobhsa de. Bíodh is gur chun oibre a thugas an chuairt seo ó dheas, bhí an oiread san ar siúl nach raibh seans agam freastal ar chéatadán de na himeachtaí nó ócáidí a bhí ar bun.

Bhíos ann d'fhonn ábhar do shraith cláracha raidió a thaifeadadh agus táim cinnte fiú's go bhfuil na huaireanta an chloig ar thaifead agam, neart ábhar chun an méid atá le déanamh agam a shásamh, táim cinnte de nach bhfuil mo dhóthain fós agam, a shuimiúla agus atá sé. Ar aon nós, tuilleadh faoi sin ag am éigin eile b'fhéidir. Agus mé i measc mo mhuintir i gcistin an tí, an tsean-nead mar a thugann m'athair air, dúirt mo mháthair liom scríobh faoi rud éigin áthasach, dóchasach agus dearfach an tseachtain seo mar go bhfuil mo chuid colún le roinnt seachtainí duairc agus diúltach, lán d'fhearg.

Ní raibh aon fhreagra agam.

Ní fhéadfainn easaontú lem' mháthair agus ní de bharr gur mo mháthair í ach bhí an ceart aici. Ní dhéarfainn gur duine feargach mé de ghnáth agus sílim mé fhéin ina measc siúd a chuirfeadh an taobh dóchasach chun cinn i gcónaí, duine a mbeadh a ghloine aige leathlán seachas leathfholamh. Bíonn sé deacair áfach, a dúrt, féachaint ar a bhfuil ag tarlú sa tír gan bheith diúltach agus feargach. D'aontaigh sí liom ach fós fhéin bhí an teachtaireacht tugtha dom agus tuigim cad ba chúis lena comhairle.

Lucht Éigse an Fhómhair i gCúil Aodha i gCo. Chorcaí - Dónal Ó hÉalaithe, Margaret Uí Liatháin, Proinsias Ó Cuilinn, Áine Mhic Gearailt, Seán Ó Muimhneacháin, Pádraig Ó Caomhánaigh, Eibhlín Ní Lionáird, Micheál Ó Tuairisg, Seán Ó Morónaigh, Áine Uí Chuill, Naoise Mac Gearailt, Ann Marie Uí Dhubhda, agus Siobhán Ní Mhuimhneacháin.
(PIC: AN COMHLACHAS NÁISIÚNTA DRÁ)

Tá an tír faoi thuilte drochscéalta. Tá gach éinne faoi bhrú ag éirí as na botúin agus an neamhaird a deineadh de na bainc, na rialaitheoirí, na rialtais agus pé údarás eile a bhí i gceannas. Táimid faoi scáth scamall dubh diúltach chomh tiubh leis an mbrat a shéid an bolcán san Íoslainn ar an mór-roinn. An t-aon difríocht ná go raibh fhios againn go séidfeadh gaoth éigin an luaithreach sin as an tslí ar ais (ash, ha ha) nó ar éigean.

Ní fhéadfainn easaontú lem' mháthair agus ní de bharr gur mo mháthair í ach bhí an ceart aici. Ní dhéarfainn gur duine feargach mé de ghnáth agus sílim mé fhéin ina measc siúd a chuirfeadh an taobh dóchasach chun cinn i gcónaí, duine a mbeadh a ghloine aige leathlán seachas leathfholamh.

Ar aon nós, sara bhfillim ar mo chuairt ó dheas, nárbh ait a léamh an tseachtain seo caite faoi staidéar Eorpach de chuid Eurostat a deineadh le fáil amach canad atá na baill is "sona" i measc na mballstát. Níorbh fhada ó bharr an dréimire sin muid, d'ainneoin ár dtrioblóidí ar fad, gan ach lucht Chríoch Lochlann os ár gcionn.

Ar aon nós agus mé ó dheas, bhí réiteach don Oireachtas faoi lán tseoil, garsúin agus girsigh ag foghlaim a gcuid amhrán ó scoth na múinteoirí in Ionad Cultúrtha Bhaile Bhúirne. Na múinteoirí féin ag cleachtadh a gcuid amhrán i mBarr a' Chuma agus sa Mhuileann níos déanaí. Bhí agallaimh bheirte, ceapóga agus lúibíní agus snas á gcur orthu – agus oíche iontach acu chuige sin in Árus Mhic Shuibhne i gCúil Aodha mar a raibh ómós á thabhairt do dhuine de laochra na háite atá ar lár, Dónal Ó Liatháin – fear a cheap, a mhúin, a chum agus thar aon ní eile, a chleachtaigh gach uile ní a bhaineann le bheith id' Ghael. Níorbh aon tionóisc é ach an oiread gur chuir sé gáire ar gach aghaidh ar bhuail sé leo.

Tháinig daoine as Ciarraí agus Corr na Móna fiú d'fhonn a bheith páirteach agus chuir Dónal Ó hÉallaithe i gcuimhne dóibh cérbh é an Liathánach i bhfocail roghnaithe go cúramach, snoite. Seoladh an dara heagrán de leabhar ina bhfuil scoth na n-agallamh beirte, ceapóga agus amhráin saothair i measc an iliomad seod idir chlúdaigh – Agallamh na hÉigse faoi eagar Sheáin Uí Mhorónaigh ón gComhlachas Náisiúnta Drámaíochta. Is iomaí eachtra a tharlaíonn in aon áit. Cuid acu a cheapfá atá neafaiseach, gan tábhacht nó gur beag is fiú iad. Más ea, i gceantar Mhúscraí, is annamh nach mbeadh taifead éigin déanta orthu – iad curtha i dtoll a chéile ag deireadh an fhómhair i bhfoirm véarsaíochta nó iniata i gceapóga nó amhráin saothair a chuirfí os comhair an tslua áitiúil chun a mbreithiúnas a fháil ar a luach sula dtabharfaí aghaidh ar an mór-ócáid bhliantúil do na Gaeil, an tOireachtas – a bheidh ar siúl in aice láimhe i gCill Airne ag deireadh na míosa seo. Is ann a bhuaileann cairde dlútha le chéile – cuid acu nach bhfeiceann a chéile ach ag an Oireachtas. Beidh leo arís i mbliana geallaim daoibh.

Nílim á rá nach mbíonn comh-ionann na n-imeachtaí seo, ar bhonn éigin eile, ar bun in áiteanna eile. Níl á rá agam ach go bhfuil gloine siúd mo mhuintir féin lán go maith agus gurb iontach an fhrithnimh iad ar an ndrochscéal.

Buíochas Mam.

SÚIL SIAR na Seachtaine

Ar Aghaidh – Samhain 1943

An Iodáil

Críostaidhthe an domhain; agus na cineadhacha sibhialta uilig, tá a súile iompuighthe i dtreo na h-Iodáile. Cuimhnighmíd ar ráiteas an Pápa i dtoscach an chogaid "cailltear 'chuile shórt le cogadh ; ní buaidhtear dada," agus le sompla d'fhírinne na cainte sin d'fhágail ní gádh dul lasmuich de'n dtír labhair sé. In aimhdheóin na bhfocla milse a fuair an Iodáil ós namhaidnáisiún, níl inte anois acht páirc chatha. Níl d'feidhm aici i súilibh taoibh amháin acht conus is féárr a úsáidtear í ionnus go mbeadh sí mar chabhair leis an lámh-inuachtar fhaghail ar an dtaoibh eile.

An loitfear an Róimh sa troid? Ní fheicéann ceannasaithe airm inteacht meall mór d'fhoirgnimh agus gabhal bóithre. Thiocfadh dho go mbeadh tionchur ag pobul sibhialta an domhain ortha. Tathar ag fanacht.

Ó thaobh oll-chleasuiochta coghaidh de, tugaimís ár n-aire do phointe nó dó. Ó'n 3ad Meadhon-Fhoghmhair, tá Cómh-Ghuallaithe at thalamh na n-Iodáile. Do chabhruig an géilleadh Iodálach leis an dul-ar-aghaidh a rinne an t8adh Arm i dtús báire. Ionnus nach féidir a rádh go bhfuil limistéar mór gabhtha acu, nuair cuirtear i gcómhmheas é leis an méid de lurga na h-Iodáile atá fágtha, nó leis an méid atá ath-gabhtha ag an Rúis,

Is léir go bhfuil cosaint na nGearmánác ag dul i dtreise, i ag dul in deacracht a bheidh an fronta san do Chómh-Ghuallaite. Constaic chlipitheach iseadh cthair na Róimhe, constaic iseadh na Sléibhte Apeníneacha; constaic iseadh an réigiún idir na sléibhte sin agus an mhuir Adriach, mar do réir cosúla is talamh é atá oiriúnac do lucht cosanta. I dteannta leis na Gearmánaig ag baint an uile úsáide as gach tosga dhíobh so tá spás ama acu chun córas cosanta a eagrú thaobh thuaidh. Gheibhtear scéala go bhfuil tímeall is 25 Arm – Ranna ann acu. Acht féach ar an leársgáil tré shúilibh na gCómh-Ghuallaithe. Ba áisiúil iad an tSáirdín agus an Choirsic le haghaidh arm ionnraidh a chómh-chruinniú ionta le feachtas a ullmhú in aghaidh deiscirte na Frainnce ní tuaiscirte na hIodáile. Cheana féin tá an réigiún san i Raon a n-eiteallán cogaidh, agus is dóichíghe go mbainfear an uile úsáid as na h-aer-pháirceanna nuair bheidh siad eagraithe foirbhthe ins na n-oileáin seo.

Buaileann a chómh-shamhail de smaoineamh duine a bhreathnuigheann ar "sháil" na h-Iodáile. Tá aer-pháirceanna éifeachtacha gabhtha annsúd ag Cómh-Ghuallaidhthe agus beidh siad áisiúil dóibh le sciúirdeanna bumála a thabhairt ar láithreacha tábhachtacha san Albáin, sa Gréig, san Iugo-Slabh, agus fiú sa Rumáin. Úsáid eile a bainfí as an áit sin, arm a chruinniú an le haghaidh ionnraidh i gcoinnibh na dtíortha balcanacha sa nua-bhliadhain.

Ó.S.M

4 CÚRSAÍ SAOIL

Eagrúchán an Oireachtais

"Níl i gceist anois ach *fine-tuning*"

Treasa Bhreathnach

Cé nach bhfuil Oireachtas Samhna na bliana seo fiú tosaithe go fóill, táthar ag tabhairt faoin eagrúchán do 2013 agus 2014 cheana féin. In 2012 beidh Oireachtas na Samhna ar siúl i Leitir Ceanainn ach is é Cill Airne, agus an deireadh seachtaine seo chugainn, is tábhachtaí dúinn ag an bpointe seo mar go bhfuil Oireachtas na bliana seo ag teannadh linn.

"Go hiondúil," a deir Liam Ó Maolaodha, stiúrthóir Oireachtas na Gaeilge , "is iad coistí áitiúla nó coiste éigin atá ag plé leis an Ghaeilge go háitiúil, nó craobh de Chonradh na Gaeilge nó Cumann Lúthchleas Gael, a chuireann iarratas chugainn chun Oireachtas na Samhna a reáchtáil ina mbaile féin."

Meastar gur thug Oireachtas na Samhna timpeall €5.5 milliún go Leitir Ceanainn an bhliain seo caite, mar sin ní haon ionadh é go bhfuil bailte agus coistí éagsúla in iomaíocht ghéar lena chéile chun iarracht a dhéanamh an borradh sin a thabhairt faoi eacnamaíocht na háite.

"Tá ceathrar fostaithe go lánaimseartha ach ní féidir gach aon chomórtas a chur i láthair gan tacaíocht eile.



Sibéal Davitt ag damhsa ag Oireachtas na Samhna i Leitir Ceanainn.

Emma Ní Shúilleabháin, Rinn na Mhaoill, Co. na Gaillimhe, buaiteoir an chomórtais Rince Aonair ar an Sean-Nós ag Oireachtas na Samhna i Leitir Ceanainn.

Tá comhlacht fuaime againn agus baill den choiste náisiúnta a thabharfaidh cúnamh ach is iad an grúpa de cheathrar a dhéanann iad sin a eagrú agus a stiúradh," a deir Liam maidir leis an fhoireann a bhíonn ag obair ar an fhéile.

Bíonn oibrithe deonacha ag obair le linn na féile chomh maith agus cuirtear lóistín nó ticéad saor in aisce ar fáil dóibh mar chomhartha aitheantais.

Níl íocaíocht mhór i gceist do na moltóirí ach oiread ach cuirtear lóistín ar fáil dóibh agus táille aitheantais chomh maith. Beidh idir 40 agus 50 moltóir ag déanamh moltóireachta ar chomórtais an Oireachtais.

"Ní chríochnaímid liosta na moltóirí go dtí go bhfuil an liosta iarratas dúnta againn," a deir Liam. "Déanfar iad a roghnú tar éis go leor plé. Bíonn orthu saineolas a bheith acu ar na ranna áirithe. B'fhéidir gur duine iad a bhuaigh comórtas cheana, a leithéidí Chorn Uí Riada nó an comórtas damhsa ar an sean-nós, nó b'fhéidir duine le cáilíochtaí acadúla. Bímid ag iarraidh go mbeadh meascán d'fhir agus mná agus chomh maith leis sin go mbeadh meascán de na ceantracha éagsúla i gceist ó thaobh stíleanna éagsúla sean-nóis de."

Mar aon le gach comórtas bíonn iomaitheoirí ann a mbíonn gearán acu faoin chóras moltóireachta ach do chomórtas Chorn Uí Riada tá fáil ag na hiomaitheoirí ar thuairisc neamhspleách i scríbhinn ón triúr moltóirí maidir lena n-iarracht féin. Má tá aon iomaitheoir nach bhfuil sásta nó díreach atá fiosrach tá siad i dteideal dul i dteagmháil leis an Oireachtas chun a dtuairisc féin a fháil. Tá ardú ollmhór tagtha ar líon na n-iarratas i mbliana ó 418 anuraidh go 510.

Deir Liam, "D'fhéadfadh iarratas teacht isteach ó dhuine aonair, nó beirt mar shampla do lúibíní nó grúpa daoine. Ní raibh muid ag súil leis an ardú sin i ndáiríre."

Anuraidh chaith an eagraíocht €770,000 agus is é an maoiniú a fuaireadar ón stát na €534,000, mar sin tá bearna ansin a gcaithfear a líonadh. "Déanaimid an bhearna sin a líonadh tríd urraíocht, síntiúis, nó díol ticéad. Breathnaítear ar chostas na dticéad gach bliain agus caithfear na costais uile a thabhairt san áireamh idir costais slándála, árachais agus eile. Mar shampla cé nach féidir linn a bheith iomlán cinnte, táimid ag súil le os cionn 1,000 duine ag an gcomórtas Corn Uí Riada agus ag an gcomórtas damhsa," arsa Liam. Tá cead isteach chuig imeachtaí roimh 7in saor ina aisce, seachas an damhsa, ach caithfear ticéad a cheannach do na mórchomórtais san oíche. Mura bhfuil an ticéad ceannaithe agat ag an bpointe seo ná bíodh imní ar bith ort mar is féidir iad a cheannach ar an láthair.

Ní hiad siúd atá ag freastal ar an fhéile i gcomhair dheireadh seachtaine siamsaíochta amháin a bheidh le feiceáil ann, Beidh an tAire Gaeltachta Pat Carey i láthair ar an Aoine agus ar an Satharn agus beidh cruinnithe agus seoltaí áirithe ag roinnt mhaith de na heagraíochtaí Gaeilge chomh maith. Beidh suas le 35 seastán ag na heagraíochtaí Gaeilge ann agus iad ag iarraidh eolas a chur ar fáil do phobal na Gaeilge faoina bhfuil ar siúl acu.

Síleann Liam gurb é an tOireachtas, "an t-aon mhór-ócáid Ghaeilge a dtagann na heagraíochtaí seo ar fad le chéile. Cé go luaitear Comórtas Peile na Gaeltachta in amanna, tríd is tríd an dream a fhreastalaíonn air sin ná lucht peile agus iad siúd a bhíonn ag leanacht na bhfoirne - ní hé go bhfuil siad ag plé le Gaeilge an chuid eile den bhliain. Is ócáid ollmhór agus ócáid thábhachtach é seo dúinne mar go mbeidh Foras na Gaeilge, comhaltaí an Fhorais agus iad siúd a bheidh ag déanamh plé faoinár dtodhchaí, ar an láthair agus go bhfeicfidís céard atá ar siúl againn agus nach mbeidís díreach ag caint ina *vacuum* faoin Oireachtas."

Scéim Gaeilge II, 2010–2013
Údaráis Áitiúla Chiarraí

Seolfar
Scéim Gaeilge II
Údaráis Áitiúla Chiarraí
ag
Oireachtas na Gaeilge 2010 i gCill Airne

san Ionad Taispeántais, INEC
ag 6.00i.n. Déardaoin 28 Deireadh Fómhair 2010
Is é Méara Chiarraí, an Clr. Pat Leahy, a sheolfaidh an scéim.

Fáiltímid roimis gnó as Gaolainn
gaeilge@ciarrai.ie

Rónán Mac Aodha Bhuí, RTÉ Raidió na Gaeltachta ag craoladh beo ó Óstán Mount Errigal ag Oireachtas na Samhna i Leitir Ceanainn.

Cén fáth a théann daoine chun an Oireachtas?

Johnny Mháirtín Learaí
"Beidh mé dul ag an Oireachtas ón Déardaoin agus ag fanacht san óstán ar feadh 3 oíche. Is cineál saoire dom é mar, cé go mbím ag dul chuig féilte eile, bíonn obair le déanamh agam go hiondúil. Ní bheidh mé ag glacadh páirt i dada agus beidh am agam spraoi a bhaint as agus éirí ag cibé cén t-am is mian liom.

Táim ag dul chuig an Oireachtas ó roimh 1977 agus is breá an rud castáil le cairde ann nach bhfaca tú le fada.

Is é an rud is measa is dóigh ná go mbíonn roinnt acu imithe ar shlí na fírinne, ní mórán Oireachtas é nach gcloisfidh tú faoi dhuine éigin. Is é an oíche a sheasann amach domsa na an oíche ar bhuaigh mé Corn Uí Riada in 1985. Mar a deireann gach duine a bhuann an Corn is é an oíche is fearr ag an Oireachtas. Tá súil agam go mbuafadh Máire Ní Chéilleachair as Corcaigh i mbliana ach tá sé deacair a rá, is deas an rud é an Corn a roinnt thart idir na Gaeltachtaí uile, cosúil le cupán spóirt ar bith."

Antaine Ó Faracháin
"Chun bualadh le cairde agus píosa craic a bheith againn. Bím istigh ar an gcomórtas amhrán nua-chumtha agus comórtas na bhfear."

Céard é an chuimhne chinn a sheasann amach duitse i do stair phearsanta den Oireachtas?

"B'fhéidir bheith ag éisteacht le fonnadóirí ar nós Tess Bean Uí Chonghaile, Michael Ó Ceannabháin, Sean Cóilín Ó Conaire, daoine mar sin b'fhéidir nach bhfuil ann níos mó ach go gcuimhníonn muid orthu fós, Ciarán Ó Con Cheanainn agus daoine mar sin."

Patsy Dan Mac Ruairí
"Ó ní bheidh mé ag dul, ar an drochuair ní bheidh, ach tá a fhios agam go bhfuil cúpla ceoltóir agus cúpla damhsóir as Toraí ag dul ag an Oireachtas. Tá sé i bhfad ar shiúl agus ní hé amháin i bhfad ar shiúl ach bhí muid ag cur tuairisc le háit le fanacht cúpla mhí ó shin agus tá an t-óstán lán.

Bhí mé i Leitir Ceannainn, i nGaoth Dobhair, Gleann Cholm Chille, cúpla sráidbhaile eile, bhí mé istigh aige anuraidh."

Céard é an chuimhne chinn a sheasann amach duitse i do stair phearsanta den Oireachtas?

"Bhí mé ag an Oireachtas i mBaile Átha Cliath in 1971, 1972 agus 1973, nuair a bhí sluaite móra ag dul go dtí Óstán an Chaisleáin. Tá an tOireachtas go hiontach gach bliain agus tá sé chomh láidir anois agus a bhíodh sé le blianta anuas."

Ceard é an ghné is mó den Oireachtas a mbíonn tú ag súil leis?

"Tá na damhsaí sínte go hiontach! Is maith linn iad sin, istigh as Doire, as Conamara agus b'fhéidir damhsa nó dhó as Tír Chonaill, leanann muid suas gach bliain na damhsaí sínte. Le cúnamh Dé cibé áit a mbeidh sé ar siúl an bhliain seo chugainn, déanfaimid iarracht dul ansin le cuidiú Dé. Is trua nach bhfuil muid in ann dul ann ach beidh sé go hiontach, comhghairdeas don Oireachtas agus don dream go léir a thugann cúnamh go mbeidh an tOireachtas ann, ráth Dé ar na ceoltóirí go léir ach is maith linne na damhsóirí sínte! Beidh muid ag breathnú ar gach páirt den Oireachtas ar an teilifís."

Na Príomhimeachtaí (Máirt-Deardaoin)

DÉ MÁIRT, 26 DEIREADH FÓMHAIR 2010
Tús le hImeachtaí Scléip na hÓige
DÉARDAOIN, 28 DEIREADH FÓMHAIR 2010
12.00 p.m. **Dreas Cainte do Dhaoine Óga**
Ionad: Ros, Leibhéal 5 (Ardaitheoir B), Óstán an Gleneagle
12.00 p.m. **Scéalaíocht faoi 12**
Ionad: Inis Faithleann, Leibhéal 5 (Ardaitheoir B), Óstán an *Gleneagle*
12.00 p.m. **Scéalaíocht 12 - 15, & 15 -18**
Ionad: Torc, Leibhéal 5 (Ardaitheoir B), Óstán an *Gleneagle*
12.00 p.m. **Agallamh Beirte faoi 12**
Ionad: Ballroom, Óstan an *Gleneagle*
1.30 p.m. **Agallamh Beirte 12 - 15**
Ionad: Inis Faithleann, Leibhéal 5 (Ardaitheoir B), Óstán an *Gleneagle*
3.00 p.m. **Agallamh Beirte 15 - 18**
Ionad: Inis Faithleann, Leibhéal 5 (Ardaitheoir B), Óstán an Gleneagle
3.30 p.m. **Oscait Oifigiúil**
Ionad: INEC
3.30 p.m. **Lúibíní faoi 12**
Ionad: Ballroom, Óstán an *Gleneagle*
4.00 p.m. **Lúibíní 12 - 15**
Ionad: Ballroom, Óstán an Gleneagle
4.00 p.m **Seoladh Leabhair - Seolfaidh Uachtarán an Oireachtais, Micheál de Mórdha, an leabhar 'Cara go Brách', le Maidhc Dainín Ó Sé.**
Arna fhoilsiú ag Coiscéim.
Ionad: Halla Taispeántais an INEC
4.30 p.m. **Lúibíní 15 -18**
Ionad: Ballroom, Óstán an *Gleneagle*
5.00 p.m. **Comórtas Lúibíní (daoine fásta)**
Ionad: Ballroom, Óstán an *Gleneagle*
5.00 p.m. **Seó Ardáin**
Ionad: Óstán Dromhall
6.00 p.m. **Seolfaidh Méara Chiarraí, an Comhairleoir Pat Leahy, 'Scéim Gaeilge II' de chuid Chomhairle Contae Chiarraí**
Ionad: Halla Taispeántais an INEC
7.00 p.m.**Nuacht TG4**
Ionad: Óstán an *Gleneagle*
7.00 p.m.**Comórtais Cháilithe Amhránaíochta ar an Sean-Nós d'Amhránaithe faoi 35**
(Mná - Corn Cuimhneacháin Sheáin Óig Uí Thuama & Fir - Corn Cuimhneacháin Amhránaithe Sean-Nóis Mhúscraí)
Ionad: INEC
10.00 p.m. **Club na Féile - Ceol le 4 Star Trio**
Ionad: Ballroom,Óstan an *Gleneagle*

5 TEICNEOLAÍOCHT & GNÓ

Cá bhfuil an gluaisteán uathoibríoch?

Le fada, tá daoine ag obair ar charranna a bheadh in ann iad féin a thiomáint

Diarmuid Ó Muirgheasa

IS cuid lárnach é an gluaisteán uathoibríoch d'fhís mórán daoine den todhchaí. Samhlaigh an gluaisteán a ligfeadh duit suí siar agus breathnú ar scannán agus tú ar do shlí chuig d'áit oibre, nó a thiomáinfeadh abhaile tú agus tú i ndiaidh gloine fíona nó dhó a bheith agat ag bialann nó sa phub.

Ní hamháin sin, ach is dócha go bhféadfaidís, chomh maith, neamhspleáchas sa bhreis a thabhairt do sheandaoine nach bhfuil compordach taobh thiar de roth stiúrtha a thuilleadh.

Tá daoine ag obair air le fada, ach go dtí seo is i bhfad ón margadh a bhí sé.

Ag deireadh na n-ochtóidí agus tús na nóchaidí rinne an Coimisiún Eorpach infheistíocht de luach €1 billiún beagnach i dtioscnamh "*EUREKA Prometheus*", agus chomh fada siar leis na seachtóidí bhí gluaisteáin sa tSeapáin a bhí ábalta uaththiomáint ar bhóithre speisialta. Leis na hiarrachtaí seo, leagadh síos bunchloch de chineál éigin ach cé gur éirigh leis an ngluaisteán a dearadh mar chuid de Prometheus tiomáint ar bhóithre poiblí i dtrácht trom,

ba ar mhótarbhealaigh a bhíodar gan chomharthaí bóthair, choisithe ná rothaithe. I gcomparáid le tiomáint ar bhóithre cúnga in eastáit tithíochta, mar shampla, tá sé iontach éasca ar fad dul suas síos mótarbhealach.

In 2004 chuaigh DARPA (an "*Defense Advanced Research Projects Agency*", roinn taighde arm na Stát Aonthaithe) i ngleic leis an dúshlán agus reáchtáil comórtas ar ar thug siad an '*Grand Challenge*'. Bhí duaischiste $1 milliún ar fáil, agus é mar sprioc acu gluaisteán iomlán uathoibríoch a dhearadh. Reáchtáladh i bhfásach Mojave é ar chúrsa dochreidte dúshlánach agus, cé nár éirigh le foireann ar bith an cúrsa 240km a chríochnú, ná baol air, agus an duaischiste $1 milliún a thógáil abhaile leo, thiomáin gluaisteán Ollscoil Carnegie Mellon beagnach 12km, go hiomlán faoina threoir féin.

An bhliain dar gcionn d'éirigh le 22 foireann dul níos faide ná 12km. Chríochnaigh cúig acu an cúrsa, ina measc, dhá fhoireann ó Carnegie Mellon a raibh meánluas de os cionn 30km san uair acu thar chúrsa eile a bheadh dúshlánach fiú do thiománaithe maithe daonna.

Leis an dúshlán sin sáraithe, cuireadh tús leis an gcéad chéim eile, an '*Urban Challenge*'. An dúshlán a bhí anseo ná an saghas céanna uath-thiomáint a bhaint amach, ach an uair seo i gceantar uirbeach, le trácht eile mórthimpeall agus comharthaí agus rialacha bóithre le leanúint. D'éirigh le ceithre fhoireann an cúrsa 89km a chríochnú laistigh de theorainn ama sé huaire, agus meánluas i bhfoisceacht 20km/u acu uilig. Bhí dul chun cinn á dhéanamh, an todhchaí geal, ach ansin, go tobann, chaill DARPA suim sa tionscnamh.

Agus leis an bhfírinne a rá, in ainneoin na teicneolaíochta cliste ar fad a bhí ar taispeáint, ba fhada uainn an todhchaí a bhí geallta. Is cuma cé chomh cliste agus a bhí na gluaisteáin úda, ba dheacair iad a fheiceáil ar bhóithre poiblí gan an-chuid oibre eile. Conas a d'fhéadfadh na gluaisteáin seo bheith níos sábháilte ná gnáthghluaisteáin, nó an méid tráchta a laghdú? Ach thóg mórán de na hiomaitheoirí carn mór airgid abhaile leo mar chuid den duaischiste, agus in ainneoin go raibh DARPA ag seasamh siar, b'fhéidir go raibh an todhchaí linn ar aon chaoi?

D'imigh trí bliana isteach, ach faoi dheireadh bhí freagra againn an tseachtain seo caite nuair a d'eisigh Google preasráiteas a rá go bhfuil siad ag obair ar ghluaisteán uathoibríoch. Ní sin amháin, ach tá sé bunaithe go díreach ar an gcomórtas úd, le baill foirne sciobtha acu ó Carnegie Mellon, Stanford agus Berkeley le teacht ag obair ar an tionscnamh.

Muna bhfuil sé spéisiúil a dhóthain go bhfuil fathach ar nós Google ag obair ar theicneolaíocht mar seo, deir siad gur thiomáin an gluaisteán mar atá sé anois os cionn 140,000 míle gan ach timpist amháin - agus tiománaí daonna a bhí lochtach an uair sin!

Oibríonn gluaisteán Google go bunúsach mar an gcéanna le gluaisteáin chomórtas DARPA, le péire ceamara laistigh den ghluaisteán ag coimeád súile ar chomharthaí bóthair, agus córas radair ann le pictiúr a chruthú de gach rud atá ar siúl lasmuigh den ghluaisteán, idir choisithe, rothaithe agus ghluaisteáin eile.

Go dtí seo bhí tiománaí leis an ngluaisteán i gcónaí, chomh maith le hinnealtóir ríomhaireachta lena chinntiú go raibh gach rud i gceart. Ó thaobh an dlí de féachtar air díreach mar a fhéachtar ar chóras luasrialaithe (*cruise control*), agus cé go bhfuil na mílte míle de thiomáint déanta ag an ríomhaire gan chabhair daonna bheadh pé duine a bhí taobh thiar den roth freagrach i gcás timpiste.

Deir Google nach bhfuil aon phlean acu an gluaisteán a chur ar fáil do thomhaltóirí go luath, ná aon tuairim acu cén costas a bheidh air. Dar le comhlachtaí eile, ina measc sin GM ('*General Motors*'), beidh teicneolaíocht dá leithéid ar fáil faoin mbliain 2020 - ach ná bí ag súil go mbeidh sé ar d'acmhainn íoc as.

Gradam nua ag Gaelport

Róisín Ní Ealaí

BHUAIGH an láithreán gréasáin *gaelport.com* Gradam Idirlín na hÉireann sa chatagóir suíomh Gaeilge is fearr ar an Satharn an 16 Deireadh Fómhair ag bronnadh Ghradam Idirlín na hÉireann, sa Teach Mór, Baile Átha Cliath. I measc na láithreán a fuair moladh bhí suíomh Gaelscéal, www.gaelsceal.ie, beo.ie, antoireachtas.ie, coislife.ie, gaeilge.ie, agus focal.ie.

I measc na seirbhísí eolais a bhíonn le fáil ar Gaelport.com tá seirbhís ar a dtugtar 'As Na Nuachtáin'. Déanann foireann na Comhdhála mionscagadh ar na nuachtáin náisiúnta agus réigiúnacha gach lá, agus scaiptear scéalta a bhaineann le hearnáil na Gaeilge orthu siúd atá cláraithe i gcomhair na seirbhíse.

Déantar nuacht na hearnála Gaeilge a uasdátú go laethúil, leis na scéalta is úire le fáil ar an bpríomhleathanach www.gaelport.com, nó ar shruth RSS.

Ag labhairt dó ag ócáid bhronnta na ngradam, dúirt Kevin De Barra, Bainisteoir Margaíochta agus Cumarsáide Poiblí na Comhdhála, gur "cúis ríméad d'fhoireann uile Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge an duais seo a bhuachan. Léiríonn seo an obair ar fad atá curtha isteach ag foireann na Comhdhála sa tionscadal seo, agus is ábhar spreagtha don todhchaí é gan amhras. Is iontach an rud é go bhfuil an oiread tóra ar sheirbhísí eolais na Comhdhála faoi láthair, agus go bhfuil aitheantas á thabhairt do Gaelport.com, príomhshuíomh eolais na Gaeilge, ag na gradaim idirlín is iomráití sa tír".

Ba mhaith le foireann Gaelscéal ar fad comhghairdeas a dhéanamh le foireann Gaelport agus Comhdháil Naisiúnta na Gaeilge as an duais seo a bhuachan.

Tobhach Oibligeáid Seirbhíse Poiblí (PSO) do chustaiméirí gnó ón 1 Deireadh Fómhair 2010

Caithfidh gach soláthróir leictreachais, ESB san áireamh, an Tobhach Oibligeáid Seirbhíse Poiblí (PSO) a chur i bhfeidhm ar chustaiméirí ón 1 Deireadh Fómhair 2010. Is riachtanas reachtúil atá sa PSO chun tacú le ceannach leictreachais ó fhoinsí sonraithe, lena n-áirítear foinsí inbhuanaithe, in-athnuaite agus dúchais.
Braitheann an tionchar a bheidh ar do chostais leictreachais bhliantúla ar do luach MIC conraithe (uaschumas iompórtála) arna leagan amach thíos.

Taraif	MIC (Uaschumas Iompórtála)	Tobhach PSO
Ilfhóinteach / Voltas Íseal Éileamh Uasta	Níos lú ná 30kVA	€8.25/mhí
Ilfhóinteach / Voltas Íseal Éileamh Uasta	Cothrom le nó níos mó ná 30kVA	€1.15/kVA/mhí

www.esb.ie/business

ESB Customer Supply

BLÚIRÍNÍ
GNÓ

Oisín Mac Donnacha

O'Leary ag iarraidh Aer Lingus

Deir Michael O'Leary go bhfuil sé ag iarraidh Aer Lingus a cheannach ina iomláne - tá 30% de ag Ryanair cheana. Tá 25% ag rialtas na hÉireann.

Tá dhá iarracht déanta aige cheana féin an comhlacht a cheannach ach chuir Ard-Chúirt an A.E. bac orthu, de bharr go raibh siad buartha faoi iomaíocht sa mhargadh.

Dúirt O'Leary leis an Frankfurter Allgemeine Zeitung go mbeidh ar an stát na scaireanna atá acu in Aer Lingus a dhíol de bharr staid na heacnamaíochta.

Infreastruchtúr Leathanbhanda

D'fhógair *Ripplecom* i rith na seachtaine go raibh siad chun infheistiú de €500,000 a dhéanamh ina gcóras infreastruchtúir náisiúnta leathanbhanda roimh dheireadh 2010.

Díreoidh an t-airgead ar naisc nua *backhaul* a úsáid agus uasghrádú a dhéanamh ar infreastruchtúir phríomhlíonra.

Leis seo, dar le Ripplecom, a bhfuil ceanncheathrú acu i Luimneach, beidh siad in ann seirbhís nua leathanbhanda a chur ar fáil do 18 tír a bhfuil siad ag freastal orthu faoi láthair.

29% de chomhlachtaí beaga dochasach

D'fhógair Comhlachas na nGnólachtaí Beaga gur tháinig ardú 7% ar líon na gcomhlachtaí a cheapann go bhfuil an timpeallacht fhoriomlán ghnó go maith nó an-mhaith agus ceapann 29%, ardú 10% ar an bhliain seo caite, de chomhlachtaí beaga go dtiocfaidh feabhas maith nó an-mhaith ar a gcomhlacht i gceann 3 mhí.

Ceann de na dúshláin is mó atá ag na comhlachtaí ná rochtain a fháil ar chreidmheas le 21% ag rá gur tháinig ardú ar a gcostais chaipitil le trí mhí anuas.



Éire ag áit 13 sa tsraith leathanbhanda

I suirbhé an *Saïd Business School* (SBS) agus *Cisco* faoi leathanbhanda, bhain Éire an 13ú háit amach mar cheannairí leathanbhanda. I suirbhé de 72, bhain an Chóiré Theas an chéad áit amach.

Is é seo an tríú bliain as a chéile a ndearnadar an suirbhé seo. D'ardaigh Éire trí áit ón mbliain seo caite, níos airde ná an Bhreatain, S.A.M. agus an Fhrainc.

Ach léirigh an suirbhé nach mbeidh an tír ar comhchéim le teicneolaíocht na todhchaí atá ag teacht chun cinn.

1/3 ar líne faoi 2010

De réir staitisticí an Aontais Idirnáisiúnta Teileachumarsáide, beidh 1/3 de dhaonra an domhain ar an idirlíon faoi dheireadh 2010, sin thart faoi dhá bhilliún duine. Is é an tSín, le 420 milliún duine ag úsáid an idirlín, an tír is mó ina n-úsáidtear an t-idirlíon. Ach cé go bhfuil 71% de dhaonra na dtíortha forbartha ar líne anois, níl ach 21% de dhaonra na dtíortha i mbéal forbartha ar líne. Ag deireadh 2010 beidh 9.6% de dhaonra na Afraice ar líne, 1/3 den mheánlíon domhanda de dhaoine ar líne.

Folúntas

Oifigeach Cumarsáide & Margaíochta

Gnó mhaigh eo

Tá folúntas ag Gnó Mhaigh Eo do dhuine réamhghníomhach agus cumasach le tabhairt faoi chlár gníomhaíochtaí caidrimh phoiblí, margaíochta agus cumarsáide chun tacaíocht a thabhairt agus cur le príomhfheidhm na heagraíochta.

Beidh an tOifigeach Cumarsáide agus Margaíochta freagrach as:

- Feachtais mhargaíochta chruthaitheacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm
- Caidreamh leis na meáin cumarsáide, an lucht gnó agus eagraíochtaí fiontraíochta a chur ar bun agus a chur chun cinn
- Suíomh Idirlín 'Gnó Mhaigh Eo' a fhorbairt agus a choinneáil suas chun dáta

Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine leis na buncháilíochtaí seo a leanas:

- Cáilíocht ábhartha tríú leibhéal, taithí chuí i gcúrsaí cumarsáide, caidrimh phoiblí, nó margaíochta.
- Sárchaighdeán Gaeilge agus Béarla, idir labhartha agus scríofa.
- Sárscileanna ríomhaireachta agus tuiscint ar chúrsaí teanga agus gnó
- Taithí chuí i bhforbairt fheachtas ríomh-mhargaíochta agus sna meáin shóisialta

Tuarastal: Idir €21,229 – €35,729, ag brath ar cháilíochtaí agus ar thaithí. Is post lánaimseartha é seo. Tá tuilleadh eolais le fáil ar iarratas.

Seol CV agus litir chumhdaigh, **roimh 1.00 i.n. ar an Aoine 5ú Samhain** chuig: eolas@gnomhaigheo.ie nó chuig **Gnó Mhaigh Eo, 1 Sráid an Droichid, Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo.**

Is é an misean atá ag Gnó Mhaigh Eo ná tacaíocht agus spreagadh a thabhairt don earnáil ghnó i Maigh Eo chun an Ghaeilge a úsáid mar acmhainn fhiúntach agus bhrabúsach a chruthóidh leas inmharthana go fadtéarmach.
Is fostóir comhionannas deiseanna é Gnó Mhaigh Eo.

Tá Gnó Mhaigh Eo maoinithe ag:

An Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta
Department of Community, Equality and Gaeltacht Affairs

Westport CHAMBER
IN BUSINESS FOR BUSINESS

Údarás na Gaeltachta

NDP
Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013

Comharchumann Mhic Dara Teo.,
An Cheathrú Rua

Oifigeach Forbartha

Is eagraíocht phobail nuabhunaithe é Comharchumann Mhic Dara Teo ag a bhfuil sé mar aidhm aige forbairt pobail agus acmhainní áitiúla a chur chun cinn i gceantar feidhme na Ceathrún Rua.

Is post bliana ar conradh atá i gceist ach d'fhéadfaí síneadh a chur leis seo i gcúinsí áirithe agus maoiniú a bheith ar fáil. Bheadh sé ina bhuntáiste go mbeadh na scileanna/cáilíochtaí seo a leanas ag iarratasóirí:

- a bheith ábalta oibriú as a stuaim féin
- taithí ar fhorbairt pobail tuaithe
- taithí ar fhorbairt tograí pobail
- sárscileanna idirphearsanta, cumarsáide agus scileanna bainistíochta ar thograí
- scileanna ríomhaireachta agus cruinneas i scríobh agus i labhairt na Gaeilge
- ceadúnas iomlán glan tiomána

Cuirtear iarratais, mar aon le CV roimh **12 Samhain 2010** chuig:

An Rúnaí
Comharchumann Mhic Dara Teo
An Oifig Forbartha
An Cheathrú Rua
Co. na Gaillimhe

Is féidir breis eolais a fháil faoin bpost trí theagmháil a dhéanamh leis an rúnaí ag an seoladh thuas nó trí ríomhphost a sheoladh chuig:
comharchumannmhicdara@gmail.com

6 COMHSHAOL

Aililiú na bitheoga! Díosal as lobhóga?

Pól Mac Cana

Is beag focal molta a bhíonn ag an chine dhaonna do na bitheoga, nó na miocróib mar a thugtar orthu fosta. Smaoinítear orthu mar fhrídíní a scaipeann galair, nó mar bhaictéir a thugann ar ábhar orgánach lobhadh nó briseadh síos. In Albain 'lobhag' a thugtar orthu.

Is dócha toisc nach dtig linn miocróib a fheiceáil leis an tsúil nach dtugaimid an oiread airde orthu agus atá tuillte acu - agus ní údar drochscéil amháin iad.

Go deimhin, ní féidir maireachtáil gan iad. Gan bhaictéir, mar shampla, ní bheimis ann. Thiocfadh a rá fiú amháin nach bhfuil i ngach duine beo ach baictéir , óir laistigh de gach cill inár gcolainn, tá orgánaidí (.i. orgáin de chuid na gceall, abraimis) ar a dtugtar miteachoindrí (*mitochondria*). I measc na bhfeidhmeanna éagsúla atá acu, soláthraíonn siad tromlach an fhuinnimh don chill. Is innill chumhachta ár gcolainn iad. Bheimis inár staiceanna amach is amach dá n-uireasa - gan asainn ach gliúmáil, cnádáil.

Ba bhaictéir neamhspleácha iad na miteachoindrí uair den saol sula ndeachaigh siad i siombóis linne, daoine (.i. socrú bitheolaíochta nuair a théann dhá speiceas i páirtí ocht le chéile). Chuir siad fúthu i gcealla ár sinsir ársa bunaíocha, agus cuireadh tús le caidreamh leasa eadrainn: áit fuirigh dóibh-sean agus flúirse fuinnimh dúinne.

Cónaíonn baictéir eile inár gcóras díleáite agus cuidíonn siad linn cothaithigh (*nutrients*) a bhaint as an bhia a ithimid.

Agus samhlaímis saol gan arán laibhín, gan bheoir. Is amhlaidh a bheadh gan fungas miocróbach áirithe - giosta.

Is cinnte gur beithígh úsáideacha iad na miocróib, agus nach dtugaimid go leor aitheantais dóibh. Ach seans go dtiocfaidh athrú ar an scéal sin sna blianta beaga amach romhainn.

Sna 'tíortha forbartha', tá ár sochaí, ár ngeilleagar agus ár saol laethúil uile spleách ar ola - ar an amhola. Ach mar is maith is eol dúinn, is acmhainn atá finideach í an amhola. Tá a fhios againn go bhfuil an amhola á hídiú againn gan stad gan staonadh, agus is gearr go mbeimid san fhaopach, gan í. Is mithid, mar sin, dul sa tóir ar fhoinsí úra fuinnimh más amhlaidh gur mhaith linn leanúint lenár saol mar atá inniu.

Seo chugainn na bitheoga arís. Tá eolaithe ann atá ag iarraidh leas a bhaint as baictéir lenár saol ardteicneolaíochta sa 21ú haois a choinneáil ag dul.

Tá siad ag iarraidh baictéir a úsáid le breosla agus le fuinneamh a sholáthar. Rinne siad modhnú géiniteach, nó athrú, ar bhaictéir le tréithchineálacha (*strains*) úra a chruthú a ghineann díosal.

Is é dúchas baictéar áirithe bia a chur i dtaisce i bhfoirm hidreacarbón. Athraíonn siad siúcraí go haigéid shailleacha agus anonn go lipidí. Toisc go bhfuil struchtúir na n-aigéad sailleach cosúil leis an díosal, ní raibh mórán le hathrú chun iad a chur ag giniúint díosail.

Tá dul chun cinn suntasach déanta, ach níl próiseas tionsclaíoch cruthaithe go fóill. Tá roinnt fadhbanna teicniúla le réiteach. Ach má éiríonn leis na heolaithe, táthar dóchasach go mbeidh a lán buntáistí ann thar an teicneolaíocht atá againn faoi láthair.

Cuirimis táirgeadh díosail trí bhaictéir i gcomparáid le táirgeadh bith-eatánóil (*bioethanol*) trí choipeadh (*fermentation*). Nuair a bhaintear úsáid as baictéir , is lú ar 65% an méid fuinnimh a bhíonn in úsáid, ach bíonn 50% níos mó fuinnimh le fáil ón táirgeadh deiridh. Tá na costais féin níos ísle chomh maith, meastar, mar nuair atá an díosal cruthaithe ag na baictéir, ní ghlacann sé mórán saothair leis an díosal a ullmhú d'inneall gluaisteáin. Is féidir é a úsáid mar bhreosla ann féin. I gcás an bhith-eatánóil, is gá gásailín ón amhola a mheascadh leis le breosla gluaisteáin a sholáthar, is é sin le rá, bíonn sé go fóill ag brath ar an amhola.



Seo chugainn na bitheoga arís. Tá eolaithe ann atá ag iarraidh leas a bhaint as baictéir lenár saol ardteicneolaíochta sa 21ú haois a choinneáil ag dul. Tá siad ag iarraidh baictéir a úsáid le breosla agus le fuinneamh a sholáthar. Rinne siad modhnú géiniteach, nó athrú, ar bhaictéir le tréithchineálacha (*strains*) úra a chruthú a ghineann díosal.

Cé gur beart cliste é ó thaobh na heolaíochta de tá ceist an-tábhachtach le réiteach. Beag beann ar ár gcumas díosal a chothú le baictéir, bheadh talamh de dhíth leis na siúcraí a chothú do na baictéir sa phróiseas seo.

Fiú má tá giniúint díosail le baictéir níos éifeachtúla mar phróiseas ná an próiseas atá againn faoi láthair le bith-eatánól a ghiniúint, cá mhéad acra talún a bheadh de dhíth le freastal ar éileamh Stáit Aontaithe Mheiriceá? An mbeidh tailte na nAfracach nó páirceanna na nIndinéiseach le cur ar leataobh ar mhaithe leis? Talamh ar mhaithe le bia nó ar mhaithe le breosla?

Ba dheas an rud é cur síos a dhéanamh ar an fhionnachtain nua seo mar 'chorn na bhfuíoll' i dtaca le breosla agus fuinneamh de. Ní féidir locht a fháil ar an teicneolaíocht féin. Is foinse díosail é seo agus is fiú an teicneolaíocht a fhorbairt. Ach ní haon leigheas é maidir le ceist an fhuinnimh atá le réiteach againn.

Bímis ciallmhar agus dóchas á chur againn i dteicneolaíocht úr. Beidh leas le baint as díosal baictéarach, má láimhseáiltear go ciallmhar é.

Is uirlis bhreise é inár bpunann teicneolaíochtaí. Is ruaim eile é ar an tslat againn. Is ansin a luíonn a thábhacht - féidearthacht sa bhreis inár dtacar teicneolaíochtaí sa todhchaí.

Comharchumann Shailearna Teoranta

'Cur Chun Cinn Teanga, Cultúir, Fostaíochta agus Seirbhísí'

Sócmhainní feirme gaoithe ar díol, trí thairiscint

Is mian le Comharchumann Shailearna Teoranta a shócmhainní feirme gaoithe a dhíol, trí thairiscint. Tairiscint ar cheangal greille GATE3 - 24 MW an phríomh-shócmhainn atá ar díol. Tá an próiseas tairisceana á láimhseáil ag Deloitte thar cheann Chomharchumann Shailearna Teoranta.

Tá sonraí iomlán na tairisceana ar fáil ach léiriú spéise a chur in iúl i scríbhinn do Deloitte roimh 5 i.n., Dé hAoine 5 Samhain 2010.

Fiosrúcháin chuig:
Eoin O'Connor
Bainisteoir
Deloitte
eoconnor@deloitte.ie

Seoladh Poist
Deloitte & Touche House
Charlotte Quay
Limerick

Teil:
061-435587

Eolaíocht an Spóirt

Conn Ó Muineacháin

Is minic atá sé feicthe againn. Tagann an fhoireann amach ar an bpáirc tar éis leath ama, agus ba dhóigh leat gur foireann eile ar fad iad. 15 imreoir nach raibh ar an bpáirc go fóill, agus iad ag tosú an chluiche as an nua.

"Ní foláir nó gur bhain an bainisteoir an phéint des na fallaí", a deir duine éigin. "Níl fhios agam cad dúirt sé leo sa tseomra sin - ach féach an toradh atá air!"

Tá an t-aitheasc leath ama ar cheann de rúndiamhra móra an spóirt. Is cuid de "anlann rúnda" na mbainisteoirí móra é. Is 'uair na cinniúna' í an sos cogaidh i lár an chluiche - agus is féidir leis difríocht mhór a dhéanamh.

Luaitear an t-athrú a tháinig ar Liverpool sa dara leath de chraobh an *Champions League* inIstanbul in 2005. Bhí an scór 3-0 ina gcoinne tar éis an chead leath, ach fuair siad comhscór agus bhuaigh siad na ciceanna pionóis.

Cuireadh an-spéis go deo i bhfíseán a rinneadh den mbainisteoir iomána Davy Fitzgerald agus é ag gríosú foireann mac léinn roinnt blianta ó shin.

Leis an ngéariomaíocht atá sa spórt sa lá atá inniu ann, tá bainisteoirí ag baint úsáide as 'foireann eolaíochta' ina gcuid ullmhúcháin. Agus bíonn an tsíceolaíocht ina cuid lárnach den straitéis sin go minic.

Tá an Dr Áine Mac Namara ó Ollscoil Luimnigh ina comhairleoir síceolaíochta le foireann mhionúir Luimnigh. Deir sí go bhfuil difríocht shuntasach idir an tsíceolaíocht agus brainsí eile na heolaíochta spóirt, is é sin go ndéantar oiread oibre leis an mbainisteoir agus a dhéantar leis na himreoirí.

Aontaíonn sí go bhfuil tábhacht ar leith ag an aitheasc leath ama. Agus tá moltaí simplí aici chun an éifeacht is fearr a bhaint as.

Is beag an mhaith é a bheith ag béiceadh ar imreoirí, deir sí. "Nuair a bhíonn duine éigin agscreadaí ort, tosaíonn tú ag smaoineamh ar na botúin a dhéanfaidh tú sa dara leath."

Tríd is tríd, cé go bhfuil ceachtanna le foghlaim ó rudaí a tharla sa chéad leath, deir sí nach féidir an stair a athrú. Is cóir an bhéim a chur ar na rudaí dearfacha is féidir a dhéanamh sa dara leath.

Tá go leor taighde déanta ag Áine agus ag a comhghleacaithe. Dírítear ar an mbainisteoir agus ar an imreoir: cén teachtaireacht is éifeachtaí a thabhairt, agus cé mhéad de a chloistear?

Baintear úsáid as teicnící síceolaíochta ar nós na léirshamhlaíochta agus an imspreagtha.

Agus ar nós rud ar bith eile sa spórt, bíonn an réamh-ullmhúchán chomh tábhachtach leis an lá mór.

Is mór an chabhair í an tsíceolaíocht chun spriocanna a chur romhat agus tú a spreagadh le haghaidh seachtainí fada diantraenála.

Rud amháin faoi na cluichí foirne, bíonn go leor tacaíocht mheanman le fáil ó do chomh-imreoirí agus ón lucht tacaíochta. Ach is scéal eile ar fad atá i gceist le himreoirí aonair agus go háirithe le daoine a ghlacann páirt i spóirt ghuais-bheartaíochta, nó '*extreme sports*'.

D'oibrigh Áine le déanaí le beirt rámhaithe aonair aigéan. Tá misneach ar leith ag teastáil don iarracht sin, deir sí, agus cumas neamhghnách chun díriú ar an sprioc agus cloí leis an ngníomh.

Is ball í Áine den Roinn Chorpoideachais agus Éolaíocht Spóirt (PESS) in Ollscoil Luimnigh. Tá lárionad feabhais forbartha ansin don eolaíocht spóirt agus áiseanna traenála agus seirbhísí eile do lúthchleasaithe den scoth, ar nós na linne snámha 50m agus clinic idirnáisiúnta Gerard Hartmann, an fisiteiripeoir a bhfuil cáil an domhain air.

Tá go leor taighde agus oibre ar siúl sa bhfiseolaíocht agus sa bhithmheicníocht, a chuidíonn le lucht spóirt chun traenáil éifeachtach, shábháilte a dhéanamh, agus chun teachtar ais i ndiaidh gortaithe. Agus tá an-chuid taighde á dhéanamh i gcúrsaí bia agus cothaithefreisin.

Ach ná ceaptar nach bhfuil san eolaíocht spóirt ach cluichí agus siamsaíocht.

Tá go leor á fhoghlaim faoin tsláinte agus faoin aclaíocht don ngnáthdhuine freisin. Agus tá torthaí an taighde spóirt á gcur i bhfeidhm in áiteanna eile freisin. Mar shampla, tá taighde ar siúl in PESS a chuirfidh leis an dtuiscint ar an murtall agus conas dul i ngleic leis. Agus d'fhéadfadh an taighde a dhéantar ar chnámha agus ar altanna na scoth-lúthchleasaithe, cuidiú le cóir leighis a fhorbairt don airtríteas.

Amárach ar an gclár raidió, cloisfear agallamh le heolaithe spóirt Luimnigh agus cloisfimid cén fáth nach leor uisce chun ath-hiodráitiú éifeachtach a dhéanamh le linn dian-traenála nó imeartha.

Beidh rogha na ndeochanna spóirt againn sa stiúideo agus déanfar turgnamh orthu.

"Ar Strae sa tSaotharlann", clár na heolaíochta agus na timpeallachta ar RTÉ Raidió na Gaeltachta, Dé Sathairn, 10:30rn.

Gluais:

léirshamhlaíocht - visualisation
imspreagadh - motivation
fiseolaíocht - physiology
bithmheicníocht - biomechanics
murtall - obesity
fisiteiripeoir - physiotherapist
ath-hiodráitiú - rehydration

7 BEATHA

Féile s'againne, Oíche Shamhna

Treasa Bhreathnach

Tá bliain nua ag druidim linn, nó ba é sin a chreid na Ceiltigh a mhair ar an oileán seo 2,000 bliain ó shin faoi fhéile na Samhna. Cé go bhfuil a mhór déanta ag muintir Mheiriceá agus lucht scannánaíochta na tíre sin d'Oíche Shamhna síos tríd na blianta, is féile Cheilteach í agus is muidne, na Ceiltigh, a thug nósmhaireacht na féile seo go Meiriceá.

Is féile í Oíche Shamhna a bhfuil nasc aici lenár sinsir Cheilteacha agus is uathu a thagann cuid mhór de na nósanna a bhaineann leis an oíche. Dar leis na Ceiltigh ba í Oíche Shamhna deireadh oifigiúil an fhómhair agus tús an gheimhridh, séasúr fuar dorcha ina mbíodh an bás forleathan.

Go traidisiúnta sa stair, chreid na Ceiltigh nach raibh an teorainn idir an domhan beo agus domhan na marbh soiléir ar oíche Shamhna. Chreideadar gur ar an oíche úd a thugadh na mairbh cuairt ar an domhan arís agus shíl siad go raibh sé níos éasca ag na draoithe tuar agus tairngreacht a dhéanamh nuair a bhí scáileanna agus spioraid ón domhan eile i ngar dóibh.

Chun ómós a léiriú dá ndéithe Ceilteacha thóg siad tinte cnámh ollmhóra agus rinne siad íobairtí dá ndéithe trí ainmhithe agus barraí a dhó orthu. Le linn an cheiliúrtha bhídís ag caitheamh cultacha chun an dallamullóg a chur ar na hainspioraid sa chaoi is nach n-aithnídís iad. Las gach teaghlach a dtinte sa mbaile le splanc ón tine chnámh chun tuilleadh cosanta a thabhairt dóibh sna míonna rompu.

Ceaptar go raibh na Críostaithe ag iarraidh seilbh a ghlacadh ar fhéile na Samhna tar éis ionsaithe na Rómánach. D'ainmnigh siad an 2 Samhain mar Lá na Marbh in 100 A.D agus sa 7ú haois d'fhógair an Pápa Boniface IV gurbh é an 1 Samhain féile na Naomh Uile.

Cé go ndéanann roinnt mhaith Críostaithe ceiliúradh ar fhéile na Samhna sa lá atá inniu ann tá roinnt mhaith eile a dhéanann neamhaird air mar go síleann siad gur féile phágánach atá inti. Mar shampla, déanann Finnéithe Iáivé (*Jehovah's Witnesses*) neamhaird iomlán ar an fhéile mar go síleann siad nár cheart do Chríostaithe ceiliúradh a dhéanamh ar fhéile phágánach.

Is san 18ú haois déag a thug Éireannaigh agus Sasanaigh traidisiún na Samhna leo go Meiriceá. Tá traidisiún na bréagéide bunaithe ar an nós a bhíodh ag daoine bochta dul thart ar na tithe ag maíomh go ndéarfaidís paidreacha do na mairbh mar mhalairt ar bhia.

Tá sé coitianta puimcíní agus coinnle lasta iontu a fheiceáil i scannáin agus i mbolscaireacht Mheiriceánach faoin tSamhain mar shiombail den fhéile ach ní traidisiún iomlán Meiriceánach é seo.

Baineann traidisiún seo na bpuimcíní i Meiriceá le traidisiún an fhómhair ach cuireadh in oiriúint é d'fhéile na Samhna. Bhíodh na hÉireannaigh agus na hAlbanaigh ag gearradh poll i dtornapaí chun comóradh a dhéanamh ar na mairbh agus chun cosaint a fháil ó na hainspioraid.

Tagann an nós seo ó sheanscéal faoi ghabha darb ainm Jack a rinne margadh leis an diabhal agus nár tugadh cead isteach trí gheataí na bhflaitheas dó. Bhí air an domhan a shiúl go síoraí agus chuir sé ceist ar an diabhal beagán solais a thabhairt dó. Tugadh aibhleog ghuail dó agus chuir sé isteach i bhfochall tornapa é chun a bhealach a lasadh.

Bhí traidisiún na tairngreachta láidir ar Oíche Shamhna agus tá sé go fóill ann sa lá atá inniu ann. Bhí neart traidisiún ann chun tuar a dhéanamh maidir le do ghrá geal.

In Éirinn agus in Albain bhíodh cluiche á imirt ina ndéanfadh daoine úll a scamhadh agus píosa fada amháin a dhéanamh de agus ansin an scamhachán a chaitheamh thar a ngualainn. Chreidtí go mbeadh ceannlitreacha ainm do ghrá ghil le feiceáil i gcruth an scamhacháin.

In Albain dúradh le mná singil suí i seomra dorcha Oíche Shamhna agus a bheith ag stánadh isteach i scáthán go bhfeicfidís aghaidh a bhfear céile sa scáthán. Ach, dá bhfeicfidís blaosc sa scáthán chiallódh sé sin go bhfaighidís bás roimh phósadh.

Bhí nósanna ag daoine i leith chabáistí chomh maith. Chuirtí dallóg ar chailíní agus chuirtí amach chuig an ngarraí iad le cabáiste a bhaint. Bheadh an méid cré a bhí fágtha ar an gcabáiste mar chomhartha den mhéid airgid a bheadh ag a ngrá geal.

I measc cuid de na nósanna Samhna cleamhnais tá bairín breac a dhéanamh Oíche Shamhna agus fainne óir nó boinn airgid a chur ann. An té a fhaigheann an fáinne, deirtear go dtitfidh sé i ngrá roimh an chéad Samhain eile; deirtear go bhfuil moll mór airgid i ndán don duine a fhaigheann an t-airgead. Caithfear a bheith cúramach agus tú ag baint plaice as an mbairín breac!

Bíonn an chleasaíocht forleathan ar an oíche chéanna. I gceantair éagsúla ghoidtí geataí ó na tithe agus in amanna d'fhaightí ar ais iad, in amanna eile ní fhaightí. Chuirtí málaí ar shimléar an tí chun an teach a líonadh le deatach agus chuirtí carranna suas ar chuaillí na ngeataí. Chuala mé féin scéal gur tharla a leithéid le carr de dhéanamh Mini.

Agus é beagán ar meisce dúirt sé leis na fir nach raibh na rothaí caite amach sách fada san abhainn acu agus thug sé cabhair dóibh iad a chur amach i lár na habhann. Ar ais leis abhaile agus nuair a shroich sé an baile, thuig sé gur a chairrín capaill féin a bhí ann!

Thógtaí rothaí ó chairrín na n-asal agus chuirtí i bhfolach iad. Chuala mé scéal faoi fhear i Maigh Cuilinn i gContae na Gaillimhe siar na blianta: bhí an seanfhear ag teacht abhaile ón teach ósta agus tháinig sé ar ghrúpa fear a bhí ag tógáil rothaí ó chairrín capaill agus ag iarraidh iad a chaitheamh san abhainn.

Agus é beagán ar meisce dúirt sé leis na fir nach raibh na rothaí caite amach sách fada san abhainn acu agus thug sé cabhair dóibh iad a chur amach i lár na habhann. Ar ais leis abhaile agus nuair a shroich sé an baile, thuig sé gur a chairrín capaill féin a bhí ann!

Bígí cinnte go mbíonn sibh sábháilte an tSamhain seo. Bíonn sé de nós ag na síoga an oiread anamacha a bhailiú agus is féidir leo Oíche Shamhna, ach má chasann siad le duine a chaitheann an dusta faoina chosa leo beidh sé de dhualgas orthu na hanamacha uile a scaoileadh saor. Má tá ainmhithe feirme agaibh d'fhéadfaí uisce beatha a chaitheamh orthu chun iad a chosaint agus más amhlaidh nach bhfuil siad i mbarr a sláinte ar an oíche, thiocfadh libh déanamh de réir ár sinsear agus smugairle a chaitheamh leo chun iad a chosaint ó ainspioraid.

Nodanna praiticiúla

Ná lig do pháistí óga a bheith amuigh leo féin

Bíodh do chuid páirtithe feiceálach agus iad ar na mbóithre

Coinnigh na hainmhithe, madraí agus cait istigh don oíche

Bíodh daoine fásta i bhfeighil tinte cnámh

Bíodh moll mór milseán agat do na páistí.

Bíodh time agat / Bain sult as!

NUACHT Litríochta

Le Meadhbh Ní Eadhra

Philip Cummings agus An Fear sa Ghealach

Is scríbhneoir agus file Feirsteach é **Philip Cummings** agus tá mórán duaiseanna agus gradam buaite aige dá chuid saothair. Foilsíodh a chéad chnuasach filíochta, *Néalta*, in 2006 agus tá sé ag súil go bhfoilseofar an dara leabhar filíochta leis, *An Fear sa Ghealach*, roimh dheireadh na bliana seo.

Meadhbh Ní Eadhra

"Dán amháin atá ann, ach é briste suas i dtrí rannán déag," a deirPhilip Cummings agus é ag caint faoin leabhar nua. "Insíonn sé scéal iomlán, ón chéad rannán go dtí an rannán deireanach. Laoi, nó dán inste atá ann. Tá na rithimí céanna in úsáid síos tríd agus tá an patrún ríme in úsáid ag amanna áirithe. Tá macallaí de rudaí atá ráite cheana féin i rannáin eile."

Sa dán seo, glacann fear le conradh dul agus cónaí a dhéanamh ar an ngealach, ach gan cead aige filleadh. Tá sé breá sásta an domhan a fhágáil agus síleann sé go mbeidh rudaí maith go leor thuas ann. Ach, nuair a shroicheann sé an ghealach, faigheann sé amach go bhfuil sé ró-uaigneach agus ró-sceirdiúil dó.

"Is file an fear seo," a deir Cummings. "Ach is meafar den fhile í an ghealach fosta, toisc go bhfuil sí ceangailte leis an domhan ach níl sí go hiomlán istigh sa domhan, mar a bhíonn file. Tá an ghealach i gcónaí ann ag breathnú orainn, ach ní cuid den domhan i ndáiríre í."

Cad as ar tháinig an smaoineamh don dán seo?

PIC: JIM SMYTH

"Bíonn cleachtais bheaga agamsa bheith ag samhlú rudaí dom féin agus ansin titim i mo chodladh. Ceann de na rudaí ba ghnách liom a shamhlú le titim i mo chodladh ná, cuir i gcás go gcuirfear ar an ghealach thú le cónaí ann le bean, agus nach raibh ach beirt agaibh ann. Cad é a tharlódh? Trí nó ceithre bliana ó shin d'fhógair Cumann Merriman go raibh siad ag iarraidh sraith dánta nua-aimseartha bunaithe ar Chúirt an Mheán-Oíche agus rith sé liom go dtiocfadh liom rud mar sin a dhéanamh le fear ar an ghealach. Ní dhearna mé é ag an am mar go raibh spriocdháta an chomórtais róghar ach lean mé ar aghaidh ag scríobh leis an smaoineamh ar chúl mo chinn."

Cé hí an ghealach seo atá chomh lárnach sa dán?

"Bandia atá sa ghealach, más maith leat. Tá an t-údarás aici bheith ag labhairt go borb leis an fhear a tháinig chun cónaí ina ríocht," a mhíníonn an file. Tá an dán taispeánta ag Philip do bheirt bhan ar a laghad cheana féin, Patricia O'Hara agus Áine Ní Ghallchóir, chun a fháil amach céard a shíl siad faoi ghuth na mná ann. Ar an iomlán, dúirt siad nár léir dóibh gur fear a bhí ag scríobh i nguth mná a bhí ann, rud a bhí iontach tábhachtach do Philip. Tá an dán seo an-difriúil ó na dánta atá in Néalta.

"Scríobh mé an dán seo mar go bhfuilim ag iarraidh éalú ó liricí," a deir sé. "Dom féin, sílim gur bóthar caoch iad liricí, nó filíocht phearsanta, ag an bhomaite seo. Rith sé liom nach bhfuil i gceist ach *egotism*, i mo chás féin, nuair a bhím á scríobh. Bhí mé ag iarraidh céim ar chúl a ghlacadh. Trí scríobh ó dhearcadh na mban, ciallaíonn sin nach bhfuil mé féin, Philip Cummings, lárnach sa dán. Bhí saoirse agam smaointe agus dearcadh a phlé gan a rá gurb iad sin mo chuid smaointe agus dearcadh féin."

Síleann Philip go bhfuil níos mó suime ag cainteoirí dúchais sa véarsaíocht, san agallamh beirte agus mar sin de, ná a bheith ag léamh filíochta.

"Ní bhíonn cainteoirí dúchais ag léamh," a deir Cummings. Tá an méid sin scríofa aige sa réamhrá atá sa leabhar, Focal faoin Teideal. "Ní hé go bhfuilim ag iarraidh bheith trom ar chainteoirí dúchais, ach sin an fhírinne."

Tá an dán seo tiomnaithe do Ré. Cén Ré atá i gceist?

"Ré Ó Laighléis," a deir an file. "Ach níl a fhios aige sin go fóill."

I measc na bhfilí is fearr le Philip (seachas é féin), tá Ponge, an file Francach, agus Louis Mac Niece. B'fhearr leis a bheith ag léamh na seanfilíochta mar tá sé den bharúil go mbíonn formhór de na filí comhaimseartha ag caint fúthu féin.

"Ní fheicim mórán maitheasa sna filí comhaimseartha Gaeilge ná Béarla, seachas cúpla duine," ar sé. "Is maith liom cuid acu, mar shampla dánta Louis de Paor, cé nach dtuigim cuid acu, agus Gearóid Mac Lochlainn. Ach i gcás go leor filí, tuairiscí ar a saol féin a bhíonn á scríobh acu."

Bíonn Cummings ag scríobh i mBéarla agus i nGaeilge, ach deir sé go bhfuil difríocht idir an bealach a scríobhann sé sa dá theanga, go háirithe ó thaobh na filíochta de.

"Scríobhaim filíocht i mBéarla freisin ach bíonn níos mó ratha agam leis na dánta i nGaeilge," ar sé. "B'fhéidir go bhfuil mé níos macánta i nGaeilge, go ndeirim rudaí go neamhbhalbh amach. Nuair a bhím ag scríobh i mBéarla, tá an dearcadh sin ann go gcaithfidh tú an méid atá á rá agat a rá ar dhóigh iontach casta. Níor mhaith liom sin a dhéanamh. B'fhéidir, nuair a bhím ag scríobh i nGaeilge, cionn is nach í mo theanga dhúchais í, gur leor dom mar mhaisiú an teanga í féin."

Tá cúpla léamh beartaithe ag Philip ar fud na tíre sna seachtainí agus sna míonna amach romhainn.

Tá sé ag súil go bhfoilseoidh Coiscéim a leabhar úr am éigin roimh an Nollaig agus tá sé beartaithe aige an leabhar a sheoladh i ngach cúige in Éirinn, "an cúigiú cúige" san áireamh.

Beidh sé féin, Gearóid Mac Lochlainn agus Caitríona Ní Chleirchín ag léamh a gcuid filíochta anocht ar 8in in An Carn, Bóthar Thír Chiana, Machaire Rátha. Tá fáilte roimh chách!

Sliocht ó Focail Faoin Teideal (réamhrá don dán)

Cé dó a scríobhaim, mar sin, má tá cainteoirí dúchais as an áireamh, nó, ar a laghad, sa chúlrá? Caithfidh mé a admháil nach ceist í a choinníonn ó chodladh na hóiche mé: scríobhaim mar go gcaithfidh mé scríobh; scríobhaim i nGaeilge má thagann an t-ábhar chugam i nGaeilge. Is leor sin mar fhreagra domsa, ach dá gcuirfinn an t-aguisín seo leis an fhreagra - scríobhaim do mo mhacasamhail - bheadh ar a laghad dhá rud i gceist agam: filí Gaeilge eile, mar is iad is mó a léann an fhilíocht nua-aimseartha; ach do mo mhacasamhail sa chiall seo fosta; an té a scríobh na línte seo san ochtó haois déag,

"Do threascair an saol is shéid an ghaoth mar smál
Alastranm, Caesar, 's an méid sin a bhí 'na bpáirt;
tá an Teamhair 'na féar, is féach an Traoi mar tá,
is na Sasanaigh féin do b'fhéidir go bhfaighidís bás!"

[lch 194, An Duanaire 1600-1900, Dolmen, 1994]

ní raibh sé ag smaoineamh ar chor ar bith ar an Ghaeilgeoir chathrach san aonú haois is fiche a bheadh in ann a línte a thuigbheáil agus a bhainfeadh an-sult astu. Don léitheoir léannta sin, trí chéad bliain ón ré seo (nuair a bheidh an Ghaeilge go fóill ag fáil bháis, is dócha), a scríobhaim fosta, agus má bhaineann línte de mo chuid macalla as mo mhacasamhail mar a bhaineann línte an fhile anaithnid sin macalla asam, is mé a bheidh sásta, cibé cén áit a mbeidh mé.

TEILIFÍS agus RAIDIÓ

Le Treasa Bhreathnach

Féach ar:

TV3: 'Take Me Out' Is formáid í seo a bhí le feiceáil an chéad lá riamh ar theilifís na Breataine agus atá anois glactha ag TV3. Is é an craoltóir raidió Ray Foley a bheas ag cur an chláir i láthair agus é ag iarraidh cabhrú le tríocha bean shingil agus iad ag iarraidh a ngrá geal a aimsiú. Dé Sathairn @ 7in

TG4: 'Ros na Rún' Níl cairde Róise sásta a bheith ag ól go trom léi agus socraíonn sí cairde nua a aimsiú a bhfuil an tart céanna orthu. Isteach go Gaillimh léi agus ní fada go bhfuil sí timpeallaithe ag daoine. Is deas léi an comhluadar nua seo ar feadh tamaill ach ansin is léir di go bhfuil rudaí ag dul thar fóir. Beidh le feiceáil an éireoidh le Mack theacht i dtarrtháil uirthi in am. Dé Máirt @ 8.30in

TG4: 'International Rules Beo' Craoladh beo ar an gcéad chluiche peile comhrialacha idir Éirinn agus an Astráil ó na Gaelic Grounds i Luimneach. Á chur i láthair ag Micheál Ó Domhnaill agus beidh Dara Ó Sé, Brian Tyers agus Coman Goggins i mbun tráchtaireachta agus anailíse. Dé Sathairn @ 6in

Éist le:

RTÉ 2fm: 'Dan Hegarty' Bhí an banna ceoil ó Ohio The National ar cheann de bhuaicphointí Electric Picnic i mbliana. Rinneadh taifead ar an gclár seo beo ar an bpríomhstáitse le linn Phicnic na bliana seo. Déardaoin @ 11in

Today Fm: 'Paul McLoone' Is é Paul McLoone, as Contae Dhoire, an príomhamhránaí leis The Undertones ach an tseachtain seo, is craoltóir raidió é. Éagsúlacht cheoil atá i gceist, idir cheol malartach agus na clasaicí. Dé Luain 7-10in.

Radio Kerry: 'That's Jazz' Clúdaítear réimse leathan snagcheoil sa chlár seo, Ella Fitzgerald, Miles Davis agus go leor eile san áireamh. Is é Brian Priestly, scríbhneoir, craoltóir agus pianódóir, a chuireann an clár i láthair. Déanann sé léirmheasanna gach mí ar eisiúintí úra ina iris mhíosúil 'Jazzwise'. Dé Céadaoin 9-10in

Léiritheoirí Neamhspleácha Raidió

TÁ sé fógartha ag Raidió RTÉ go mbeidh lá oscailte acu chun eolas a thabhairt faoin dara babhta coimisiúnaithe do léiritheoirí neamhspleácha raidió. Is é 5 Samhain an dáta atá i gceist agus cuirfear tús leis na himeachtaí ar 10rn. Beidh eolas ar fáil do léiritheoirí neamhspleácha raidió faoin bpróiseas coimisiúnaithe, agus comhairle faoin mbealach is fearr le coimisiún a fháil. Is é an spriocdháta don bhabhta coimisiúnaithe seo ná 8 Nollag, ag meán lae, agus tá sonraí ar fáil ar an suíomh idirlín www.rte.ie/radio/irp maidir leis an mbabhta seo. Má tá smaoineamh agat do chlár nó sraith raidió ar mhaith leat a chur faoi bhráid Raidió RTÉ tá sé tábhachtach go bhfuil tú cláraithe mar léiritheoir neamhspleách leo agus go gcomhlíonann tú na riachtanais a bhaineann le coimisiúnú. Téigh chuig an suíomh idirlín atá luaite thuas chun an t-eolas ar fad a fháil nó má tá aon cheist agat b'fhiú nóta ríomhphoist a sheoladh chuig IRP@rte.ie

Spriocdháta BAI ag teannadh linn

IS é an 5 Samhain an spriocdháta den deichiú babhta coimisiúnaithe teilifíse don scéim Fís agus Fuaim de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann.

Tá súil go ndéanfar cinneadh ar an bhabhta coimisiúnaithe seo faoi mhí Eanáir 2011. Is scéim é seo a bhfuil i bhfeidhm ó 2005 agus a bunaíodh é chun tacú le cláir d'ard chaighdeán faoi chultúr, oidhreacht litearthacht agus eispéiris na hÉireann. Déanadh nuashonrú ar an scéim ag tús na bliana seo agus dá bharr tá líon na n-admhálacha a bhfaigheann siad ón cheadúnas teilifíse arduithe ó 5% go 7%. Má tá smaoineamh do chlár raidió nó teilifíse agat agus gur mhaith leat a fháil amach cén chaoi leis an gclár sin a mhaoiniú, téigh chuig an suíomh idirlíon www.bai.ie chun na foirmeacha iarratais agus an t-eolas uile cuí a fháil.

ROS na RÚN

ACADAMH TEILIFÍSE NA SCRÍBHNEOIRÍ

Tá Ros Na Rún, dráma suaitheanta TG4 ag seoladh comórtais d'áiteanna ar Acadamh scríbhneoireachta.

Tá dhá chatagóir ann:
- **16-21 bliain d'aois**
- **22 agus níos sine.**

Cuirfear cuireadh ar an té a roghnófar freastal ar dhiancheardlanna ar na deireadh seachtainí i rith an Gheimhridh 2010/Earraigh 2011 agus beidh aiseolas ar fáil i rith na gceardlanna sin.
Cuirfidh an tAcadamh traenáil ar fáil a thabharfaidh scileanna do na rannpháirtithe dráma a scríobh don teilifís. Beidh deis ann scríobh do Ros na Rún théis an cúrsa seo a chríochnú.

CRITÉIR
Mar gheall gur i nGaeilge a reachtófar an cúrsa, ní mhór don té Gaeilge líofa nó gar do líofacht a bheith acu. Is i stiúideonna Ros na Rún, An Spidéal, Gaillimh a bheidh an cúrsa ar siúil. Caithfidh na rannpháirtithe a bheith ar fáil don chúrsa ar fad, ag na dataí a chuirfear i gcríche. Ba cheart do na hiarratasóirí sa chatagóir níos sine taithí i scríobhneoireacht ghairmiúil a bheith acu, más iriseoireacht, drámaíocht, meáin cumarsáide nó acadúil é. Tá eolas agus tuiscint ar an seó, na carachtair agus scéalta reatha riachtanach chomh maith.

Cuir na rudaí seo a leanas san áireamh le d'iarratas:
- Cruthaigh carachtar nua don chlár, duine nach bhfuil ann ach a cheapann tú gur cheart a bheith ann.
- Cuimhnigh ar carachtar láidir, iad siúd a dhéanann roghanna láidir agus a ndéanfaidh rud ar bith chun cuspóir a chur i gcrích.

Ar leathnach amháin dean cur síos ar:
- Cé hé/hí an carachtar.
- Céard atá uaidh an carachtar? (an sprioc atá acu)
- Céard a theastaíonn ón carachtar? (go hiondúil contrártha do céard atá uatha)
- Mínigh cén chaoi a n-oibríonn siad. Cén chaoi a bhfaigheann siad an rud atá uatha? Tré meabhlú? Tré bagairt? Tré bheith sleamhain?

MONALÓG
Scríobh monalóg ar do charachtar (leathnach nó níos lú). Taispeáin nadúr an duine ar bhealach sochreidte. (ag comhrá le duine den ghnéas eile, cuir ina luí ar thuistmitheoir an cárr a thabhairt dóibh)

Déanfar gearrliosta as na hiarratais ar fad, beidh agallaimh ina dhiaidh sin agus beidhfear ag súil go mbeidh na hiarrthóirí rathúil ar fáil chun freastal ar cheardlann i Mí na Samhna agus Mí na Nollag.

S'é spriocdáta na n-iarratais ná Dé hAoine, 29ú Deireadh Fómhair
Cuir 'Acadamh Scríbhneoirí Ros na Rún' sa líne ábhair ar do ríomhphost.
Seol do litir iarratais (cuir in iúl cén aois ghrúpa ar mhaith leat a bheith curtha san áireamh ann) chuig: info@rosnarun.com

"Ag Coinneáil Greim ar Bhalún na mBrionglóidí"

Bhronn Ollscoil na hÉireann, Gaillimh Máistreacht Oinigh ar an gceoltóir **Máirtín O'Connor** an tseachtain seo, mar gheall ar na rudaí iontacha atá déanta aige i rith a shaoil ar son an cheoil Ghaelaigh. Labhraíonn **Dearbhaile Flynn** leis faoina shaol agus an ceol.

Céard a mhúscail suim sa cheol ionat den céad uair riamh agus tú i do ghasúr?
Bhuel, an seans é nó an raibh sé leagtha amach dom? Bhí mé ag tabhairt cuairt ar mo sheantuismitheoirí athartha Domhnach amháin agus ba cnaipchairdíneoirí iad an bheirt acu. Agus nuair a shroich muid a dteach an lá sín bhí siad ag seinm agus mar gheall nach raibh ach uirlis amháin acu bhí siad ag casadh an cnaipchairdín siar agus aniar agus ag moladh tiúineanna dá chéile. Agus bhí mé faoi gheasa leis sin. Agus ar ball d'fhág siad an cnaipchairdín - ceann beag Hohner a raibh an dath dubh air le dhá shraith - i gceann de na seomraí leapa agus ní raibh mé in ann an fonn a sheachaint an uirlis a phiocadh suas chun ciall de shaghas éigin a bhaint as. Agus ansin tugadh cead dom é a thabhairt liom agus ba é sin an tús . . .Is cuimhin liom gur cheannaigh mo Dhad ceirnín de leithéidí Joe Burke dom agus thosaigh mé ag foghlaim tiúineanna agus mé ag éisteacht le ceirníní éagsúla. Ansin tháinig Tommy Mulhair (athair Brendan Mulhair) don áit ina raibh muid inár gcónaí agus fuair mé go leor tiúineanna ó Tommy freisin.

An féidir leat a mhíniú an próiseas scríofa a bhíonn agat agus tú ag cumadh ceoil?
Bhuel, is casta an rud é sin a mhíniú. Is dócha agus mé ag cumadh rud éigin le haghaidh ócáid speisialta nó le haghaidh feidhm ar leith (mar shampla le haghaidh drámaí) caithfidh tú a bheith go hiomlán sáite sa rud, agus is éard a fhaigheann tú ná freagairt chorraitheach don rud agus is as sin a thagann an ceol. Agus ag déanamh trácht ar na tiúineanna, is éard atá i gceist ansin ná faigheann tú frása beag i do chloigeann agus ar bhealach amháin nó ar bhealach eile, má leanann tú ar aghaidh leis, fásann sé aníos go dtí go mbeidh an frása beag ina thiúin fhéin.
Ach é sin ráite, ní bhíonn an próiseas scríofa chomh simplí sin. Bíonn sé níos doimhne - is deacair é a mhíniú agus bheadh eagla ort, má dhéanann tú an iomarca iarracht é a mhíniú go stopfadh sé. Cosúil leis an mBolb - cuireadh ceist ar an mBolb cheana, cén chos a chuireann sé chun tosaigh ar dtús agus é ag siúl. Céard a tharla don Bholb bocht? Níor shiúil sé arís go deo. . .

Rinne tú an-obair ar son an ceol traidisiúnta a bheith fite fuaite leis an gceol clasaiceach agus ceol eachtrach - an mbíonn deacrachtaí agat do lucht leanúna ceoil a choinneáil sásta agus tú ag plé le nósanna ceoil difriúla i gcomhthéacs an cheoil thraidisiúnta Gaelaigh?
Bíonn agus ní bhíonn - tá sé cosúil le bheith ag déanamh réamh-mheas ar chluiche peile - beidh an bua ag foireann amháin nó ag foireann eile nó b'fhéidir go gcríochnóidh an cluiche ar chomhscór. Cinnte ní thaitníonn gach rud le gach uile dhuine ach is é sin an tslí a théann rudaí!

Inis dom céard atá ar siúl agat faoi láthair...
Bíonn mé ag seinm le Cathal Hayden agus Seamie O'Dowd agus is breá liom é. Is ceoltóirí ildánacha iad an bheirt acu agus oibríonn muid le chéile - bíonn an dúrud spraoi againn. Bíonn dearcadh eicléictiúil ar ár gcuid ceoil agus téann sé sin i bhfeidhm ar fhuinnimh agus fuaim an cheoil. Beidh muid ag dul thar lear ag deireadh na míosa - ag seinm san Eilvéis, i gCríoch Lochlann, agus sa Spáinn.

Agus beidh albam nua le teacht amach againn sa todhchaí. Chomh maith leis sin táim beagnach críochnaithe ag cur leabhair de mo shaothair féin le chéile agus lainseálfar é sin ar an dara lá fichead de mhí na Márta in Ollscoil na Gaillimhe. Beidh neart ceoil ag an seoladh le Cathal agus Seamie agus go leor leor ceoltóirí eile i láthair agus táim ag tnúth go mór leis.

Céard é do mheas maidir leis an gceol traidisiúnta sa lá atá inniu ann?
Measaim go bhfuil sé níos láidre anois ná mar a bhí sé riamh i go leor bealaí. Tá réimse iontach de cheoltóirí óga ag teacht amach agus bíonn teicníochtaí agus scileanna ceoil thar barr acu. Agus bheadh tú ag súil leis sin mar gheall ar an méid ceoil atá timpeall orthu sa lá atá inniu ann i gcomparáid le blianta ó shin.

Agus ag deireadh an lae, is traidisiún beomhar é a bhíonn ag athrú an t-am ar fad agus mar sin beidh grúpaí ann a bheidh trialach leis an gceol agus is rud nádúrtha é sin agus tarlaíonn sé sin i dtraidisiúin eile chomh maith. Agus is iontach an réimse bealaí a bhfuil daoine in ann a stíl fhéin a chur in iúl i gceol na hÉireann - mar shampla an bealach a sheineann Martin Hayes trasna an bhoird agus an tslí a sheineann Frankie Gavin.

Is aoibhinn liom an éagsúlacht agus an ilghnéitheacht atá ann faoi láthair.

Is eol don saol go bhfuil go leor taistil déanta agat agus tú ag dul timpeall an domhain ag seinm ceoil. Is dóigh go bhfuil tobar de thaithí agat...
Tá cinnte, agus is dócha gurb é sin an rud b'aoibhinn liom thar na blianta. Is cosúil le bheith ag coinneáil greim ar bhalún atá tú tar éis an t-aer a scaoileadh amach as - ní bheadh fhios agat go deo cá bhfuil do thriall. Is cuimhin liom uair amháin bhí mé fhéin agus Gary Ó Briain i bPáras, agus chas muid leis an gceoltóir iontach Fraincis Jo Privat. Chuaigh an triúr againn aníos go Montmarte agus chaith muid an lá ar fad i gcafé álainn Francach - an áit ina raibh Joe ag ceiliúradh a bhreithlá an lá sin agus mar sin bhí an café plódaithe le cairdíneoirí Francacha den scoth ag seinm ceoil in ómós do. Ba é sin an fhíorthaithí Phárasach dom - cosúil le draíocht!

8 OIDEACHAS

Ceisteanna na ndaltaí ag seimineár 'Buntáiste Breise na Gaeilge'

Caroline Ní Chualáin

CHUIR daltaí meánscoile Dhún na nGall ceisteanna diana agus suimiúla ar an bpainéal aoichainteoirí ag seimineár "Buntáiste Breise na Gaeilge" in Óstán Mount Errigal i Leitir Ceanainn an tseachtain seo caite.

Ag an seimineár, labhair Loretta Ní Churraighín, feidhmeannach le hOireachtas na Gaeilge, Caoimhín Ó Casaide, múinteoir scoile, colúnaí don nuachtán Goitse agus anailísí páirtaimseartha le 'GAA Beo' agus 'Seó Spórt', Caitlín Uí Chlocháin atá ag obair mar Chomhordaitheoir Gaeilge le Comhairle Contae Dhún na nGall, Caoimhe Ní Chonchoille, iriseoir RTÉ/TG4, agus an léachtóir teanga, Micheál Ó Meachair.

Tar éis do na haoichainteoirí cur i láthair a dhéanamh faoin bhuntáiste breise a bhaineann leis an Ghaeilge a labhairt, bhí deis ag na daltaí ceisteanna a chur ar na haoichainteoirí.

Dáltaí ag baint suilt as 'Buntáiste Breise na Gaeilge' i Leitir Ceanainn.

Chuir dalta ó Phobalscoil Ghaoth Dobhair ceist ar an bpainéal: an gceapann sibh go bhfuil an Ghaeilge ag éirí níos laige nó níos láidre? Dúirt Caitlín Uí Chlocháin, "Ní cheapaim go bhfuil an Ghaeilge ag éirí níos láidre ná níos laige, ach tá obair le déanamh ar an Ghaeilge agus táimid ag brath oraibhse, an t-aos óg, chun í a láidriú."

Chuir dalta ó Choláiste Chrannach ceist shuimiúil ar Chaoimhe Ní Chonchoille: cad é atá i ndán do dhaoine ar mhaith leo staidéar a dhéanamh ar an Ghaeilge sa Ghaeltacht ach nach féidir leo de bharr na gciorruithe atá á ndéanamh?

An freagra a bhí ag Caoimhe di ná, "Tá sé deacair, cinnte. Caithfidh daoine tarraingt le chéile. Tá an deis ag daoine staidéar a dhéanamh fós i gcathair cosúil le Béal Feirste agus le Baile Átha Cliath, áit a bhfuil pobal Gaeilge láidir ann."

Chuir dalta ceist eile ar Chaoimhe Ní Chonchoille: an bhfuil poist Ghaeilge i mbaol nó an bhfuil níos mó deiseanna ann? Dúirt Caoimhe, "Má tá an Ghaeilge agat, tá scil bhreise agat. Tá comhlachtaí chun daoine le breis scileanna a fhostú faoi láthair."

Chur dalta ceist ar an bpainéal: cén tionchar atá ag an bhád bhán ar thodhchaí na Gaeilge?

D'fhreagair Caitlín an cheist: "Tá iníon liom féin ag dul go Ceanada go luath. Tabharfaidh sí léi an Ghaeilge. Tá Gaeilgeoirí ar fud an domhain a labhróidh Gaeilge lena chéile. Déanfaidh sé seo an Ghaeilge níos láidre."

Bronnadh duaiseanna ar na daltaí a chuir na ceisteanna is fearr ar na bpainéal ag deireadh an tseimineáir.

Ar mhaith leat Gaeilge a mhúineadh sna Stáit Aontaithe?

Meadhbh Ní Eadhra

TÁ sé fógartha ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta go gcuirfear €231,000 ar fáil chun tacaíocht a thabhairt do dhámhachtainí agus gníomaíochtaí Gaeilge Choimisiún Fulbright 2011-2012, mar atá molta sa *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge*.

Táthar ag glacadh le hiarratais ar Dhámhachtainí Choimisiún Fulbright do Chúntóireacht i Múineadh Teangacha Iasachta (FLTA) agus ar Dhámhachtain Choimisiún Fulbright amháin do Scoláire Gaeilge don tréimhse 2011-2012. Táthar ag glacadh leis na hiarratais ar líne ar www.fulbright.ie faoi láthair. Is é Dé hAoine 3 Nollaig 2010 an dáta deiridh ar a nglacfar le hiarratais.

Tá dhá Dhámhachtain Ghaeilge éagsúla á dtairiscint ag Fulbright. Ar cheann acu seo tá Dámhachtainí do Chúntóireacht i Múineadh Teangacha Iasachta (FLTA). Tá thart ar ocht gcinn díobh seo ar fáil d'iarrthóirí oiriúnacha agus tá luach €20,000 an ceann orthu. Má éiríonn leat an dámhachtain seo a bhuachan, beidh tú ag caitheamh deich mí ag múineadh Gaeilge in institiúid aitheanta ag an dara nó an tríú leibhéal thall sna Stáit Aontaithe. An dámhachtain eile atá i gceist ná ceann do scoláirí Gaeilge. Tá sé seo dírithe ar dhaoine acadúla den chuid is mó. Tá luach suas le €50,000 ag baint leis, chomh maith le hárachas, víosa J-1 agus cláir éagsúla. Tréimhse níos gaire, idir 3 - 9 mí, atá i gceist, ag déanamh taighde agus ag tabhairt léachtaí sa Ghaeilge ag institiúid aitheanta tríú leibhéal i SAM.

"Agus teagasc i nGaeilge á thairiscint i mbeagnach 40 institiúid i SAM faoi láthair, idir mheánscoileanna (ardscoileanna), choláistí agus ollscoileanna, is tacaíocht thábhachtach dóibh sin na tionscnaimh Fulbright. Tríd ár stór eolais agus oilteachta a roinnt, is féidir linn a bheith páirteach i malartú smaointe agus leanúint linn ag obair le chéile chun an Ghaeilge a chur chun cinn agus a chaomhnú," a deir an tUasal Pádraig Ó Ciardha, T.D., an tAire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, agus é ag labhairt faoi na dámhachtainí.

"Ní hamháin go gcuirfidh faighteoirí na nDámhachtainí Gaeilge seo Fulbright, spionnadh i bhfoghlaim agus in úsáid na Gaeilge i SAM, beidh siad mar ambasadóirí ag Éirinn, ag cabhrú le tuiscint agus meas ar ár ndúchas saibhir agus ar ár bhféiniúlacht chultúrtha a chothú i measc neach léinn na Stát Aontaithe fad a bheidh mórphairt á glacadh acu i gcaomhnú, i gcur chun cinn agus i bhforbairt na teanga sna blianta amach romhainn," a dúirt an tAire Ó Ciardha mar fhocal scoir.

Deir an tUasal Colleen Dube, Stiúrthóir Feidhmiúcháin Choimisiún Fulbright, gurb iontach an tsuim agus an rannpháirtíocht atá ag institiúidí i SAM sna Dámhachtainí Gaeilge Fulbright ó bunaíodh iad in 2006.

"Tá réimse ilghnéitheach d'institiúidí againn atá páirteach sa chlár, ó choláistí beaga saorealaíon go hollscoileanna móra stáit agus coláiste amháin náisiún treibhe chomh maith. Léiríonn an réimse d'institiúidí rannpháirteacha na hábhair spreagtha gan chuntas atá ann chun an Ghaeilge a fhoghlaim, ar a n-áirítear cúinsí ginealaigh, teangeolaíochta agus caithimh aimsire," ar sí. "Chomh maith le deis iontach chun maireachtála agus chun oibre i SAM a sholáthar d'fhaighteoirí, tá roinnt clár samhraidh Gaeltachta beartaithe ag Coimisiún Fulbright le tacú le foghlaimeoirí na teanga ó SAM in Éirinn móide iarchéimeanna trí Ghaeilge ag institiúidí ardoideachais timpeall na tíre."

Tabharfaidh Coimisiún Fulbright faoi thuarascáil ar sholáthar foghlaim Ghaeilge agus múineadh Gaeilge i SAM, san am i láthair agus amach anseo, i gcomhar le hIonad na dTeangacha ag Ollscoil na hÉireann Má Nuad. Cuirfear an tuarascáil i láthair agus pléifear í ag comhdháil óstáilte ag Ollscoil Notre Dame, South Bend, Indiana i mí Bealtaine 2011. Aithneofar féidearthachtaí comhoibrithe don aimsir amach romhainn agus feabhsuithe maidir le múineadh agus foghlaim na Gaeilge i SAM don tréimhse 7-10 mbliana amach romhainn freisin. Tá 6 FLTA agus Scoláire Gaeilge amháin ag múineadh Gaeilge faoi láthair ag institiúidí ar fud na Stát Aontaithe, cosúil le Massachusetts. Nua-Eabhrac agus Indiana.

Crosfhocal 22.10.2010



NODANNA

TRASNA

1 An rud a deir gur fireann nó baineann aon ní (6)
3 Gan aon gruaige, séimh (4)
7 Scairt, béicigh (6)
9 Comórtas rite nó tiomána (3)
11 Ardú na teochta (5)
12 Púdar millte as a ndéantar arán (4)
14 Dúnta, druidte (4)
16 Bó óg (3)
18 Cothrom, féaráilte (4)
19 An fáth nó an tuige a leagan amach (5)
20 'mála' atá mar chuid de do bhriste nó do chóta (4)
23 Traenáil, foghlaim (8)
25 Tógtar é as uisce na mara agus cuirtear ar bhia é chun an blas a fheabhsú (6)
28 Peaca glanta? (5)
29 Duine a dhéanfadh crú do chapall mar shampla (5)
30 Saghas óstlann do thurasóirí ar bheagán airgid (3)

SÍOS

2 An scéal is déanaí (6)
4 Teanga i lár tine (6)
5 Rud go gcaithfear a réiteach (5)
6 Nua (2)
7 Bóthar ag briseadh i dhá bhóthar éagsúil (6)
8 Hata do rí nó bhanríon (6)
10 Ualach ar an intinn (5)
13 Foghlaim, staidéar ag ollscoil (5)
15 Go minic, agus ag amanna áirithe (6)
17 Diúltú, coinníoll (3)
19 Beag, cuid nach bhfuil chomh tábhachtach (4)
21 An scéal atá taobh thiar scéil eile (5)
22 Píosa amháin de ghruaig (4)
24 Téigh ina dhiaidh, seilg (4)
27 Uirlis a úsáidtear le gual te a phiocadh suas (3)

Crosfhocal 08.10.2010

Buaiteoir na Seachtaine seo:
Máire Uí Dhubhgáin
"Dower", Bóithrín na Manach,
Cathair Chorcaí

Duais na seachtaine

Bronnfar dearbhán €20 urraithe ag Cló Iar Chonnacht ar bhuaiteoir na seachtaine.

Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh 27 Deireadh Fómhair, 2010 chuig: Crosfhocal, Gaelscéal, An Chuasnóg, An Spidéal, Co na Gaillimhe.

Ainm .....

Seoladh .....

.....

Fón..... Rphost.....

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
www.cic.ie

Faisnéis do Shaoránaigh

Cuir ceist agus faigh freagra cruinn!

CUIRIMID tús le sraith nua eolais in Gaelscéal na seachtaine seo. Gach seachtain feasta beidh alt againn ag déanamh cur síos ar cheist éigin atá ag déanamh buartha don phobal agus na slite atá ar fáil dóibh le dul i ngleic leis na fadhbanna éagsúla sin. Tá an t-alt á chur ar fáil i gcomhar leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus an suíomh atá acu - **www.citizensinformation.ie**.

Cuireann an suíomh seo faisnéis chuimsitheach ar fáil ar gach gné de na seirbhísí poiblí agus de theidlíochtaí do shaoránaigh in Éirinn.

Tá citizensinformation.ie bunaithe ar chur chuige pearsanta maidir le cur i láthair agus seachadadh faisnéise faoi sheirbhísí poiblí agus faoi chearta sibhialta agus sóisialta gach duine in Éirinn. Bailítear faisnéis ann ó roinnt ranna agus gníomhaireachtaí éagsúla rialtais agus cinntítear go bhfuil an fhaisnéis go léir agat atá de dhíth agus go bhfuil sí curtha i láthair ar bhealach sothuigthe.

Dearadh an suíomh go speisialta le freastal ar riachtanais úsáideoirí le haghaidh na dtréimhsí sin sa saol nuair a bhíonn faisnéis de dhíth ort faoi do chearta agus faoin mbealach le hiarratas a chur isteach do sheirbhísí stáit in Éirinn.

Is tionscnamh de chuid ríomhsheirbhísí rialtas na hÉireann é suíomh gréasáin citizensinformation.ie, agus cuireadh ar bun é faoi chéad phlean gnímh an rialtais don tsochaí faisnéise. Tá suíomh eile ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh do dhaoine atá dífhostaithe nó atá i mbaol na dífhostaíochta. losingyourjob.ie atá ar an suíomh seo.

Rinneadh suíomh maidir le riaráistí cíosa agus morgáiste a fhorbairt i gcomhar leis an tSeirbhís Buiséadaithe agus Comhairle Airgid (SBCA) freisin. keepingyourhome.ie atá ar an suíomh áirithe sin.

Tá Faisnéis do Shaoránaigh ar fáil chomh maith ar an bhfón trí Sheirbhís Teileafóin Faisnéise do Shaoránaigh, Lóghlao 1890 777 121, Luan go hAoine, 9rn - 9in, nó trí chuairt a thabhairt go pearsanta ar an Lárionad Faisnéise do Shaoránaigh i do cheantar féin.

Faigheann an tSeirbhís Teileafóin Faisnéise do Shaoránaigh agus Lárionaid Faisnéise do Shaoránaigh maoiniú agus tacaíocht ón mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

Cuireann siad faisnéis iontaofa, neamhspleách, neamhchlaonta ar fáil do chách saor in aisce.

Cuireann an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh roinnt foilseachán amach faoi do chearta agus do theidlíochtaí chomh maith.

Má tá ceist faoi leith gur mhaith leatsa go bpléifí é san alt seachtainiúil seo, cuir chugainn é ag nuacht@gaelsceal.ie agus seolfar ar aghaidh chuig an mBord é le freagra a fháil.

Bíodh Eolas agat ar do Chearta: Oiliúint do chuardaitheoirí poist

Ceist : Táim dífhostaithe faoi láthair agus ba mhaith liom mo scileanna ríomhaire a fheabhsú ach ní féidir liom íoc as an gcuid is mó de na cúrsaí oiliúna páirtaimseartha a bhfuil suim agam iontu. Cad iad na roghanna atá agam?

Freagra : Tá roinnt cúrsaí saor in aisce ar fáil do chuardaitheoirí poist a dteastaíonn uathu a gcuid scileanna a fheabhsú nó athoiliúint a fháil. Cuireann eagraíochtaí áitiúla nó eagraíochtaí atá bunaithe sa phobal roinnt acu ar fáil agus soláthraíonn FÁS - an tÚdarás Oiliúna agus Fostaíochta Náisiúnta - roinnt cúrsaí eile.

Chun iarratas a chur isteach ar chúrsa oiliúna FÁS, ní mór duit clárú le d'Oifig áitiúil Seirbhísí Fostaíochta FÁS. Cuirfear agallamh ort le fáil amach cén cúrsa a oirfidh is fearr do do chuid riachtanas. Is féidir leat cuardach a dhéanamh ar líne le haghaidh cúrsaí oiliúna FÁS ag fas.ie. Féadfar faisnéis a fháil ó d'Oifig áitiúil Seirbhísí Fostaíochta FÁS freisin faoi chúrsaí eile i do cheantar.

Tugann an Ciste um Ghníomhachtú an Mhargaidh Shaothair tacaíocht do chúrsaí oideachais agus oiliúna do dhaoine dífhostaithe - go háirithe daoine nach bhfuil a lán scileanna acu, a d'oibrigh sa bhfoirgníocht, sa mhiondíol agus sa déantúsaíocht, atá níos óige ná 35 nó atá dífhostaithe le fada. Ritheann roinnt Coistí Gairmoideachais, Institiúidí Teicneolaíochta agus eagraíochtaí eile na cúrsaí. Ní foláir nó go raibh íocaíocht dífhostaíochta á fáil agat ar feadh 3 mhí roimh an gcúrsa a thosú. Féach ar qualifax.ie le haghaidh liosta cúrsaí.

Má tá sé ar intinn agat cúrsa oiliúna páirtaimseartha nó gearrthéarmach a dhéanamh is féidir leat d'íocaíocht leasa shóisialaigh a choimeád agus an cúrsa á dhéanamh agat ar feadh an méid ama céanna is a bheadh tú i dteideal í a choimeád de ghnáth (mar shampla 9 mí nó 12 mhí i gcás Sochar Cuardaitheora Poist).

Más mian leat cúrsa níos faide nó cúrsa lánaimseartha a dhéanamh tá roinnt roghanna ann lena n-áirítear an Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais agus an Liúntas chun Filleadh ar an Oideachas (a bhfuil Rogha um Oideachas Páirtaimseartha san áireamh ann).

Tá tuilleadh eolais le fáil ón Ionad Faisnéise do Shaoránaigh thíos.

Chuir Ionad Faisnéise do Shaoránaigh 'Bíodh Eolas agat ar do Chearta' le chéile. Cuireann an tIonad seo seirbhís shaor in aisce agus faoi rún ar fáil don phobal. Tá faisnéis le fáil freisin ar líne ag <citizensinformation.ie> agus ón tSeirbhís Teileafóin um Fhaisnéis do Shaoránaigh, Íosghlao 1890 777 121.

LOGÁIL ISTEACH
www.citizensinformation.ie

LÓ-GHLAO
1890 777 121
Luan go hAoine 9rn go dtí 9rn

BUAIL ISTEACH
260 ionad ar fud na tíre

Faisnéis sothuigthe!

Buaiteoirí Dhámhachtainí Gaeilge Choimisiún Fulbright 2010-2011, i láthair ag ócáid bronnta a bhí ar siúl i mBaile Átha Cliath i mí Lúnasa. Ó chlé go deas tá buaiteoirí an FLTA, Seán Ó Curraighin (Fear Manach), Marie Darmody (Tiobraid Árainn), Maitiú de Hál (Dún na nGall), Ciara Ryan (Luimneach), Michael Casey (Loch Garman), Siobhán Ní Mhaolagáin, (Baile Átha Cliath) agus ar deireadh, buaiteoir an Dhámachtain do Scoláirí Gaeilge, an Dr. Mark McKinney.

9 I MEASC AN PHOBAIL

Ba bhreá linn pictiúir leatsa in Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag **pic@gaelsceal.ie** Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta ins na pictiúir agus cead faighte agat chun iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar **www.gaelsceal.ie**

I measc na ndaoine a d'fhreastail ar Bhuntáiste Breise na Gaeilge i Leitir Ceanainn le déanaí bhí Micheál Ó Meachair, Loretta Ní Churraighín (Oireachtas na Gaeilge), Caitlín Uí Chochláin (Comhordaitheoir Gaeilge le Comhairle Chontae Dhún na nGall), Caoimhe Ni Chonchoille (RTÉ/TG4) agus Caoimhín Ó Casaide (Múinteoir / Peileadóir).

Sailí Uí Ghiobúin ag bronnadh pictiúir d'Eas Thuar Mhic Éadaigh agus Leabhar an Athar Pádraig Standún ar an Aire Éamon Ó Cuív agus Pádraig Ó hAoláin, Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta ag Oscailt Oifigiúil Halla Pobail Thuar Mhic Éadaigh. (PIC. TRISH FORDE)

Mícheál S Mac Donncha le páistí sráide in Addis Ababa i rith turas go dtí an Aetóip mar chuid d'obair an charthanais GOAL.



Máirtín Ó Cualáin, Máire Ní Chualáin agus Pádraic Ó Fatharta ag seoladh an leabhair Tub-aiste le Brian Ó Baoill i Seanscoil Shailearna, Indreabhán, Co. na Gaillimhe, Dé hAoine seo caite. Is féidir teacht ar an leabhar nua seo ar www.lulu.com. Leabhar le drámaí do dhaoine óga atá i gceist. PIC. SEÁN Ó RAIGHNE

Gerry Geheran agus Treasa Ní Mhurchú ó Bhord Soláthair an Leictreachais a d'fhreastail ar dheireadh seachtaine Gaeilge agus cultúir do dhaoine fásta i nGaeltacht Ráth Chairn, Co. na Mí i rith na seachtaine. Is é seo an tríú bliain do Ghael linn a leithéid seo a reáchtáil, i bpáirt leis an gcomharchumann áitiúil.



Andrew Casey, Seán Ó Drisleáin agus Mark Dooling, ón mBaile Dubh dóibh ar fad, ag oscailt oifigiúil Thionól an Fhómhair 2010 i Leabharlann Charnegie, An Baile Dubh , Port Láirge i rith na seachtaine. (PIC: DAVID CLYNCH)

Aonghus Dwane (Cumann Gaelach na hEaglaise) ag seoladh leabhair nua Liam Mhic Cóil, An Chláirseach agus an Choróinn in Ardteampall Chríost i mBaile Átha Cliath Dé Sathairn seo caite. Sa chúlra tá Liam féin.

Ann Marie Uí Dhubhda agus Áine Mhic Gearailt, Corca Dhuibhne, a chuir agallamh beirte 'Domhan Sláintiúil' i láthair ag Éigse an Fhómhair i gCúil Aodha, Co. Chorcaí. (PIC. SEÁN Ó LOINGSIGH)

SRAITH AIRTRICITY

Todhchaí na Sraithe i Lámha Bohs

Gráinne McElwain

LE seachtain anuas is é scéal Wayne Rooney an scéal is mó i saol sacair na tíre seo agus i Sasana go háirithe. Seo fear atá ag iarraidh níos mó ná céad míle euro in aghaidh na seachtaine a shaothrú agus atá "míshásta" as a bheith ag imirt le Manchain Aontaithe faoi láthair.

Is iomaí scéal atá á scaipeadh ar nós gur thit sé amach le bainisteoir na foirne Alex Ferguson, go bhfuil a shaol pearsanta ag goilliúint go mór air agus go bhfuil níos mó tionchair ag a ghníomhaire ná mar atá sláintiúil ach cibé rud, seans maith go mbeidh sé ag imirt le namhaid mór United, Manchester City, an bhliain seo chugainn. Ach arbh é sin an cinneadh is fearr?

Ní dóigh le mórán daoine gurbh é ach, ó thaobh cúrsaí airgid agus saol gearrthéarmach peileadóirí proifisiúnta de, níl an chuma ar an scéal go bhfuil poll domhain go leor chun plé le saint. Feicfimid an toradh sin ach is scéal brónach é ar bhealach ag 25 bliain d'aois gurb é an t-aon rud a mbíonn tú ag smaoineamh faoi ná airgead.

Nach bhfuil aon rud naofa níos mó?

Ar ndóigh, sa bhaile sa tSraith Airtricity, tá deis iontach ag Bohemians í a buachan an deireadh seachtaine seo nuair a chasfaidh siad le Gaillimh Aontaithe as baile. Ní raibh rudaí ag amharc rómhaith do Bohs níos luaithe sa tsraith. Chaill siad in aghaidh The New Saints as an Bhreatain Bheag san Eoraip, agus ar luach €250,000 chomh maith, ach tá moladh mór tuillte acu as an dóigh a bhfuil siad tar éis a séasúr a thiontú thart.

Bhí Ruagairí na Seamróige ar bharr an tábla níos luaithe sa tsraith nuair a bhuaigh siad 17 cluiche as a chéile ach nuair a tháinig an brú orthu, chaill siad ceithre chluiche as cúig cinn agus iad ag titim go dona in aghaidh Fhine Gall Spórtúil 2-1 coicís ó shin. Fuair Bohs an lámh in uachtar 1-0 ar Naomh Pádraig san oíche chéanna. Anois níl ach dhá chluiche fágtha sa tsraith agus níl ach pointe amháin idir Bohemians agus Ruagairí na Seamróige ar bharr an tábla. Mar sin, más féidir le Bohs an dá chluiche dheireanacha a bhuachan, beidh an tsraith leo arís i mbliana. Ar bhealach, míéagóir ar fad a bheas ag Ruagairí na Seamróige ach mar is eol dúinn ar fad ní bhíonn aon rud féaráilte ná tuillte againn sa spórt. Is le Bohemians anois an tsraith a chailliúint.

Aoine 22 Deireadh Fómhair

Gaillimh Aontaithe v Bohemians @ 19.45

Ruagairí na Seamróige v Droichead Átha Aontaithe @ 20.00

Jason Byrne, Bohemians. (Pic Barry Cregg / SPORTSFILE)

Spáráil sa Spórtlann Dé Sathairn

Gráinne McElwain

BEIDH oíche dhornálaíochta, shiamsaíochta agus cheoil ag Cumann Peile Naomh Anna Dé Sathairn chun airgead a bhailiú don pháirc agus ionad atá acu ar an Máimín i gCeantar na nOileán.

Tá sé seachtainí caite ag daoine sa chlub ag traenáil agus níl le déanamh anois acu ach aghaidh a thabhairt ar a chéile sa chró os comhair cairde, gaolta agus phobal dheisceart Chonamara a bheidh ag bailiú isteach don oíche.

Beidh cluiche sraithe peile i ngrád na sinsear ag a 4.00in ar an Satharn idir Leitir Móir agus Seaimpíní Nua Craoibhe na Gaillimhe, Cill Fhir Iarainn.

Beidh an cluiche idirnáisiúnta peile idir an Astráil agus Éire ar scáileán mór san ionad ina dhiaidh sin agus thart ar a naoi a chlog cuirfear tús leis an dornálaíocht.

I measc na ndornálaithe beidh Antaine 'Toto' Ó Gríofa, ag troid in aghaidh fir as an Pholainn. Beidh roinnt aíonna speisialta ann ar an oíche chomh maith agus tabharfar isteach sa chró iad, cé nach ag dornálaíocht a bheidh siad.

Imeachtaí sa Spórtlann an deireadh seachtaine seo:

Dé hAoine: Comórtas Tallainne F18 @ 7.00in & Daoine Fásta @ 9.15in

Dé Sathairn: Sraith Shinsir Peile - Leitir Móir v Cill Fhir Iarainn @ 4.00in

Éire v Astráil ar scáileán sa Spórtlann ón 6.00in

'Spáráil sa Spórtlann' ón 9.00in

Dioscó ina dhiaidh

Dé Domhnaigh: Na Conquerors sa Spórtlann

Gach eolas: www.naomhanna.ie nó 091-551961

Imreoirí Liathróid Láimhe thall i gCalifornia

BEIDH roinnt de na himreoirí Éireannacha is fearr ag imirt liathróid láimhe thall i gCalifornia, Meiriceá an deireadh seachtaine seo sa US Open.

Beidh Michael " Ducksy" Walsh as Cill Chainnigh agus Tom Sheridan ó Chontae na Mí ag imirt i gcomórtas liathróid láimhe dúbailte na bhfear. Faigheann Eoin Kennedy ó Bhaile Átha Cliath agus Dessie Keegan as Maigh Eo cead dul ar aghaidh go dtí an babhta ceathrú ceannais agus seans maith go mbeidh siad ag imirt in aghaidh Armanda Ortiz agus Eddie Morales ó California sa bhabhta sin.

Ar an taobh eile den tarraingt, feicfear Michael Gregan ó Chill Mhantáin agus Robbie McCarthy ón Iarmhí ag tabhairt aghaidh ar Arizona Vern agus Christopher Roberts ina gcéad chluiche. Má bhuann siad, casfaidh siad le Bill Mehilds agus Dane Szatkowski sa bhabhta ceathrú ceannais.

Is í Aisling Reilly ó Aontroim rogha na n-údar chun comórtas singil na mban a bhaint agus beidh sí $4000 níos fearr as má éiríonn léi. Bhuaigh sí an Comórtas Náisiúnta sna Stáit Aontaithe níos luaithe i mbliana.

Sraith na Gealaí 2010/2011 ag tosú go luath!

Meadhbh Ní Eadhra

Beidh an séasúr nua de Shraith na Gealaí, sraith sacair (seachtar an taobh), ag tosú ag tús mhí na Samhna. Maireann gach cluiche sa tsraith ar feadh ceathracha nóiméad, is é sin fiche nóiméad an taobh. Caithfidh deich n-imreoir a bheith ar gach foireann, seachtar acu ag imirt ag aon am amháin agus triúr ionadaí. Tá rialacha éagsúla ag baint leis an tsraith, agus is féidir iad go léir a léamh ar an suíomh gréasáin. Caithfidh gach imreoir a bheith sé bliana déag d'aois nó níos sine. Ó thaobh an chórais scórála de, bronnfar dhá phointe ar an bhfoireann bhuacach agus pointe amháin ar na foirne á chríochnaíonn ar comhscór. Caithfear cloí leis an bpainéal céanna ó thús na sraithe agus má imríonn duine nach bhfuil cláraithe caillfidh an fhoireann sin an cluiche.

Is féidir an fhoirm iarratais a íoslódáil ar www.paircastro.com/index.htm agus é a sheoladh ar ais chuig Oifig an Chomhfhiontair ar an gCeathrú Rua (trasna ó Tí Mhicí). Is féidir an fhoirm a fháil ón oifig freisin ach glaoch a chur ar 091-869744.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 22 Deireadh Fómhair, 2010

"an-ionadh orm gur ligeadh Seán Óg Ó hAilpín as painéal iomána Chorcaí"

John Allen

Bhí an-ionadh orm gur ligeadh Seán Óg Ó hAilpín as painéal iomána Chorcaí don chéad séasúr eile. Tháinig an cinneadh aniar aduaidh orainn go léir.

Chuireas aithne ar an laoch tuairim is trí bliana déag ó shin nuair a bhí sé ag obair leis an mBord Contae ag dul timpeall chuig cúpla scoil i gcathair Chorcaí ag cóitseáil . Bhí sé ina fhear uasal ansin agus tá sé mar an gcéanna fós.

Tá na craobhacha contae á n-imirt go tiubh is go tréan na laethanta seo . I gCorcaigh is iad na Sáirséalaigh seaimpíní nua na hiomána, tá trí chraobh i ndiaidh a chéile imeartha acu agus dhá cheann buaite. Thug foireann na cathrach Fánaithe an Ghleanna an-chluiche dóibh ach chríochnaigh foireann oirthear Chorcaí níos láidre agus thug siad leo Corn Uí Mhurchú agus dhá chúilín le spáráil acu.

Bíonn lucht leanta na foirne contae i gcónaí ag faire amach d'imreoirí nua don fhoireann sinsir . Sa chraobh seo thaispeáin Conor O' Sullivan, Cian McCarthy agus Tadhg Óg Murphy ós na Sáirséalaigh agus Stephen McDonnell agus Dean Brosnan go bhfuil mianach iontu agus seans ann go gcloisfimid a n-ainmneacha sna blianta amach romhainn agus iad ag déanamh a ndíchill corn Liam McCarthy a thabhairt ar ais cois Laoi.

Fógraíodh na réaltaí uile-Éireann sa pheil agus iomáint le déanaí. Bíonn conspóid ag baint leis an fhoireann i gcónaí . Faraor, ní féidir gach duine a shásamh agus is deacair an t-iománaí ar an gclaí a choimeád sásta. Maidir leis an fhoireann pheile cheapas go raibh an t-ádh dearg ar Graham Canty a bheith roghnaithe agus go raibh mí-ádh ar Daniel Goulding agus Donnacha O'Connor gan gradam a fháil . Níl aon dabht ach go raibh gradam imreoir na bliana tuillte ag Bernard Brogan . Rinne se éacht i mbeagnach gach cluiche do na Dubs i mbliana.

Séan Óg Ó hAilpín. (PIC. RAY MCMANUS / SPORTSFILE)

Cheapas go raibh an fhoireann iomána maith go leor ach cinnte tá sé dian ar leithéidí Pádraig Maher agus Shane Cavanagh, nach bhfuair gradam iomána. Ach sin mar a théann sé agus caithfidh siad go léir tosú arís ag tosach na bliana agus an t-ardchaighdeán a bhaint amach arís .Bhí áthas orm gur ainmníodh Lar Corbett mar iománaí na bliana. Is iontach an t-imreoir é. Ar pháirc na himeartha tá súile seabhaic aige agus lámha draíochta. Is fear uasal é freisin . Rinne sé a phíosa staire féin le trí chúl sa chraobhchluiche i mbliana agus is iomaí scór iontach atá faighte aige thar na blianta.

Piocfaidh an GPA a réaltaí féin sar i bhfad. I mo thuairim tá níos mó fiúntais ag baint leis na gradaim seo mar is iad imreoirí na tíre a phiocann iad.

Ach b'fhéidir go bhfuil sé in am foireann amháin a phiocadh gach bliain agus roghnóirí a bheith déanta suas as imreoirí , iar-imreoirí, iar-bhainisteoirí agus na meáin.

An deireadh seachtaine seo tosóidh sraith pheile na gcomhrialacha.

Níor imríodh anuraidh é de bharr an chúlaithe eacnamaíochta ach is maith an rud go bhfuil se ar siúl arís i mbliana.

Ta cuid maith oibre déanta ag Anthony Tohill agus a fhoireann bhainistíochta le cinntiú go dtéann na himreoirí is fearr chun páirce ar an dá lá. Dar ndóigh tá sé deacair é sin a dhéanamh agus na craobhacha contae faoi lán tseoil.

Ach tá scuad roghnaithe agus, cosúil leis na Réaltaí Uile-Éireann ,d'fhéadfá scuad a roghnú a bheadh chomh maith leis ach is ar Tohill atá an brú na fir is fearr a phiocadh agus caithfimid muinín a bheith ann go bhfuil a leithéid déanta.

Go pearsanta, is maith liom na cluichí seo . Is spórt tapaidh fisicúil é. Is mór an buntáiste é bheith láidir, aclaí. Bíonn ar na himreoirí dul i dtaithí ar chluiche nua go tapaidh agus na rialacha nua a fhoghlaim gan mhoill. Freisin, is mór an onóir é léine na hÉireann a chaitheamh . Chomh maith leis sin is maith an rud é go bhfaigheann imreoirí ó chontaetha taobh amuigh de na cinn láidre seans ar imirt leis an fhoireann náisiúnta. Nach iontach an rud é go bhfuil Leighton Glynn (Cill Mhantáin), Paddy Keenan (Lú), Brendan Murphy (Ceatharlach) agus Seán McDermott (Ros Comáin) roghnaithe ar an bpainéal láidir seo .

Tugann Tadhg Kennelly agus Tommy Walsh, atá ag imirt go lánaimseartha san Astráil, sórt buntáiste d'fhoireann na hÉireann mar go bhfuil eolas acu ar na himreoirí atá ar painéal na hAstráile.

Mar sin táimid ag súil leis an Domhnach agus an chéad chluiche ar siúl i bPáirc na nGael i Luimneach. Tá súil agam go mbeidh sé spórtúil agus go mbuafaidh leaids na hÉireann.

Gradam eile Iomána do Thiobraid Árann

IS é Séamus Hennessey as Tiobraid Árann a roghnaíodh mar Iománaí na Bliana Bord Gáis Faoi 21. Ar an ghearrliosta in éineacht leis an imreoir lár páirce ó Chumann Chill Ruáin Mhic Dhonnacha bhí imreoirí eile óna chontae féin, Brian O'Meara agus Brendan Maher, chomh maith le David Burke na Gaillimhe, Liam Rushe as Áth Cliath agus an té a bhuaigh an gradam seo anuraidh, Darach Honan as an Chlár.

Ach an oiread leis an dearbhán ar luach €1,000 atá buaite ag Hennessey, bhuaigh sé dhá bhonn iomána uile-Éireann in aon seachtain amháin i mbliana, leis na sinsir in aghaidh Chill Chainnigh agus leis an fhoireann F21 in aghaidh na Gaillimhe. Bhí an-taispeántas aige i nDurlas Éile sa chluiche ceannais F21 ag stiúradh na himeartha as lár na páirce, ach ní féidir dearmad a dhéanamh ar an phoc éirice a scóráil sé in aghaidh Chorcaí i gCraobh na Mumhan chun iad a choinnéail sa chomórtas F21 nuair a bhí siad beagnach buailte. Ní amháin go raibh sé go maith ón imirt i mbliana ach bhí sé thar barr ó phocanna saora chomh maith.

Ba iad Mícheál Ó Domhnaill (TG4), Marty Morrissey (RTÉ), Ger Cunningham (Bord Gáis) agus Joe Canning (Ambasadóir Bhord Gáis / Gaillimh) a roghnaigh an buaiteoir.

Séamus Hennessy a bhuaigh Imreoir na Bliana Bord Gáis f-21. (Pic. Matt Browne / SPORTSFILE)

Rugbaí: Babhta 6 de Shraith Magners

Gráinne McElwain

TÁ coicís de chomórtais na hEorpa díreach críochnaithe agus ní fada uainn na cluichí idirnáisiúnta i mí na Samhna. I Staid Aviva tabharfaidh foireann na hÉireann aghaidh ar an Afraic Theas, Samó, an Nua-Shéalainn agus an Airgintín ceithre dheireadh seachtaine as a chéile agus ar ndóigh tá an painéal roghnaithe chomh maith. Ach idir sin agus seo beidh na himreoirí sin ag filleadh do bhabhta a 6 do Shraith Magners.

Beidh Cúige Uladh ag taisteal go Murrayfield chun aghaidh a thabhairt ar Edinburgh arís. Ar ndóigh bhuaigh na hUltaigh i Ravenhill (29-21) orthu i lár na míosa seo caite. Bhí ocht gcinn de chluichí buaite as a chéile ag Cúige Uladh go dtí gur chaill siad in aghaidh Biarritz (35-15) Dé Domhnaigh seo caite. Ghéill siad ceithre úd sa chluiche sa bhFrainc ach is foireann iad nár éirigh go maith leo as baile sa Fhrainc roimhe sin ach an oiread.

Beidh siad ag súil go bhfeabhsóidh siad go mór an deireadh seachtaine seo. Cé go bhfuil siad sa tríú háit ar chlár na bpointí sa Magners is iad an t-aon fhoireann sa chomórtas nach bhfuil aon chluiche caillte fós acu ann. Tá na himreoirí

John Hayes, Cúige Mumhan (PIC. BRENDAN MORAN / SPORTSFILE)

idirnáisiúnta atá ainmnithe ag Declan Kidney ar fad ar fáil dóibh, mar sin beidh foireann láidir amuigh acu.

Sa naoú háit ar chlár na bpointí atá Edinburgh le dhá chluiche buaite agus trí cinn caillte. Chaill siad sa bhaile in aghaidh Chúige Mumhan (13-16) ach bhí bua slachtmhar acu ina dhiaidh sin sa bhaile in aghaidh Chúige Laighean (32-24) nuair nach raibh Cúige Laighean ag déanamh go rómhaith. Chaill siad an dá chluiche a bhí acu i gCorn Heineken le coicís anuas.

An cluiche is deireanaí a bhí acu ná ceann na seachtaine seo caite agus iad sa bhaile in aghaidh Northampton, cluiche a chaill siad (27-31).

Bua: Cúige Uladh

B'fhéidir gur cuireadh roinnt ceisteanna faoi Chúige Mumhan nuair a chaill siad in aghaidh Chúige Laighean sa bhabhta deireanach den tsraith, ach tá cúpla freagra tugtha ag an fhoireann ó shin. Chroch siad leo pointí bónais i gCorn na hEorpa nuair a chaill siad in aghaidh London Irish (17-23) as baile agus rinne siad scrios ar Toulon (45-18) i Staid Thuamhain an deireadh seachtaine seo caite. Tá siad ar bharr ghrúpa a 3 sa chomórtas sin agus ar bharr thábla Magners chomh maith agus níl mórán seans ann go dtiocfaidh athrú air sin an deireadh seachtaine seo nuair a thabharfaidh siad aghaidh ar Benetton Treviso. Tá na hIodálaigh buailte ceithre huaire ag Cúige Mumhan agus níl aon phointe faighte acu ar an bhóthar ó thús an chomórtais. Beidh sé fisiciúil, mar a bhíonn sé i gcónaí in aghaidh na nIodálaithe ach beidh neart ag Cúige Mumhan ar an oíche chun an bua a fháil.

Bua: Cúige Mumhan

Ar an Domhnach tabharfaidh Connacht agus Cúige Laighean aghaidh ar a chéile sa Sportsground. Le dhá bhliain anuas d'imir na foirne in aghaidh a chéile ceithre huaire agus bhuaigh an dá fhoireann an dá chluiche baile a bhí acu in aghaidh a chéile. Aon uair go dtagann Cúigí na hÉireann in aghaidh a chéile bíonn sé dian agus fisiciúil ach beidh roinnt imreoirí ag cuimhneamh ar na cluichí idirnáisiúnta chomh maith agus iad ag iarraidh na háiteacha atá acu a chinntiú, go háirithe buachaillí an iarthair, mar sin ba cheart go mbeadh sé beagáinín níos géire ná roinnt eile de na cluichí.

Bhí bua maith ag Connacht sa bhaile i gCorn Amlin Challenge in aghaidh Bayonne (16-13) an deireadh seachtaine seo caite, go háirithe nuair a chuimhníonn tú ar an díomá a bhí orthu tar éis gur chaill siad amuigh san Iodáil an tseachtain roimhe sin. Tabharfaidh an bua in aghaidh Bayonne anmhisneach dóibh arís go bhfuil siad ar ais ar an bhóthar ceart agus tá siad áit amháin chun cinn ar Chúige Laighean ar thábla na bpointí faoi láthair sa seachtú háit. Deirtear go mbeidh an frapa Jamie Hagan ar fáil cé go raibh sé bacach go maith ag fágáil na páirce in aghaidh Bayonne. Níl aon chluiche caillte sa bhaile acu ó chaill siad i gCluiche Leathcheannais Challenge na hEorpa an séasúr seo caite.

Seo é an ceathrú cluiche ag Cúige Laighean ag imirt as baile agus níl muid ach i mBabhta 6. Níl aon cheann de na cluichí sin buaite acu ach tá athrú mór tagtha ar an fhoireann ó bhuaigh siad ar Chúige Mumhan i mBabhta 4 i Staid Aviva (13-9). Bhuaigh siad an dá chluiche a bhí acu i gCorn Heineken ó shin in aghaidh Racing Metro 92 (38-22) san RDS agus an bua is fearr a bhí acu le fada an lá, i Staid Wembley in aghaidh Saracens (25-23). Is beag duine atá ag ceistniú cé chomh maith is atá Joe Schmidt, cóitseálaí na foirne, anois.

Bua: Cúige Laighean

Dé hAoine, 22 Deireadh Fómhair
Edinburgh v CÚIGE ULADH
Murrayfield @ 7.05in
CÚIGE MUMHAN v Benetton Treviso
Páirc Thuamhain @ 7.45in
Dé Sathairn, 23 Deireadh Fómhair
CONNACHT v CÚIGE LAIGHEAN
Sportsground @ 6.05in

Rath ar Lá Spóirt le Gaeilge in UCD

Cuid de na himreoirí a ghlac páirt i Lá Spóirt le Gaeilge UCD le déanaí. Pic: Dáire Ó Braonáin.

Meadhbh Ní Eadhra

BHÍ 300 imreoir ag glacadh páirte i Lá Spórt na nEolaíochtaí Sláinte UCD le déanaí, agus os cionn 50 duine eile ag cabhrú agus ag feidhmiú mar réiteoirí agus mar sin de. D'eagraigh ionadaí ranga ón 3ú bliain Leighis, Aoife Nic Shamhráin (mac léinn de chuid Scéim Chónaithe Bhord na Gaeilge UCD), an lá iontach seo agus is cinnte gur éirigh go hiontach léi! Comórtas Sacair le Gaeilge a bhí ann le foireann ó na hábhair seo a leanas: Leigheas, Fisiteirpe, Altranas agus Cnáimhseachas. Bhí an bua ag an Rang Leighis, bliain 1. Bailíodh €2118 don charthanas 'Cumann Ailse na hÉireann' ar an lá.

Cad atá na hAstrálaigh a rá?

Gráinne McElwain

TÁ go leor den mhéid atá lucht bainistíochta na hAstráile a rá le léamh sna nuachtáin anseo, ach tá roinnt rudaí a scríobh siad san Astráil faoin gcomórtas seo a thugann léargas dúinn ar cé chomh haisteach is atá an pheil do na cuairteoirí mar a imrítear anseo é. Dhá rud a sheasann amach dóibh agus sin iad an liathróid lena n-imríonn muid agus an ról a bhíonn ag cúl báire sa chluiche.

Is é an cur síos a dhéantar ar an liathróid peile sa Herald Sun a foilsíodh san Astráil i rith na seachtaine ná "*a cross between a soccer ball and a volleyball.*"

Ar ndóigh tógfaidh sé píosa dul i gcleachtadh ar an liathróid sin ach dúirt oiliúnóir cúnta na foirne, Glen Jakovich, go bhfuil ag éirí go maith leo air sin, go bhfuil captaen na foirne, Adam Goodes, iontach leis an pheil agus go bhfuil Bryce Gibbs anmhaith. Luaigh sé roinnt eile chomh maith ar an phainéal de 23 atá ag feabhsú ach gurb iad siúd is mó a sheas amach i lár na seachtaine.

Is é Dustin Fletcher ó Essendeon atá 35 bliain d'aois, an t-imreoir is sine atá fós ag imirt san AFL, a bheas istigh idir na cuaillí do na hAstrálaigh. Ní raibh sé ar an fhoireann in 2008 a chaill an tsraith ach bhí sé mar chaptaen ar an fhoireann in 2006 nuair a bhí Kevin Sheedy mar bhainisteoir.

Níor lig sé ach aon chúl amháin isteach an bhliain sin, nó '*under*' mar atá siad ag tabhairt ar chúl, agus bhuaigh siad an tsraith in aghaidh na nÉireannach an bhliain sin.

In 2008 lig foireann na hAstráile 7 gcúl isteach agus níor chaill siad an tsraith ach le 5 chúilín, sin bearna atá níos lú ná aon chúl amháin gur fiú 6 chúilín é. Sin é an fáth gur cuireadh fios ar Fletcher arís.

Dúirt sé, "Níl sé éasca sa chúl mar nach bhfuil a leithéid d'imreoir san AFL agus nach féidir leat mórán a dhéanamh in amanna, ach nach bhfuil aon rogha agat ach dul i dtreo na liathróide nuair atá ansin " a deir sé. "Téann tú i gcleachtadh air, ach caithfidh tú tú féin a dhéanamh mór. Muinín an rud is tábhachtaí ansin maidir leis an chic amach."

Críochnóidh mé le cur síos amháin eile a rinneadh sa Sydney Morning Herald nuair a luaigh siad Seán Óg Ó hAilpín. Is é an bealach gur cuireadh i láthair é ná "*the older brother of Carlton's Setanta.*" Níl a fhios agam ar tugadh "*the older brother of Setanta*" riamh ar Shéan Óg.

Éire réidh chun aghaidh a thabhairt ar fhoireann na hAstráile. (PIC. BARRY CREGG / SPORTSFILE)

Béim á chur ar an chéad chluiche

ÉIRE v AN ASTRÁIL – Beo ar TG4 @ 6.00

Dé Sathairn, 23ú Deireadh Fómhair @ 7.00: Páirc na nGael
Dé Domhnaigh, 30ú Deireadh Fómhair @ 7.00: Páirc an Chrócaigh

Gráinne McElwain

Cibé fhoireann a bhuaigh an chéad chluiche sna comórtais Rialacha Idirnáisiúnta le blianta anuas, is iad a chroch leo an corn.

Tharla sé gach bliain ó 1998 agus seo é an deichiú comórtas ó shin. Eisceacht a bhí ann i 1998 nuair a bhuaigh na hÉireannaigh an tsraith, mar gur chaill siad an chéad chluiche an bhliain sin i bPáirc an Chrócaigh.

Ní aon iontas é mar sin go bhfuil bainisteoir na hÉireann, Anthony Tohill agus a chriú, ag cur béim mhór ar an chéad chluiche a bheidh ar siúl i bPáirc na nGael an deireadh seachtaine seo.

Tá a fhios ag Tohill go maith gur ag feabhsú leo a bheas foireann na hAstráile. Beidh siad ag teacht isteach ar an chluiche, beidh siad ag dul i dtaithí ar an liathróid agus mar fhoireann beidh forbairt ag teacht ar an ghaol atá idir na h-imreoirí agus an lucht bainistíochta. Sula dtarlaíonn sé sin, tá sé tábhachtach leas a bhaint as an easpa taithí agus an aithne atá acu ar a chéile chun an bua a fháil sa chéad chluiche.

Cúis eile go bhfuil tábhacht breise ag baint leis an chéad chluiche sin ná mar go b'iad an fhoireann a bhí ag imirt as baile le dhá shraith anuas a bhuaigh Corn Chormaic McAnallen. Is cinnte go mba mhaith le foireann na hÉireann an patrún sin a bhriseadh agus chun é sin a dhéanamh tá go leor oibre déanta acu ar an stíl peile a bheidh acu. Ina chuid cainte leis na meáin tá sé ráite ag Anthony Tohill agus captaen na foirne, Steven McDonell go bhfuil go leor oibre déanta acu ar an ghreamú ach go bhfuil siad ag díriú isteach ar an chomh-imirt, gan aon mhoill a dhéanamh leis an pheil agus go mbeidh imreoir eile i gcónaí ar fáil chun an pas a thógáil. Gné eile a bhfuil roinnt oibre déanta acu air ná nuair an pheil ar an talamh mar is beag taithí atá ag an Astráil ar na 'scileanna sacair'. Is plean é sin a d'oibrigh go maith d'Éire i 2001 nuair a bhuaigh siad an dhá chluiche an bhliain sin agus b'é Tohill a bhí ina chaptaen ar an fhoireann sin.

Tá roinnt imreoirí a bhí ar an phainéal nach bhfuil ar fáil do Anthony Tohill. Beidh Michael Shields (Corcaigh) ag imirt lena chlub Naomh Fionnbarra i gCluiche Ceannais Peile Chorcaí in aghaidh Raonaithe Nemo ag an deireadh seachtaine agus ní bheidh Benny Coulter (teannán na h-ioscaide) ar fáil ach an oiread. Deirtear go mbeidh an bheirt acu ar ais don dara cluiche i bPáirc an Chrócaigh. Tagann Niall McNamee (Uíbh Fháilí) agus Emmett Bolton (Cill Dara) isteach ar an phainéal do 23. Níos mó ná blianta eile tá go leor imreoirí tugtha isteach nár imir cheanna ar nós Bernard Brogan, Daniel Goulding, James Kavanagh agus tuilleadh eile nach iad. Tá ceathrar a bhfuil taithí acu san AFL – Colm Begley, Martin Clarke, Tadhg Kennelly, Tommy Walsh - tá taithí ag Michael Shields chomh maith ach mar a luaigh mé níos luaithe, ní bheidh sé ar fáil. Tá sé uafásach deacair é a mheas cé chomh maith is a bheas foireann na hÉireann, nó cé chomh maith is a bheas foireann na hAstráile mar nach bhfuil aon leanúnachas ag baint leis an chomórtas. Ní féidir leat an tsraith a bhuachan sa chéad chluiche ach is féidir leat é a chailleadh ann má bhuailtear go dona thú.

Is féidir a bheith cinnte de mar sin nach mbeidh aon duine ag seasamh siar agus iad ag iarraidh an bhua a fháil sa chéad chluiche i bPáirc na nGael.